



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Tuarascáil Bhliantúil

2020

www.sportireland.ie

@sportireland

Tuarascáil Bhliantúil Spóirt Éireann 2020

Clár Ábhar

Forbhreathnú.....	2
1. Ráiteas an Chathaoirligh	4
2. Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	6
Struchtúr Spóirt Éireann.....	8
3. Bord Spóirt Éireann	8
4. Baill Foirne Spóirt Éireann	13
5. Forbhreathnú ar Choistí Spóirt Éireann	16
Forbhreathnú ar Fheidhmíocht.....	18
6. Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.....	18
7. Ardfeidhmíocht	24
8. Institiúid Spóirt Éireann	29
9. Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann	35
10. Campas Spóirt Éireann	38
11. Aonad Cóitseála Spóirt Éireann	40
12. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.....	42
13. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Mná sa Spóirt.....	47
14. Tras-chomhoibriú	50
15. Aonad Eitice Spóirt Éireann	56
16. Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir	60
Buaicphointí an Chláir	61
17. An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta.....	64

18.	An tAonad Taighde	68
19.	Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt	70
20.	Gníomhaíocht Chorpharáideach	76
21.	An Grúpa Formhaoirseachta Rialachais ar Chumann Peile na hÉireann.....	77
22.	Pleanáil Straitéise agus Bhliantúil.....	79
23.	Nochtadh Cosanta	81
24.	Comhlíonadh Spóirt Éireann	81
25.	Aguisíní.....	89

Forbhreathnú

Fís Spóirt Éireann:

Earnáil spóirt den chéad scoth atá ag obair de réir na gcaighdeán rialachais agus cuntasachta is airde agus ag rannchuidiú le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach.

Misean Spóirt Éireann:

Treoraíonn Spóirt Éireann an clár oibre náisiúnta spóirt ar na bealaí seo:

- Luach an spóirt a chur in iúl agus dul i gceannas ar an smaointeoireacht ar an spóirt
- Cultúr cuimsitheach cóir a chur chun cinn
- Luach a ghiniúint ó acmhainní finideacha
- Eagraíochtaí láidre spóirt a thógáil
- An coincheap um ‘spóirt ar feadh an tsaoil do gach duine’ a bhaint amach
- Tacú le rath ardfheidhmíochta

Luachanna Spóirt Éireann:

Aithníonn Spóirt Éireann gurb ann do luachanna atá ina gcuid dhílis d’fhorbairt an Spóirt in Éirinn.

Imreoir: Tá meas againn ar an gceart atá ag gach duine infheistiú sa spóirt, páirt a ghlacadh sa spóirt agus lán a gcumais a bhaint amach sa spóirt **Foireann:** Oibrímid i gcomhar chun spriocanna comhroinnte a bhaint amach

Cothrom na Féinne: Ní mór forbairt an spóirt a bheith bunaithe ar éiteas láidir chothrom na Féinne

Cruinneas: Gintear an-phaisean as an spórt; ní mór é a bheith cruinn freisin ina thaispeáint cén leas is féidir le daoine agus le pobail a bhaint as

Taighde: Bonn cimpíreach leis an gcleachtas agus leis an taighde is ea cláir láidre thaighde

1. Ráiteas an Chathaoirligh

Bliain a raibh an-ghealladh fúithi ba ea an bhliain 2020. I Ráiteas an Chathaoirligh sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2019, rinne mé machnamh ar phaindéim Covid-19 a bhí fós ag luathchéim. Cé go raibh na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha iarchurtha cheana féin go ceann dhá mhí dhéag, ba bheag a shíleamar ag an am go mbeimis fós ag déileáil leis an scéal bliain iomlán ina dhiaidh sin.

Is le gach géarchéim a ghabhann deiseanna móra, áfach. Le linn na bliana 2020, d'fhreagair agus d'oiriúnaigh córas spóirt iomlán na hÉireann do shraith imthosca nach bhfacthas a leithéid riamh trí chur chuige comhoibríoch, nuálach agus bríomhar a ghlacadh chun an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur ag croílár fhreagairt na hÉireann do phaindéim Covid-19.

Bhí sé sin le feiceáil sa taighde léirsteanach a rinne Spóirt Éireann sa bhliain 2020, rud inar léiríodh gurbh airde an líon aosach a bhí páirteach sa spórt agus i siúl áineasa le linn srianta Covid-19 a bheith i bhfeidhm ná ag am ar bith riamh i stair thaighde Spóirt Éireann.

Go deimhin, thug an Rialtas aitheantas don ról tábhachtach a d'imir an earnáil spóirt maidir le tacú le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte mhuintir na tíre le linn na bliana 2020. Ar an gcéad dul síos, ba dhearfach an rud é gur cuireadh an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil ar áireamh sna pleananna éagsúla a raibh mar aidhm leo tionchar Covid-19 a mhaolú, rud a chuir ar chumas na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt leanúint le dul i dteagmháil lena rannpháirtithe, ach i dtimpeallacht nua an babhta sin.

Ar an dara dul síos, tugadh faoiseamh suntasach do chomhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann agus dá gcuid clubanna agus cleamhnaithe nuair a leithdháileadh pacáiste cistiúcháin €85 mhilliún ar earnáil spóirt a bhí buailte go mór ag na srianta éagsúla a forchuireadh ó mhí an Mhárta 2020 i leith chun déileáil le paindéim Covid-19. Ba é an toradh a bhí ar an gcistiú sin gur tugadh cobhsaíocht airgeadais a raibh géarghá léi don earnáil ar fad agus gur tugadh muinín d'eagraíochtaí leanúint orthu ag trádáil le linn tréimhse dheacair. Ba é a bhí sa chistiú ná aitheantas soiléir ón Rialtas do mhórtionchar eacnamaíoch agus sóisialta an spóirt agus do na costais shuntasacha a thiocthadh as an bhfíorbhagairt go rachadh comhlachtaí spóirt chun dócmhainneachta.

Beag beann ar na himthosca thar a bheith mí-ámharach, bhí an infheistíocht a rinne Spóirt Éireann sa bhliain 2020 ar an bpacáiste infheistíochta is mó riamh don spórt. Cuireadh arís eile leis an infheistíocht sin nuair a deimhníodh i mBuiséad 2021 go mbeadh méadú suntasach ann i gcistiú don spórt sa bhliain 2021. Threisigh sé sin an mhuinín atá ann go bhfuil tacaíocht ar fáil agus táimid ag tnúth lena bheith ag obair le gach ceann dár gcomhlachtaí cistithe chun freastal ar a gcuid riachtanas sa bhliain 2021.

Cé gur chuir an phaindéim srian mór leis an ngníomhaíocht ar an bpáirc imeartha, lean Spóirt Éireann le cur chun feidhme a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus ar Straitéis Spóirt Éireann 2018-2022. Tá an obair sin ar fad leagtha amach go mion sa tuarascáil seo agus tá sí ina teist ar dhíograis na ndaoine uile lena mbaineann, ar ghá dóibh oiriúnú don timpeallacht cianoibre nua.

Cé go raibh tionchar diúltach ag an bpaindéim ar an líon cuairteoirí ar Champas Spóirt Éireann, cabhraíodh go mór lenár scoth-lúthchleasaithe leanúint lena gcuid traenála a bhuí leis na díolúintí éagsúla a tugadh dóibh. Idir é sin agus an iarracht iontach a rinne baill foirne Institiúid Spóirt Éireann, bhí ár lúthchleasaithe i riocht sármhaith a luaithe a maolaíodh srianta agus a atosáíodh comórtais.

Tá forbairt leanúnach Champas Spóirt Éireann ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá ag Bord Spóirt Éireann agus tá sí ar cheann de dhearbhfhrionsabail na Straitéise Náisiúnta Spóirt. Tá roinnt pleananna an-chorraitheach á bhforbairt don Champas, a fhágfaidh go mbeidh cuid mhór daoine in éad léi agus iad curtha chun feidhme. Eachtra thábhachtach don spórt sa tír seo a bheidh i bhfoilsíú an Mháistirphlean don Champas sa bhliain 2021, agus táimid ag tnúth go mór leis na torthaí a thiocfaidh as sin a fheiceáil thar na blianta atá romhainn.

Mar atá léirithe sa doiciméad seo, tá rialachas agus forbairt acmhainneachta laistigh dár gcomhlachtaí cistithe níos tábhachtaí anois ná ag am ar bith riamh. Rinneadh dul chun cinn seasta ina leith sin agus an bhliain 2021 ag teannadh linn, tráth a bheidh an Cód Rialachais don Spórt le cur chun feidhme ina iomláine. Cé go bhfáiltítear roimh an dul chun cinn sin, is eol go maith dúinn gur gá tuilleadh a dhéanamh ar mhaithe leis an sprioc sin a bhaint amach. Leanaimid le gach comhlacht cistithe a spreagadh leanúint lena gcuid oibre chun an Cód a ghlacadh ina iomláine; beidh spórt na hÉireann i bhfad níos fearr dá bharr.

Tháinig athrú ar an Rialtas i mí an Mheithimh 2020, agus Spóirt Éireann ag teacht faoi choimirce Roinn Rialtais nua tamaillín ina dhiaidh sin. I mbliain an-dúshlánach, is an-mhór ag Spóirt Éireann an tacaíocht a fuair sé ó na hAirí agus na Ranna roimhe agus nua araon sa bhliain 2020.

Thug Shane Ross agus Brendan Griffin, na hAirí roimhe, cúnaimh suntasach do Spóirt Éireann sa chéad chuid den bhliain 2020 agus sna blianta roimhe, rud a chuir ar ár gcumas cloí leis an misean atá againn caighdeáin a fheabhsú sa spórt ardfheidhmíochta agus rátaí rannpháirtíochta a mhéadú.

Lean Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Jack Chambers, an tAire Stáit don Spórt agus don Ghaeltacht, leis an tacaíocht sin a thabhairt, go háirithe maidir le cistiú breise a áirithiú. Cuirfidh sé sin ar chumas Spóirt Éireann leanúint le tacú le forbairt inbhuanaithe earnáil spóirt na hÉireann trí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus tacú le téarnamh na hearnála ag an am céanna. Ní féidir an obair luachmhar a dhéanann eagraíochtaí a fhaigheann cistiú ó Spóirt Éireann deiseanna a sholáthar do gach duine páirt a ghlacadh sa spórt, beag beann ar a n-aois, a gcúlra agus a gcumas, a mheas faoina luach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas agus ómós a thabhairt do Choiste Feidhmiúcháin Spóirt Éireann, do mo chomhghleacaithe ar an mBord agus do na Comhaltaí Coiste as a gcuid oibre dícheallaí dochloíte ar fud na bliana 2020.

Kieran Mulvey

2. Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Is í seo an tuarascáil bhliantúil ó Spóirt Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Tá sí á cur faoi bhráid an Aire Spóirt mar a cheanglaítear faoi alt 17 den Acht um Spóirt Éireann, 2015.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomhghnéithe den obair a dhéanann Spóirt Éireann, lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- an líon daoine a ghlacann páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil
- ardfeidhmíocht a chothú trína chinntiú go dtiocfaidh feabhas ar fheidhmíocht na hÉireann sa scothspóirt idirnáisiúnta; agus
- acmhainneacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a mhéadú; agus
- leanúint le Campas Spóirt Éireann a fhorbairt

Téama a tháinig chun cinn arís agus arís eile thar an dá mhí dhéag seo a chuaigh thart ba ea athléimneacht. Léirigh an tsochaí an-athléimneacht agus í ag déileáil le staid nach bhfacthas a leithéid riamh. Rinne an spóirt an rud céanna. ‘Athléimneacht’ – is é sin an focal is fearr chun cur síos a dhéanamh ar an earnáil spóirt sa bhliain 2020.

D’fhéadfaí a rá go raibh obair ár gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ár gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt níos tábhachtaí thar an dá mhí dhéag seo a chuaigh thart ná ag am ar bith riamh. Cibé acu a bhí sé ag déanamh seachadtaí ar líne, ag cur nósanna imeachta in oiriúint chun rannpháirtíocht shábháilte a chinntiú do leanaí, ag freagairt ‘Ghlaoch na hÉireann’ nó ag ardú mheanma mhuintir na tíre trína fheidhmíocht ar an ardán idirnáisiúnta, choinnigh an lucht spóirt sinn gníomhach agus thug sé misneach dúinn le linn tréimhse rídúshlánach.

Ní tuairim amháin é sin; léirítear go soiléir sa taighde uainn an dóigh a ndeachaigh daoine i muinín an spóirt agus na gníomhaíochta fisciúla le linn na dtréimhsí fada dianghlasála. Ní raibh an líon aosach gníomhach chomh hard riamh agus ba mhórúdar misnigh í aoisphróifíl na ndaoine a bhí páirteach. Údar misnigh eile is ea go léirítear san fhianaise thosaigh go bhfuil an líon rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí amhail siúl áineasa thar a bheith athléimneach.

Rud ríthábhachtach sa bhliain 2020 ba ea luach an spóirt agus na gníomhaíochta fisciúla a chur in iúl. Bhí lúcháir ar Spóirt Éireann roinnt feachtas infheictheachta a threorú agus a bheith ina chomhpháirtí tábhachtach iontu. Bhí lúcháir ar Spóirt Éireann a bheith ina phríomh-chomhpháirtí den fheachtas ‘Coinnigh Folláin’ ón Rialtas. Trí mhórfhógraíocht náisiúnta agus trí idirghabhálacha spriocdhírthe, bhí Spóirt Éireann in ann dul i bhfeidhm ar spriocphobal leathan agus bealaí nuálacha a sholáthar chun cabhrú le daoine bheith gníomhach. Le linn na bhfeachtas ‘Be Moved’ agus ‘Do Sháiriarracht Phearsanta’ a reáchtáil Spóirt Éireann, ceiliúradh na gnáthdhaoine ó gach cuid den saol a chuaigh i muinín na haclaíochta agus na gluaiseachta chun cabhrú leo le linn phaindeim Covid-19.

Tá rannpháirtíocht na mban sa spóirt fós ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá ag Spóirt Éireann, agus rinneadh an-dul chun cinn ina leith sin. Bhí an bhliain 2020 ar an gcéad bhliain iomlán inar cuireadh beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht na mBan sa Spóirt chun feidhme, agus cuireadh tacaí suntasacha i bhfeidhm lena linn chun tacú le rannpháirtíocht na mban ar gach leibhéal. Sholáthraíomar an chéad chlár meantóireachta atá sonrach do mhná riamh tríd an Aonad Forbartha agus Athraithe Eagraíochta, d’fhorbraíomar foirne uirlisí

agus tacaí le haghaidh éagsúlacht inscne, agus dhearamar roinnt tionscadal a bhfuil mar aidhm leo infheictheacht na mban sa spórt a mhéadú. Tá an chuma air go mbeidh an bhliain 2021 ina bliain bhisiúil eile ina leith sin.

Téama coitianta go fóill is ea an tóir idirnáisiúnta ar son córas domhanda frithdhópála atá cóir agus cothromasach. In éineacht lena chomhghleacaithe idirnáisiúnta, d'éiligh Spórt Éireann arís eile go gcuirfí i bhfeidhm córas trédhearcach ina ngearrtar fíorfhionóis as an éagóiritheoireacht. Cúis díomá agus lagmhisnigh dúinn ba ea an easpa pionós a gearradh ar an Rúis de bharr cionta dópála. Leanfaimid orainn ag labhairt amach sa bhliain 2021. Sa bhaile, bhíomar in ann lúthchleasaithe Éireannacha a chur ar a suaimhneas go leanann Spórt Éireann lena chinntiú go mbíonn siad ag dul in iomaíocht ar mhachaire réidh tar éis dúinn aitheantas a fháil ón Rialtas gur obair bhunriachtanach í ár gcuid oibre frithdhópála.

Chun tacú le hobair ár gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ár gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt deiseanna a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine ó limistéir faoi mhíbhuntáiste, rinne Spórt Éireann infheistíocht shuntasach i dtionscadail an athuir trí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Bliain i ndiaidh bliana, tá Spórt Éireann ar cheann amháin de phríomhfhaighteoirí an chistiúcháin sin. Is fianaise é sin ar na cláir ardchaighdeáin agus na torthaí láidre atá á soláthar ag na heagraíochtaí sin.

Cé nár thit an bhliain 2020 amach mar a bhíodas ag coinne leis, táimid soirbhíoch agus dóchasach faoina dtitfidh amach sa bhliain 2021. Cé nach mbeidh siad chomh mórthaibhseach agus a bhíonn siad de ghnáth, beidh na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha ar siúl, áit a ndéanfaidh lúthchleasaithe Éireannacha ionadaíocht dá dtír go bródúil agus go cumasach. Tá pleananna ar bun chun tacú leis an bhfás i rannpháirtíocht sa spórt thar na blianta atá romhainn. Tháinig feabhas ollmhór ar rialachas sa spórt. Beidh ár gcuid faichí traenála agus páirceanna imeartha lán de ghníomhaíocht an athuir, a bhú leis an dáileadh vacsaíní agus leis an sárbealach ina mbíonn ár spóirt ag cloí le treoirlínte sláinte poiblí. Beidh Spórt Éireann ann chun tacú leis an ngníomhaíocht sin ar fad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Graham Doyle agus Ken Spratt, Ard-Rúnaí agus Rúnaí Cúnta faoi seach sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le Katherine Licken agus John Kelly, Ard-Rúnaí agus Rúnaí Cúnta faoi seach sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus lena gcuid ball foirne as an gcúnamh agus an tacaíocht leanúnach a thug siad dúinn. Beidh tionchar inbhraite ar earnáil spóirt na hÉireann ag an gcistiú breise a fuarthas don bhliain 2021, rud a thabharfaidh cobhsaíocht a mbeidh géarghá léi agus sinn ag tnúth le todhchaí níos gile.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do bhaill foirne Spórt Éireann ar éirigh leo, in imthosca an-deacair, ardleibhéal táirgiúlachta a choinneáil ar bun chun mórtacaíocht a thabhairt don earnáil ar fad sa bhliain 2020 agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an mbarr feabhais a bhaineann siad amach go leanúnach agus a gcuid dualgas á gcur i gcrích acu. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na comhaltaí de Bhord Spórt Éireann as a dtacaíocht leantach.

John Treacy

Struchtúr Spórt Éireann

3. Bord Spórt Éireann

Kieran Mulvey - Cathaoirleach

Tá Kieran Mulvey ina Chathaoirleach ar Spórt Éireann. Bhí sé ina Ard-Stiúrthóir ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ón mbliain 1991 go dtí an bhliain 2016. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, agus ar Chónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile roimhe seo. Tá sé ina stiúrthóir ar Independent News and Media agus tá sé ar an gCathaoirleach ar Adare Human Resources. Tá Kieran ina Chomhalta d'Institiúid Oideachais na hAlban agus tá sé ina Chomhalta Oinigh den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt. Sealbhaíonn Kieran Dochtúireachtaí Oinigh ó Ollscoil na hÉireann agus ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Thug sé faoi roinnt tionscadal thar ceann an Rialtais, an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

Lynne Cantwell

Is í Lynne Cantwell an bhean is mó cluiche d'fhoireann rugbaí na hÉireann. Bhí sí ina Leaschaptaen agus ina Captaen ar fhoirne 15 imreoir agus seachtar imreoirí na hÉireann freisin. D'imir sí d'fhoireann na hÉireann 86 huairé thar thréimhse 13 bliana agus bhí sí i gcomhcheannas ar an bhfoireann nuair a bhuaigh Éire an Choróin Thriarach agus an Chaithréim Mhór agus nuair a fuair an fhoireann an lámh in uachtar ar an Nua-Shéalainn, buaiteoirí Chorn an Domhain, sa séasúr 2013/14. Ba í sin an chéad uair riamh a bhain an fhoireann an méid sin amach. Ó d'éirigh sí as an spórt i leith, tá sí ag leanúint le hionadaíocht a dhéanamh don spórt agus dul chun cinn a dhéanamh air. Tá Lynne ar Bhainisteoir Feidhmíochta na mBan le Cumann Rugbaí na hAfraice Theas.

Mary Dorgan

Tá Mary ag cur a dara téarma ar Bhord Spórt Éireann isteach. Tá an-taithí ag Mary ar fhónamh mar chomhalta boird san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Roimhe sin, bhí sí ar an bPríomhfheidhmeannach Cúnta ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Is Idirghabhálaí atá creidiúnaithe ag CEDR í Mary.

Jerry Grant**

Tá cúlra Innealtóireachta Sibhialta ag Jerry Grant. Ina theannta sin, tá sé ina Stiúrthóir agus ina Chomhairleoir Feidhmiúcháin ag a bhfuil an-taithí ar an earnáil Fónais agus ar an earnáil Foirgníochta. Áirítear leis an taithí sin 25 bliana a chaitheamh i ról ar Leibhéal Stiúrthóra, mar shampla mar stiúrthóir ar MC O'Sullivan Consulting Engineers (MCOS), agus téarma deich mbliana mar Stiúrthóir Bainistíochta ar RPS in Éirinn. Bhí Jerry i seilbh na ról mar Chomhairleoir Speisialtóra, mar Cheann um Bainistíocht Sócmhainní agus mar Stiúrthóir Bainistíochta le hUisce Éireann ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2018. I láthair na huairé, tá sé ar an Stiúrthóir Bainistíochta ar Jerry Grant & Associates, tá sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin le Murphy Surveys agus tá sé ina Chomhalta Seachtrach de Chomhlacht Ceannais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Tá Jerry ina bhall d'Institiúid na nEadránaithe agus tá cáilíochtaí aige sa Dlí agus Eadráin, anuas ar a bheith ina Chomhalta Cairte d'Innealtóirí Éireann.

Olive Loughnane

Bhí Olive in iomaíocht mar lúthchleasaí ardfheidhmíochta ón mbliain 2000 go dtí an bhliain 2013. Rinne sí ionadaíocht d'Éirinn ag ceithre Chluichí Oilimpeacha i ndiaidh a chéile. Ba í Seaimpín Lúthchleasaíochta an Domhain í sa bhliain 2009. Ó d'éirigh sí as an spórt iomaíoch sa bhliain 2013 i leith, tá Olive ag fónamh mar chomhalta de Choiste Ardfheidhmíochta Spórt Éireann. I láthair na huaire, tá sí ar an gCathaoirleach ar Choiste Taighde agus Rannpháirtíochta Spórt Éireann agus déanann sí ionadaíocht do Spórt Éireann ar Choiste Ainmniúcháin Chumann Peile na hÉireann. Tá céim MA i gCeannaireacht agus Straitéis ag Olive. Díríodh sa chuid taighde dá céim MA ar athrú eagraíochta a sholáthar agus ar athchóiriú rialachais a chur chun feidhme i ndiaidh géarchéim eagraíochta.

John Maughan*

Bhí John Maughan ina Bhainisteoir Peile Sinsir, a bhí i gceannas ar Fhoirne Contae Mhaigh Eo, an Chláir, Ros Comáin agus Fhear Manach. Thug sé a fhoireann chuig Cluiche Ceannais Sinsir Uile-Éireann sna blianta 1996, 1997 agus 2004. Spreag John an Clár chun Craobh Peile na Mumhan a bhuachan don dara huair sa bhliain 1992. Bhainistigh sé foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i gCorn Sigerson freisin. Shealbhaigh John an ról mar Chaptaen le hÓglaigh na hÉireann agus tá sé fostaithe mar Oifigeach Soláthair le Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi láthair. Oibríonn sé mar anailísí peile le Raidió RTÉ freisin. Bhí John ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Padraic Moran

Ghlac Padraic páirt sna Cluichí Parailimpeacha dhá uair agus tá sé ina iarsheaimpín i spórt Boccia. Ós rud é gur chaith sé breis agus 20 bliain i mbun iomaíochta ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, tá raidhse eolais aige ar chúrsaí ar fud na hearnála míchumais spóirt. Anuas ar thaithí fhairsing ar dhisciplíní atá ann cheana, tá sé ag glacadh páirt le déanaí i bPeil Cathaoireach Cumhachta a fhorbairt in Éirinn. D'oibrigh sí le Youth Sport Trust UK roimhe seo agus tá sé ag obair faoi láthair le East Coast FM agus le Sky Ireland.

Caroline Murphy*

Tá Caroline ina Craoltóir agus ina Síceolaí atá i gceannas ar a Comhlacht Sainchomhairleoireachta Cumarsáide féin. Roimhe sin, chuir Caroline an clár 'It Says in the Papers' i láthair ar Morning Ireland agus tá sí ag obair i réimse an Chraolacháin Spóirt ar an Raidió agus ar an Teilifís araon le blianta fada anuas. Bhí sí ina comhalta d'Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spóirt agus rinne sí ionadaíocht don Údarás ar Choiste Ardfheidhmíochta Institiúid Spóirt na hÉireann.

Patrick O'Connor

Is Aturnae, Cróinéir, Eadránaí agus Nótaire Poiblí é Pat O'Connor. Tá sé ina chomhalta de roinnt comhlachtaí gairmiúla agus rialála agus cumann gairmiúil agus rialála, lena n-áirítear Dlí-Chumann na hÉireann, Institiúid Chairte na nEadránaithe, an Binse Meabhair-Shláinte agus Painéil Araíonachta Chumann Rugbaí an Domhain, Chraobh na Sé Náisiún agus Chumann Rugbaí na hÉireann. D'fhóin Patrick mar chomhalta, mar chathaoirleach agus mar stiúrthóir le raon leathan eagraíochtaí gairmiúla, spóirt agus daonchairdiúla roimhe seo. Áirítear leo sin Bord Bainistíochta Phobalscoil Louis, Teach Dóchais, Cumann na hÉireann um Eolaíocht an Fhéinmharaithe, an Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha, Bord na Seirbhíse Cúirteanna agus Comhairle Preasa na hÉireann. Shealbhaigh sé oifigí éagsúla laistigh de Dhlí-Chumann na hÉireann. Ba é oifig an Uachtaráin (1998-99) an ceann ba shuntasáí díobh.

Roger O'Connor

Tá Roger an-cháilithe mar Cheannaire Gnó Spóirt, ós rud é gur bhain sé Céim Bhaitisiléara Tráchtála agus Máistreacht sa Riarachán Gnó amach as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina lánchomhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte ón mbliain 1997 i leith. Tá taithí fhairsing aige ar obair a dhéanamh i réimse an scothspóirt ghairmiúil, áit ar oibrigh sé mar Stiúrthóir Bainistíochta agus mar Cheann Airgeadais agus Rialachán in ERC, arb é eagraí agus sealbhóir ceart chomórtas rugbaí Chorn Heineken é, agus mar Phríomhoifigeach Airgeadais ar Curragh Racecourse Ltd, ar cuideachta a athfhorbraíodh le déanaí í. I láthair na huairé, tá Roger ar an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha ar ICON plc agus ar an gCathaoirleach ar Sport Ireland Facilities DAC.

Iognáid Ó Muircheartaigh**

Tá Iognáid ag caitheamh a ghairme i réimsí an riaracháin, an taighde, an léinn agus na bainistíochta. Tá sé ina iar-Uachtarán ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Le linn a théarma oifige, stúir sé an Ollscoil trí thréimhse fáis nach bhfacthas roimhe ó thaobh an lín mac léinn, forbairtí caipitil, ioncam taighde agus cruinniú airgid daonchairdiúil de. D'fhóin sé mar Chathaoirleach agus mar chomhalta Boird de Bhord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Tá a chuid taighde le fáil in irisleabhair idirnáisiúnta agus d'fhóin sé mar ollamh ar cuairt in Ollscoil Stanford, i Scoil Iarchéime Chabhlach na Stát Aontaithe i Monterey, California, in Ollscoil Connecticut agus in Ollscoil Ghlaschú. D'fhóin sé freisin ar a lán Bord san earnáil phoiblí, san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach. Ghlac sé páirt sa lúthchleasaíocht mar iomaitheoir ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta agus roghnaíodh é mar Chaptaen ar an gcéad fhoireann (aontaithe) de chuid na hÉireann ó bhí an bhliain 1937 ann a chuaigh san iomaíocht ar leibhéal idirnáisiúnta i gCorn na hEorpa, a cuireadh ar siúl i Seantrabh sa bhliain 1967. Chóitseáil sé lúthchleasaíocht agus d'fhóin sé ar Bhord Lúthchleasaíocht Éireann freisin. Imríonn sé galf agus tá sé ar an gCathaoirleach agus ina chomhalta Boird d'Aontas Gailf na hÉireann, a threoraigh sé tríd an bpróiseas um an Aontas a chomhcheangal le hAontas Gailf Ban na hÉireann. De bharr na hoibre sin, bunaíodh Galf Éireann, ar comhlacht aonair é chun an galf a chur chun cinn in Éirinn.

Gary Ryan*

Tá Gary Ryan ar Bhainisteoir Tionscadail UL Beo in Ollscoil Luimnigh. Ghlac sé páirt sna Cluichí Oilimpeacha faoi dhó agus bhuaigh sé bonn sna Cluichí Domhanda faoi Dhíon. Tá sé ina iar-Stiúrthóir Cóitseála do Lúthchleasaíocht Éireann agus chóitseáil sé lúthchleasaithe agus foirne ar leibhéal Domhanda, Eorpach agus Oilimpeach, idir ógánaigh agus shinsir. Chaith sé roinnt blianta ag obair mar Cheann Corpacmhainne d'fhoireann Iomána Sinsir Thiobraid Árann freisin. Ina ról reatha, tá sé ag forbairt comhpháirtíochtaí agus clár sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhísiciúil trí theagmhálacha ardfheidhmíochta, pobail agus tionscail a théann chun tairbhe do dhaoine aonair, do phobail agus don tionscal. Tá sé ag obair freisin ar theagasc, seirbhís agus aschur taighde Ollscoil Luimnigh a chur le chéile freisin.

Liam Sheedy

Tá Liam Sheedy ina Bhainisteoir Réigiúnach le Banc na hÉireann. D'imir sé le foireann iomána Thiobraid Árann agus bhuaigh sé Craobh Mionúr Uile-Éireann mar bhainisteoir ar an gcontae sa bhliain 2006. Bhuaigh sé an tSraith Náisiúnta uair amháin agus Craobh na Mumhan dhá uair ar leibhéal sinsir sular bhuaigh sé Craobh Uile-Éireann sa bhliain 2010. D'oibrigh Liam mar anailísí iomána ar The Sunday Game ar RTÉ. Ina dhiaidh sin, ainmníodh é mar Bhainisteoir ar fhoireann Thiobraid Árann an dara huair, ar ról é inar bhuaigh sé Craobh Iomána Sinsir Uile-Éireann sa bhliain 2019. Bhí Liam ina chomhalta boird de Chomhairle Spóirt na hÉireann.

Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe Boird sa bhliain 2020

	Iomlán
Kieran Mulvey	12
Lynne Cantwell	11
Mary Dorgan	12
Jerry Grant**	3
Olive Loughnane	12
John Maughan*	9
Padraic Moran	11
Caroline Murphy*	8
Pat O'Connor	12
Roger O'Connor	12
Iognáid Ó Muircheartaigh**	3

Gary Ryan*	3
Liam Sheedy	12

Nótaí: *D'éirigh Gary Ryan as an mBord an 21 Bealtaine 2020. Tháinig téarma John Maughan agus téarma Caroline Murphy in éag an 30 Meán Fómhair 2020. Athcheapadh Kieran Mulvey, Olive Loughnane agus Roger O'Connor chuig an mBord le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020. **Ceapadh Iognáid Ó Muircheartaigh agus Jerry Grant chuig an mBord an 21 Deireadh Fómhair 2020

4. Baill Foirne Spórt Éireann

Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	
John Treacy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	
Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha	
Jason McLoughlin	Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha
June Menton	Stiúrthóir Tionscadal Airgeadais
Joanna Gurtman	Bainisteoir Airgeadais
David Gash	Bainisteoir Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí
Anne McCarthy	Bainisteoir Margaíochta agus Brandála
Caroline O'Mahony	Feidhmeannach Cumarsáide
Nicola Connolly	Feidhmeannach Airgeadais
Colin Murphy	Feidhmeannach Soláthair
Miriam Browne	Fáilteoir
An tAonad Rialachais, Riosca, Comhlíonta agus Straitéise	
Colm McGinty	Stiúrthóir Rialachais, Riosca, Comhlíonta agus Straitéise
Alan O'Hare	Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus Forbartha agus Athraithe Eagraíochta
Sinéad Gordon	Stiúrthóir Rialachais agus Straitéise
Cian Spillane	Ceann Riosca agus Comhlíonta
Sarah Murphy	Bainisteoir Acmhainní Daonna
An tAonad Rannpháirtíochta agus Eitice	
Una May	Stiúrthóir Rannpháirtíochta agus Eitice
Emma Jane Clarke	Stiúrthóir Rannpháirtíochta
Siobhán Leonard	Stiúrthóir Frithdhópála agus Eitice
Benny Cullen	Stiúrthóir Taighde, Meastóireachta agus Nuálaíochta

Ciara Munnely	Bainisteoir um Áineas Amuigh Faoin Spéir
Cólleen Devine	Bainisteoir Tras-Chomhoibrithe
Cormac Mac Donnell	Bainisteoir Nuálaíochta
Helen McHugh	Bainisteoir Cumhdaigh, Éagsúlachta agus Cuimsithe
Melissa Morgan	Bainisteoir Tástála Frithdhópála agus Cáilíochta
Veda Muppavaru	Bainisteoir Meastóireachta agus Taighde
Gerard Nowlan	Oifigeach Eolaíochta Frithdhópála
Janine Merriman	Feidhmeannach Frithdhópála
An tAonad Ardfeidhmíochta agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	
Paul McDermott	Stiúrthóir Ardfeidhmíochta agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Shane Califf	Stiúrthóir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Niamh O'Sullivan	Stiúrthóir Ardfeidhmíochta
Brian Staunton	Bainisteoir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Erika Murphy	Bainisteoir Deontas
Peter Brosnan	Feidhmeannach Ardfeidhmíochta
Melanie Lettis	Feidhmeannach Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
Louise Carey	Riarthóir Ardfeidhmíochta
An tAonad Cóitseála	
Michael McGeehin	Stiúrthóir Cóitseála
Deirdre Morrissey	Cúntóir Pearsanta don Stiúrthóir
Diarmaid Moloney	Teicneoir TF
Sheelagh Quinn	Ceann Seirbhísí Corparáideacha
Ann McMahon	Riarthóir
Helen Quain	Riarthóir

Declan O'Leary	Ceann Seirbhísí Cóitseála
Adrian Byrne	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Fiona Larkin	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Hayley Harrison	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Yvonne Byrne	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Tony Wright	Oifigeach um Oideachas agus Forbairt Cóitseálaithe
Institiúid Spórt Éireann	
Bernie O'Shea	Fáilteoir

5. Forbhreathnú ar Choistí Spórt Éireann

Coiste	Ról	An Líon Cruinnithe
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíochta riosca Spórt Éireann; Faireachán a dhéanamh ar iomláine na ráiteas airgeadais, agus breithiúnais shuntasacha tuairiscithe airgeadais á n-athbhreithniú; Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá feidhm iniúchóireachta inmheánaí Spórt Éireann.	5
An Coiste Ardfeidhmíochta	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le nithe straitéiseacha, infheistíochta agus oibriúcháin a bhaineann leis an gClár Ardfeidhmíochta agus le hInstitiúid Spóirt na hÉireann.	5
An Coiste um Dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	Breithniú a dhéanamh ar dheontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad a mholadh ar bhonn bliantúil.	2
An Coiste Frithdhópála	Cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna, lena n-airítear cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir le beartais a cheapadh a bhaineann leis na trí shnáithe tástála, oideachais agus taighde a cheanglaítear faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh na Dópála, 1989, agus cúnamh agus comhairle a thabhairt do bhaill foirne Spórt Éireann maidir le beartais a chur i ngníomh.	2
An Coiste Cóitseála	Comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir leis an mbeartas agus an straitéis le haghaidh Cóitseáil a fhorbairt ar oileán na hÉireann.	1
An Coiste Taighde agus Rannpháirtíochta	Is é ról an Choiste Taighde agus Rannpháirtíochta treoir straitéiseach a thabhairt maidir le taighde a ndéanann Spórt Éireann é agus a dhéantar thar ceann Spórt Éireann agus maidir leis an bplean rannpháirtíochta arna fhorbairt ag Spórt Éireann i gcomhthéacs an Bheartais Náisiúnta Spóirt agus Straitéis Spórt Éireann.	5
Coiste Champas Spórt Éireann	Is é cuspóir Choiste Champas Spórt Éireann De réir mhír 6(4)(a) de Sceideal 1 a ghabhann leis an Acht um Spórt Éireann, 2015, cúnamh agus comhairle a thabhairt do Spórt Éireann maidir lena chuid feidhmeanna a bhaineann le campas náisiúnta spóirt a fhorbairt ar an láithreán.	6
An Coiste Incháilitheachta	Is é ról an Choiste Incháilitheachta moltaí a dhéanamh don Bhord maidir le cé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn eagraíochtaí is iarratasóir na critéir incháilitheachta arna gcomhaontú ag an mBord.	

<p>An Grúpa Stiúrtha um Fhormhaoirseacht a Dhéanamh ar an Tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht</p>	<p>Formhaoirseacht a dhéanamh ar an tacaíocht ón Rialtas do Pheil Ghaelach na mBan agus do Chamógaíocht.</p>	
<p>An Grúpa Stiúrtha um Mná sa Spórt</p>	<p>Chun tacú le cur chun feidhme an Bheartais um Mná sa Spórt agus chun tacaíocht agus treoir a thabhairt d'obair an Treoraí nuacheaptha um Mná sa Spórt.</p>	<p>6</p>

Forbhreathnú ar Fheidhmíocht

6. Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Forbhreathnú ar an Aonad

Tá príomhdhíriú an Aonaid Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar thacú le hoibríochtaí leanúnacha, rialachas agus bainistíocht airgeadais na hearnála Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Tá ról tábhachtach ag an Aonad freisin in idirchaidreamh a dhéanamh le haonaid oibriúcháin eile laistigh de Spóirt Éireann, amhail an tAonad Ardfeidhmíochta, an tAonad Cóitseála, an tAonad Rannpháirtíochta agus an tAonad Frithdhópála.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Is cuid dhílis de spóirt na hÉireann iad na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt a n-aithníonn Spóirt Éireann iad. Tá Spóirt Éireann tiomanta d'earnáil láidir éagsúil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a sholáthraíonn dea-thorthaí don phobal spóirt in Éirinn. Príomhdhíriú de chuid Spóirt Éireann is ea cabhrú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta struchtúir inbhuanaithe éifeachtacha a fhorbairt chun líon méadaithe rannpháirtithe agus oibríthe deonacha sa spóirt a éascú. Tá gníomhaíocht an Aonaid Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ina cuid dhílis de na cuspóirí foriomlána atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt ón Rialtas a bhaint amach, agus brúitear roinnt mhaith de na cuspóirí sin chun cinn trí na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Tacaíonn an tAonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le Comhlachtaí Rialaithe agus iad ag fónamh mar phríomhghníomhaireachtaí soláthair i mbaint amach na spriocanna straitéiseacha seo a leanas de chuid Spóirt Éireann.

Mír Ghníomhaíochta 04 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú

Mír Ghníomhaíochta 05 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Colún feidhmíochta spóirt na hÉireann a fhorbairt, rud atá ríthábhachtach do dhaoine spóirt gníomhacha iomaíocha

Mír Ghníomhaíochta 06 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

An líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an-éifeachtach a mhéadú go 40 ceann

Mír Ghníomhaíochta 07 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Sainaitheint a dhéanamh ar spóirt tosaíochta a bhfuil an seans is mó ann go mbainfidh siad tairbhí buana amach ar fud an tsaol uile agus infheistíocht mhéadaithe a thabhairt do na spóirt sin thar thréimhse na straitéise.

Mír Ghníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann caighdeán atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach.

Tionchar phaindéim Covid-19 ar an Earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Bhí an bhliain 2020 ina bliain rídheacair rídhúshlánach don spórt eagraithe. Rinneadh leibhéal shuntasacha gníomhaíochtaí de chuid na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, lenar airíodh traenáil, comórtais, cóitseáil agus imeachtaí mór-rannpháirtíochta, a laghdú ó thaobh scála de, a iarchur nó a chealú de bharr phaindéim Covid-19. Scoireadh de gach cineál spóirt eagraithe ó mhí an Mhárta go mí na Bealtaine 2020, agus níor fhill an spórt ar ais ar ghníomhaíocht chéimnithe ach amháin ó mhí na Bealtaine i leith.

I mí na Bealtaine 2020, d'fhógair an Roinn Spóirt bunú Sainghrúpa. Agus é faoi chathaoirleacht na Roinne, chuimsigh an grúpa sin Saineolaithe Leighis agus ionadaithe ó Spórt Éireann agus ó roinnt eagraíochtaí spóirt. Bhí sé mar phríomhaidhm ag an nGrúpa treoir agus tacaíocht leanúnach a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus do chomhlachtaí eile spóirt maidir leis an mbealach is fearr ina bhféadfaí an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar le linn phaindéim Covid-19.

I dteannta atosú sábháilte an spóirt, bhí sé mar phríomhthosaíocht ag an Aonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le linn na tréimhse an earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a chosaint ar aon dochar buan airgeadais nó straitéiseach. D'aithin Spórt Éireann gurbh amhlaidh, chun go bhféadfadh an earnáil spóirt téarnamh go tapa ón ngéarchéim sláinte poiblí, go mbeadh ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta na baill foirne agus na struchtúir riachtanacha a choinneáil.

Le linn na bliana 2020, dháil Spórt Éireann pacáiste cistiúcháin gan fasach arbh fhiú €85 mhilliún é ar fud spórt na hÉireann chun déileáil le paindéim Covid-19. Ba ar an earnáil Comhlachtaí Rialaithe a leithdháileadh €81.1 milliún den chistiú sin.

Bhí sé mar aidhm leis an gcistiú aghaidh a thabhairt ar aon bhagairt láithreach ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar a líonraí clubanna agus, a bhí leis, cuireadh ar chumas eagraíochtaí spóirt aon chailleanais shuntasacha a tabhaíodh de bharr na paindéime a fhritháireamh.

Bhí ról an-tábhachtach ag an infheistíocht sin maidir le bonneagar reatha fisiciúil agus oibriúcháin spóirt na hÉireann a chosaint agus maidir le rannchuidiú leis an bhfreagairt fhoriomlán sláinte poiblí don ghéarchéim. A luaithe a fógraíodh na Scéimeanna, tugadh cobhsaíocht don earnáil agus rinneadh rannchuidiú luachmhar léi ag am thar a bheith éiginnte.

Bhí na Comhlachtaí Rialaithe i riocht níos fearr chun baill foirne thábhachtacha agus bonneagar tábhachtach a choinneáil, chun gníomhaíochtaí a phleanáil agus a sholáthar, chun táillí club agus cleamhnaithe a bhailiú agus a choinneáil, chun socrúithe urraíochta agus conarthaí tráchtála a ath-idirbheartú agus chun tacaí eile airgeadais agus líne creidmheasa a íostarraingt.

Fuair na mílte agus na mílte foirne agus clubanna spóirt tacaíocht dhíreach ó scéimeanna ar bhunaigh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt iad.

Imfhálaíodh cistiú tiomnaithe chun déileáil leis na dúshlán uathúla airgeadais agus spóirt a bhí roimh an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas agus rompu sin a sholáthraíonn deiseanna do dhaoine scothaosta.

Cuireadh Ciste Atosaithe agus Athnuachana Spóirt ar fáil d'eagraíochtaí spóirt freisin chun tionscadail nuálacha a fhorbairt agus a sholáthar chun rannchuidiú leis an tsláinte phoiblí a fheabhsú le linn na paindéime.

Forbhreathnú ar an gClár agus Buaicphointí an Chláir:

Infheistíocht i gComhlachtaí Rialaithe (Roimh Covid-19)

Faigheann a lán Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cistiú chun tacú lena bpríomhoibríochtaí go príomha. Cumhdaítear leis an bPríomhdheontas do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cur chun feidhme a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha agus ar chlár rannpháirtíochta, cóitseálaithe a fhorbairt, baill foirne ghairmiúla a fhostú agus na costais riaracháin a bhaineann leis an spóirt a fhorbairt agus a sholáthar a sheasamh. Úsáidtear an croíchistiú chun Cód Eitice agus Clár Frithdhópála Spóirt Éireann a chur chun feidhme freisin. Agus infheistíocht á déanamh aige i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, tugann Spóirt Éireann aird ar an tábhacht náisiúnta a bhaineann le gach spóirt, ar cháilíocht na gclár agus na n-oibríochtaí, ar na leibhéil rannpháirtíochta, ar an líon ball, ar an líon oibríthe deonacha agus ar an gcaipiteal sóisialta. Ba mhaith le Spóirt Éireann a fheiceáil freisin go mbeadh raon éagsúil spóirt ar fáil do mhuintir na hÉireann agus tá sé ag leanúint le hinfeistíocht a dhéanamh i raon leathan Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun na críche sin. Admhaíonn Spóirt Éireann nach mbeidh ach acmhainn theoranta ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga mórbheartas an Rialtais a chomhlíonadh.

Tá Spóirt Éireann ag súil leis gurb amhlaidh, maidir leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a fhaigheann leibhéil shuntasacha chistiúcháin, go n-oibreoidh siad ar son aidhmeanna sonrathaithe Spóirt Éireann agus mórbheartas an Rialtais a chomhlíonadh ar leibhéal an phobail. Iarrtar ar gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a thaispeáint go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus go gcomhlíonann siad na príomhbheartais ó thaobh dlí, rialachais, eitice, oibriúcháin, bainistíocht riosca agus cánach/muiníne de.

Ó fhoilsiú an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 i leith, tháinig méadú ar an gcroíchistiú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ó €10.8m sa bhliain 2017 go €13.8m sa bhliain 2020. Is é an toradh atá ar an infheistíocht mhéadaithe sin go dtugtar deis do Spóirt Éireann an earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a neartú tuilleadh chun cuspóirí straitéiseacha Spóirt Éireann agus na cuspóirí sin a shainaithnítear sa bheartas spóirt ón Rialtas a chomhlíonadh.

De bharr an mhéadaithe ar an gcistiú i gcomparáid leis sin a bhí ar fáil sa bhliain 2019, bhí Spóirt Éireann in ann cistiú méadaithe a thabhairt d'fhormhór na gcomhlachtaí rialaithe a bhí ag feidhmiú go maith. Léiríodh sna méaduithe sin an tábhacht náisiúnta a bhaineann le gach spóirt, cáilíocht na gclár agus na n-oibríochtaí, na leibhéil rannpháirtíochta a bhí ann san am atá thart, atá ann san am i láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchá, agus na deiseanna atá ar fáil chun an líon oibríthe deonacha agus an caipiteal sóisialta a mhéadú.

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 freisin gur dóigh do ghníomhaíochtaí áirithe spóirt rannchuidiú go mór le mórchlár oibre an rialtais um rannpháirtíocht sa spóirt ar feadh an tsaoil agus sláinte. Sainaithnítear sa bheartas go bhfuil an snámh, an rothaíocht agus an reathaíocht ina dtrí spóirt ar fiú aird ar leith a thabhairt orthu agus tacaíocht ar leith a thabhairt dóibh.

Toradh eile atá ar an gcistiú méadaithe is ea gur cuireadh ar chumas Spórt Éireann tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun tacaíocht agus aitheantas a thabhairt don tsárobair a rinneadh go dtí seo ar an líon rannpháirtithe a mhéadú i roinnt spóirt eile.

Mar thoradh ar an méadú ar an gcistiú foriomlán freisin, tá deis ag Spórt Éireann na comhlachtaí atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a neartú agus a bhreisiú. Tá Spórt Éireann tiomanta do chabhair a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad ag iarraidh aistriú ó bheith ina n-eagraíochtaí atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha amháin ina n-eagraíochtaí atá faoi stiúir ag gairmithe. Le blianta beaga anuas, shainithin Spórt Éireann roinnt spóirt atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha agus a thaispeánann go mbeadh sé d'acmhainn acu an t-aistriú sin a dhéanamh. Oibreoidh Spórt Éireann i ndlúthchomhar leis na spóirt sin sna blianta atá le teacht chun iad a fhorbairt tuilleadh. De réir mar a leanann an cistiú foriomlán ar aghaidh ag méadú, tá sé beartaithe leanúint le spóirt eile atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a shainithint agus cabhrú leo méadú go mór.

Infheistíocht Dhírithe Bhreise

Sa bhliain 2020, lean an tAonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta lena chuid oibre leis an Roinn Spóirt agus leis an Roinn Sláinte araon chun sainithint a dhéanamh ar aon deiseanna infheistíochta breise atá ann don earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoi Scéimeanna Deontais Chiste na gCuntas Díomhaoin agus an Chiste Éire Shláintiúil. Táthar ag leanúint le Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a chur ar fáil do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun go mbeadh siad in ann forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh nuálacha spóirt agus ghníomhaíochta fisiciúla a bhfuil mar aidhm leo freastal ar cheann amháin nó níos mó de na grúpaí tairbhithe seo a leanas:

- Forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta
- Forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil
- Daoine faoi mhíchumas (de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000)

Tá sé mar aidhm le Cistiú ón gClár Éire Shláintiúil tacú le Comhlachtaí Rialaithe agus iad ag iarraidh tionscadail agus tionscnaimh atá nuálach, a théann thar earnálacha difriúla agus atá fianaisebhunaithe a sholáthar, ar tionscadail agus tionscnaimh iad a thacaíonn le cur chun feidhme Phlean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

A Clár um Mná sa Spóirt

Tar éis tionscadal fairsing a sheoladh le linn na bliana 2018, d'fhoilsigh Spórt Éireann an beartas nua uaidh um Mná sa Spóirt sa bhliain 2019. Sa Bheartas, atá ina treoir le haghaidh na hoibre agus na hinfeistíochta a dhéanfaidh Spórt Éireann amach anseo sa réimse, sainithníodh ceithre réimse thábhachtacha inarb ann do bhearnaí reatha agus do dheiseanna amach anseo maidir le mná sa spóirt.

Tá na ceithre réimse sin mar a leanas:

1. Cóitseáil agus Réiteoireacht
2. Rannpháirtíocht Ghníomhach
3. Ceannaireacht agus Rialachas
4. Infheictheacht

Chun tacú le cur chun feidhme an bheartais agus aitheantas a thabhairt don fhíríc go dteastaíonn cur chuige fadtéarmach chun cláir éifeachtacha inbhuanaithe a sholáthar, tá breis agus €3 mhilliún infheistithe ag Spórt Éireann san earnáil comhlachtaí rialaithe chun tacú leis an gclár. Cumhdaíodh tréimhse dhá bhliain leis an infheistíocht sin (2019 agus 2020).

Leis an dámhachtain dhá bhliain, cuireadh ar chumas na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar a gcuspóirí straitéiseacha do mhná sa spórt. Tabharfar cuireadh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta iarratais nua a dhéanamh sa bhliain 2021.

An Clár Aitheantais

Feidhmíonn Spórt Éireann próiseas aitheantais d'eagraíochtaí atá ag iarraidh bheith incháilithe do thacaíocht a fháil mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spórt. Leis na critéir aitheantais, leagtar ceanglais íosta síos do gach eagraíocht atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais ó Spórt Éireann.

Tá na Critéir reatha i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2018 i leith. Níor thug Spórt Éireann aitheantas d'aon chomhlachtaí rialaithe breise sa bhliain 2020.

Rialachas

Mar atá leagtha amach i nGníomh 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, cuirfear ceangal ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an Cód Rialachais a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2021. Tá Spórt Éireann ag leanúint le tacaíocht a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus iad ag iarraidh an acmhainn Rialachais ina n-eagraíocht a mhéadú roimh an spriocdháta sin. D'fhreastail a lán Comhlachtaí Rialaithe ar raon leathan imeachtaí oiliúna lánearnála saor in aisce a reáchtálar sa bhliain 2020. Le linn na n-imeachtaí sin, pléadh na réimsí seo a leanas a bhaineann le Rialachas: Cibearshlándaíl; Bainistíocht Riosca; an Cód Rialachais a Thuiscint; Cosaint Sonraí; agus Prionsabail Dea-Rialachais.

Chomh maith leis sin, bhain roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta leas as oiliúint inmheánach saor in aisce do chomhaltaí Boird i réimsí Rialachais amhail róil, freagrachtaí agus an dea-chleachtas rialachais do Bhoird.

Le linn na bliana 2020, leanadh le rochtain a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar chlár ríomhfhoghlama saor in aisce lena dtugtar tacaíocht d'eagraíochtaí atá ag glacadh an Chóid Rialachais. D'fhorbair an Carmichael Centre an clár sin agus tá modúil éagsúla in oiliúint rialachais ar áireamh leis. De bhreis air sin, áirítear leis rochtain ar scata teimpléad don raon doiciméad agus beartas eagraíochta riachtanach dá dtagraítear sa Chód.

I dteannta an chumais chun comhairle a fháil faoi shaincheapadh na dteimpléad sin trí Sheirbhís Chomhairleach Rialachais Spórt Éireann, ar seirbhís saor in aisce í, téann an raon cuimsitheach teimpléad in-saincheaptha chun tairbhe go mór do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta de réir mar a oibríonn siad ar an gCód a ghlacadh.

Leanfaidh Spórt Éireann leis an acmhainn Rialachais san earnáil a thógáil agus leanfar leis na seirbhísí seo a leanas a sholáthar saor in aisce ina leith sin:

- Oiliúint seomra ranga i Rialachas agus Bainistíocht Riosca a chur ar fhostaithe agus ar chomhaltaí Boird

- Oiliúint inmheánach i rialachas a chur ar chomhaltaí Boird ar bhonn saincheaptha
- Seimineáir ina ndírítear ar Mháistir-ranganna Rialachais a sheoladh i gcomhar leis an bhForas Riaracháin
- Tacaíocht ríomhfhoghlama a sholáthar i dtaca leis an gCód Rialachais a thuiscint agus a chur chun feidhme (lena n-áirítear rochtain ar na teimpléid agus na doiciméid bheartais riachtanacha)
- Seirbhís Chomhairleach saor in aisce a sholáthar (ar an bhfón nó ar bhonn aghaidh ar aghaidh) chun déileáil le ceisteanna faoi ábhair a bhaineann le Rialachas

De bhreis air sin, bhí sásra réiteach díospóide ar áireamh i mbunreacht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta uile atá aitheanta ag Spóirt Éireann. Tacaíonn Spóirt Éireann le Réitigh Dhíospóide Spóirt Éireann (Spóirt Cóir Éireann roimhe sin), ar feidhm de chuid Chónaidhm Spóirt na hÉireann é. Is é Réitigh Dhíospóide Spóirt Éireann an sásra réiteach díospóide atá in úsáid ag cuid mhór de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Is seirbhís neamhspleách réiteach díospóide do Spóirt na hÉireann é Réitigh Dhíospóide Spóirt Éireann, a thairgeann saoráid Idirghabhála agus Eadrána araon.

Tríd an bPróiseas Deontais Bliantúil a sheol sé agus tríd an Athbhreithniú Lár Bliana agus an clár um Iniúchóireacht ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a rinne sé, lean an tAonad Tacaíochta do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na ceanglais chomhlíonta a ghabhann le cistiú Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

7. Ardfheidhmíocht

Forbhreathnú ar an Aonad

Soláthraíonn Aonad Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann tacaí do lúthchleasaithe agus cláir a bhfuil mar aidhm leo dea-fheidhmíocht a sholáthar ar an leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach. Bunaithe ar a Straitéis Ardfheidhmíochta fhadtéarmach, féachann an tAonad Ardfheidhmíochta, ag obair dó i gcomhar lena gheallsealbhóirí, córas ardfheidhmíochta den chéad scoth a fhorbairt trí na nithe seo: cistiú; comhpháirtíochtaí; rialachas an spóirt ardfheidhmíochta; faireachán agus meastóireacht; nuálaíocht; agus tionscnaimh. Soláthraíonn Spóirt Éireann samhail chomhtháite cistiúcháin chun cabhrú le córas ardfheidhmíochta den chéad scoth a sholáthar in Éirinn. Déantar an tacaíocht ó Spóirt Éireann a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Áirítear léi Cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta, an Scéim Cardála Idirnáisiúnta, Institiúid Spóirt Éireann, agus saoráidí éagsúla i gCampas Spóirt Éireann.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Mír Ghníomhaíochta 24 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027: “Ag gníombú dúinn faoi choimirce an Ghrípa Ceannaireachta Spóirt, bunóimid Grúpa Oibre um Ardfheidhmíocht a bheidh faoi chathaoirleacht Spóirt Éireann agus a chuimseoidh ionadaithe ó Spóirt Éireann, ó Spóirt Thuaisceart Éireann, ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann, ó Choimisiún na Lúthchleasaithe, ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun Straitéis Ardfheidhmíochta nua a fhorbairt d’Éirinn ar aon dul leis na paraiméadair atá leagtha amach sa bheartas seo. Cuirfear an Straitéis nua faoi bhráid an Ghrípa Ceannaireachta Spóirt ar an gcéad ásc agus cuirfear faoi bhráid an Rialtais i ansin lena ceadú.”

D’fhorbair Spóirt Éireann an Straitéis Ardfheidhmíochta 2020-2032 tar éis comhairliúchán domhain a dhéanamh leis an bPobal Ardfheidhmíochta agus tar éis tabhairt faoi phróiseas láidir forbartha straitéise i gcomhar leis an nGrúpa Oibre Straitéiseach um Ardfheidhmíocht, rud a chuimsigh ionadaithe ó gach príomheagraíocht geallsealbhóirí. Tugtar leis an straitéis 12 bhliain sin tacaíocht do ghníomhartha an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027, agus í ailínithe leis na paraiméadair infheistíochta atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt. Saináithnítear sa Straitéis Ardfheidhmíochta 2020-2032 na spriocanna boinn don chéad trí thimthriall Oilimpeacha agus Pharailimpeacha eile, lena n-áirítear Páras 2024, Los Angeles 2028 agus na himeachtaí sa bhliain 2032. Tugtar tacaíocht don straitéis le seacht bpríomhchólún straitéiseacha arb é an toradh a bheidh orthu, a luaithe a bhainfear amach iad, go gcuirfear an córas ardfheidhmíochta in Éirinn ar aghaidh go mór. Scaipeadh an straitéis ar an bpobal ardfheidhmíochta agus seolfar í sa bhliain 2021. Déanfaidh Coiste Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann formhóirseacht ar chur chun feidhme na gníomhartha éagsúla sa Straitéis Ardfheidhmíochta agus ar an bhfaireachán ar na gníomhartha sin.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 9 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: Éascófar le creat infheistíochta nua don Spóirt Ardfheidhmíochta tuilleadh ratha agus bonn le linn an Timthrialla Oilimpigh agus Pharailimpigh.

Bhí an bhliain 2020 ina bliain dhúshlánach do gach duine, lena n-áiríodh an pobal Spóirt Ardfheidhmíochta. Bhí sé mar thosaíocht ag Spóirt Éireann le linn phaindéim Covid-19 sláinte agus folláine lúthchleasaithe agus pearsan tacaíochta a chosaint, mar aon lena chinntiú nach mbeadh lúthchleasaithe Éireannacha faoi mhíbhuntáiste iomaíoch agus iad ag ullmhú do na Cluichí athsceidealaithe Oilimpeacha agus Parailimpeacha. D’aithin Spóirt Éireann an ról a bhí aige maidir le tacaíocht a thabhairt don phobal ardfheidhmíochta le linn na

paidéime agus thug sé gealltanais cistiúcháin do lúthchleasaithe agus do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don bhliain 2020. Choinnigh Spórt Éireann Cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta ar bun do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta sa bhliain 2020. Thug sé sin cobhsaíocht agus soiléire don chóras ardfheidhmíochta agus chuir sé ar chumas na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dul ar aghaidh leis na pleananna a bhí acu don bhliain a bhí le teacht.

Mír Ghníomhaíochta 11 de Ráiteas Straitéise Spórt Éireann: Cur chuige láidir combháirtíochta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun idir gach geallsealbóir sa Spórt Ardfheidhmíochta.

An Coiste Ardfheidhmíochta

Tá an Coiste Ardfheidhmíochta ina fhochoiste de chuid Bhord Spórt Éireann. Tugann sé cabhair agus comhairle ar bhonn leanúnach maidir le hábhair a bhaineann le feidhm Spórt Éireann faoi alt 6(1) den Acht um Spórt Éireann, 2015: “cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spórt iomaíoch, a spreagadh”. Tugann Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann agus Institiúid Spórt Éireann araon tuairisc don Choiste Ardfheidhmíochta ar bhonn rialta. Bhí na réimsí seo a leanas ina gcuid lárnach d’obair an Choiste Ardfheidhmíochta le linn na bliana 2020:

- Tacú leis an gcóras ardfheidhmíochta le linn phaindéim Covid-19, lena áiríodh gealltanais a thabhairt go mbeadh cistiú ar fáil sna blianta 2020 agus 2021
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2020-2032
- Tacú le Ceann Cóitseála Ardfheidhmíochta a earcú
- Moltaí a thabhairt don Bhord maidir le leithdháilt cistiúcháin ar an spórt ardfheidhmíochta
- Forbairt an Bheartais Leasa do Lúthchleasaithe, an Chláir um Athrú Cultúir agus an Chláir Chreidiúnaithe Déghairme a cheadú

Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann

Soláthraíonn Spórt Éireann cistiú do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann chun tacú leis a costais riaracháin agus chlár a sheasamh (€420,000 sa bhliain 2020). Maidir leis an gcistiú ó Spórt Éireann, díreann é mar thosaíocht ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le feidhmíocht agus a théann tairbhe do lúthchleasaithe Éireannacha go díreach agus go hindíreach. Tríd an nGrúpa Oibre um Chluichí Thóiceo, tá an comhar idir an Chónaidhm agus Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann ag déanamh dul chun cinn ar an bpróiseas um riachtanais shonracha gach Comhlachta Rialaithe Náisiúnta ar leith le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Thóiceo a chinneadh.

Cumann Parailimpeach na hÉireann

Soláthraíonn Spórt Éireann cistiú do Chumann Parailimpeach na hÉireann chun tacú leis a chostais riaracháin agus oibriúcháin a sheasamh (€400,000 sa bhliain 2020). Soláthraíonn Spórt Éireann cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann freisin chun tacú leis a chlár paraspóirt a sholáthar. Is clár é sin a thacaíonn le lúthchleasaithe Éireannacha babhtá ceannais a shroicheadh agus boinn a bhuanachan ag Craobh na hEorpa, Craobh an Domhain agus na Cluichí Parailimpeacha. B’ionann é sin agus €700,000 sa

bhliain 2020. Bainistíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann na cláir lúthchleasaíochta parashnáimha agus para-lúthchleasaíochta go díreach. Cinntíonn Coiste Feidhmíochta Parailimpí go ndéantar cumarsáid idir na páirtithe ábhartha uile a uasmhéadú nuair a bhíonn an Clár Parailimpeach á ullmhú agus nuair a bhítear ag ullmhú do na Cluichí Parailimpeacha.

Buaicphointí an Chláir

Féinmheasúnuithe

Mar chuid de phróiseas Athbhreithnithe Thóiceo, iarradh ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a chlár ardfeidhmíochta féin a fhéinmheasúnú ar mhaithe le meastóireacht chruinn a sholáthar ar an dóigh ar fhorbair agus ar fheidhmigh sé le linn thimthriall Thóiceo (2017-2020). Tríd an bpróiseas sin, bhí sé mar sprioc ag Spórt Éireann tuiscint mhionsonraithe a ghnóthú ar na láidreachtaí agus na réimsí forbartha ar mheas na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta iad a bheith ann ina spórt féin roimh na Cluichí. Ceapadh sainchomhairleoirí seachtreacha chun cabhrú leis an bpróiseas sin agus, i gcomhar leis an Aonad Ardfeidhmíochta, thug siad anailís shubstantiúil agus aiseolas substaintiúil do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta.

An Beartas Leasa do Lúthchleasaithe

D'fhorbair Spórt Éireann Beartas Leasa do Lúthchleasaithe sa bhliain 2020, rud lena gcinnteofar go leanfaidh meon agus luachanna Spórt Éireann lena bheith ina gcuid lárnach den chóras ardfeidhmíochta, de réir mar a fhéachann sé le rath méadaithe a bhaint amach. Leis an mbeartas, tugtar treoir do lúthchleasaithe agus do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta maidir leis an dea-chleachtas i ndáil le leas lúthchleasaithe agus i ndáil le tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá an beartas ag teacht leis na gníomhartha atá sainaitheanta faoi Chólún 3 de Straitéis Ardfeidhmíochta Spórt Éireann 2020-2032.

An Clár um Athrú Cultúir

Chun tacú leis an mBeartas Leasa do Lúthchleasaithe, bunaíodh an Clár um Athrú Cultúir. Is é an aidhm atá leis an gclár an timpeallacht feidhmíochta a chosaint agus a fheabhsú agus cur leis an eispéireas do gach ball den chlár. Faoi Straitéis Ardfeidhmíochta Spórt Éireann 2020-2032, sainaithníodh gur tábhachtaí i bhfad folláine aon bhail den fhoireann ná an chonair i dtreo ár spriocanna boinn a bhaint amach ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha. Beidh Athbhreithnithe Cultúir ina gcuid thábhachtach den chlár sa bhliain 2021.

Cóitseáil Ardfeidhmíochta

Ceapadh Stephen Maguire chuig an ról mar Cheann Cóitseála Ardfeidhmíochta. Sainaithníodh an post sin, ar príomhchólún straitéiseach faoi Straitéis Ardfeidhmíochta Spórt Éireann é, mar shásra trínar féidir an tírdhreach cóitseála a chur ar aghaidh laistigh d'Éirinn, go háirithe ar leibhéal ardfeidhmíochta. Comhlíonfaidh

sé ról tábhachtach maidir le tacaíocht a thabhairt do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le linn Thimthriall Pháras.

Forbhreathnú ar an gClár

Déantar cistiú do Chláir Ardfeidhmíochta a sholáthar do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun tacú leo a gcláir feidhmíochta a sholáthar. Sa bhliain 2020, rinneadh cistiú do Chláir Ardfeidhmíochta ab fhiú €8,500,000 a dhámhachtain do 21 Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta. B'ionann an figiúr sin agus méadú €30,000 ón mbliain 2019.

Tá Spórt Éireann ag leanúint lena chomhpháirtíocht le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann chun tacú lena n-ullmhúcháin do Chluichí Thóiceo 2020, a cuireadh siar. Leithdháileadh pacáiste cistiúcháin le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020 ar Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus ar Chumann Parailimpeach na hÉireann don timthriall 2017-2020. Sa bhliain 2020, sholáthair Spórt Éireann cistiú breise ab fhiú €1,225,000 san iomlán chun tacú le roinnt de na spóirt le haghaidh tionscadail speisialta agus iad ag ullmhú do chluichí Thóiceo.

Ó thús phaindéim Covid-19 i leith, tá Spórt Éireann ag soláthar cobhsaíochta trí thacaíocht dhíreach a thabhairt do lúthchleasaithe (an Scéim Cardála Idirnáisiúnta). Dámhadh €2,460,500 san iomlán tríd an Scéim Cardála Idirnáisiúnta sa bhliain 2020. B'ionann é sin agus méadú os cionn €500,000. An buntáiste is mó a thagann as an athrú sin ná gur cuireadh ar chumas lúthchleasaithe díriú go hiomlán ar cháiliú do na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha agus ar a bhfeidhmíocht lena linn.

Feidhmíocht

Ós rud é gur cuireadh an spórt idirnáisiúnta ar fionraí i mí an Mhárta 2020 agus gur cuireadh Cluichí Thóiceo siar, ní raibh ach beagán deiseanna ag lúthchleasaithe dul san iomaíocht ar an ardán idirnáisiúnta. Dá ainneoin sin, bhí dea-fheidhmíochtaí agus dea-thorthaí ann sa líon beag comórtas idirnáisiúnta a bhí ar siúl sa bhliain 2020. B'ann do 14 bhonn i ndisciplíní Oilimpeacha/Parailimpeacha (Rothaíocht, Rámhaíocht, Taekwondo agus Pararothaíocht) ar bhain spóirt atá ag fáil cistiú do Chláir Ardfeidhmíochta iad amach. B'ann do roinnt feidhmíochtaí suntasacha eile a baineadh amach ag imeachtaí nárbh imeachtaí craobhchomórtais iad.

Cáiliú do Chluichí Oilimpeacha Thóiceo

Tá pleananna ar siúl le haghaidh ullmhúchán Fhoireann Éireann do Chluichí Thóiceo sa bhliain 2021 agus le haghaidh rannpháirtíocht na foirne iontu. Tá Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann ag leanúint leis an bpleanáil agus an teagmháil sin leis na coistí eagrúcháin faoi seach a stiúradh. Tá Spórt Éireann ag súil go mbainfidh daoine ó roinnt spóirt cáiliú amach i ndeiseanna eile sa bhliain 2021, rud a mhéadóidh an líon ball den fhoireann go líon idir 70 lúthchleasaí agus 80 lúthchleasaí.

Tá Cumann Parailimpeach na hÉireann ag leanúint lena iarrachtaí cáiliú a bhaint amach i 10 spórt. Meastar go mbeidh idir 24 lúthchleasaí agus 30 lúthchleasaí ann san fhoireann. Beidh an cáiliú do na Cluichí Parailimpeacha ag brath go mór ar áiteanna rangaithe agus ar aicmiú.

8. Institiúid Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

Faoin Acht um Spóirt Éireann (2015), is iad seo a leanas na feidhmeanna a chuireann Institiúid Spóirt Éireann i gcrích go hiomlán nó go páirteach thar ceann Spóirt Éireann:

- cur chun cinn, forbairt agus comhordú an spóirt iomaíoch, agus gnóthú barr feabhais sa spóirt iomaíoch, a spreagadh;
- tacú le scoth-lúthchleasaithe barr feabhais a bhaint amach sa spóirt;
- faisnéis a scaipeadh maidir leis an spóirt iomaíoch nó áineasa

Oibríonn Institiúid Spóirt Éireann go díreach le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Ardfheidhmíochta agus soláthraíonn sí na nithe seo a leanas:

- Seirbhísí Eolaíochta agus Leighis Spóirt
- Scileanna saoil agus tacaíocht chomhairleach do lúthchleasaithe
- Cláir Forbartha Daoine Ardfheidhmíochta, a soláthraíonn ár rannóg Cumais agus Saineolais iad
- Tacaíocht pleanála feidhmíochta
- Ionad Traenála Ardfheidhmíochta

Is é Institiúid Spóirt Éireann an Comhpháirtí Oifigiúil Soláthair Tacaíochta Feidhmíochta do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann le haghaidh Chluichí Oilimpeacha agus Pharailimpeacha Thóiceo 2020.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Is é Institiúid Spóirt Éireann an t-aonad soláthair tacaíochta feidhmíochta i Spóirt Éireann. Díríonn an Institiúid go sonrach ar thacú le Spóirt Ardfheidhmíochta in Éirinn agus leis na lúthchleasaithe dá gcuid atá ag iarraidh dea-fheidhmíocht a bhaint amach ag Cluichí Oilimpeacha agus ag Cluichí Parailimpeacha. Sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, liostaítear príomhghníomh amháin i réimse na hArdfeidhmíochta, mar atá Straitéis Ardfheidhmíochta fhadtéarmach nua a fhorbairt d'Éirinn. Toisc go bhfuil foilsíú na straitéise ar feitheamh, imreoidh an Institiúid ról suntasach sa straitéis a chur chun feidhme ar fud roinnt de na seacht gcolún.

Nasc le Straitéis Spórt Éireann 2018-2022

Tá freagracht ar Institiúid Spórt Éireann (ag gníomhú di i gcomhar leis an Aonad Ardfheidhmíochta) as Gníomhartha 9, 11 agus 12 de Straitéis Spórt Éireann 2018-2022 a chur chun feidhme. Tá na gníomhartha sin mar a leanas:

Gníomb 9: Níos mó ratha agus bonn a bhaint amach le linn thimthriall na gCluichí Oilimpeacha agus na gCluichí Parailimpeacha, rud a mbeidh creat infheistíochta nua don Spórt Ardfheidhmíochta mar bhonn agus thaca aige

Gníomb 11: Cur chuige combháirtíochta láidir a fhorbairt agus a chothabbáil idir na príomh-gheallsealbhóirí uile sa spórt Ardfheidhmíochta

Gníomb 12: Beidh Institiúid Spórt Éireann i gceannas ar chóras a mbeidh ardchaighdeán i bhfeidhmíocht, i gceannaireacht, i gcóitseáil agus i seirbhís mar shaintréithe de

Buaicphointí an Chláir

Bearta Sábháilteachta Covid-19

Bhí tionchar ollmhór ar chineál na hoibre a bhí á déanamh ag foireann na hInstitiúide ag teacht phaindéim Covid-19, ag dúnadh sealadach an Ionaid Traenála Ardfheidhmíochta i gCampas Spórt Éireann agus ag cur siar Chluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo 2020. D'aistríomar ár ndíriú ó dhíriú láidir ar ullmhú d'fheidhmíocht ag na Cluichí chuig díriú ar shláinte agus folláine na lúthchleasaithe agus na mball foirne tacaíochta a chosaint, agus á chinntiú go mbeadh lúthchleasaithe in ann leanúint ar aghaidh ag traenáil agus ag ullmhú do na Cluichí sin. Glacadh raon mór beart chun a chinntiú go n-athosclofaí an Institiúid go sábháilte agus go bhféadfadh sé leanúint ar aghaidh ag obair le linn na leibhéal difriúil srianta a bheadh i bhfeidhm sa chuid eile den bhliain. Áiríodh na nithe seo le roinnt de na bearta:

- Aistríodh trealamh nirt agus riochtaithe chuig teach 22 lúthchleasaí chun tacú leo traenáil sa bhaile le linn an chéad dianghlasála.
- Rinneadh measúnú riosca agus anailís sábháilteachta Covid-19 ar fhoirgneamh na hInstitiúide agus ar na seirbhísí uile arna soláthar
- Rinneadh cur chun feidhme ar shraith ilchéime beart a bhí ag teacht leis an athoscailt cúig chéim agus leis na cúig leibhéal den phlean *Maireachtáil le Covid-19 sa tSochaí*.
- Ceannaíodh monatóirí uathoibrithe teochta, trealamh cosanta pearsanta agus díghalrán láimhe, i measc nithe eile.
- Cuireadh teorainn le taisteal ball foirne thar lear le foirne lúthchleasaithe.
- Cuireadh beartais um obair sa bhaile i bhfeidhm, tugadh tús áite don teileasláinte a úsáid agus coinníodh creatfoireann ar an láithreán ar fud na paindéime.
- Comhlánaíodh Foirm Scagthástála Covid-19 ar Líne gach lá, tugadh faoi sheiceáil teochta roimh dhul isteach agus tugadh córas áirithinte isteach chun tacú le rianú teagmhála éifeachtach.

De bhreis ar na sainbhearta a glacadh chun an fhéidearthacht go dtarchuirfí Covid-19 a mhaolú, tholg líon suntasach lúthchleasaithe agus ball foirne tacaíochta ar fud na spórt ardfheidhmíochta an víreas. Rinneadh prótacal do lúthchleasaithe um fhilleadh sábháilte ar thraenáil a fhorbairt agus a ghníomhachtú go forleathan.

Chun tacú le hatosú an taistil bhunriachtanaigh lúthchleasaithe le haghaidh comórtais agus traenála ní ba mhoille sa bhliain, d'fhorbair an Institiúid clár tástála Covid-19 chun a chinntiú go mbeadh lúthchleasaithe ardfeidhmíochta agus foirne ardfeidhmíochta in ann cloí go hiomlán leis na treoirínte taistil shábháilte ar fhorbair an Sainghrúpa Comhairleach um Fhilleadh ar an Spórt iad don earnáil.

An Suirbhé Bliantúil ar Thuairimí Lúthchleasaithe

Baintear úsáid as an suirbhé anaithnidithe seo chun na tuairimí atá ag an bpríomhghrúpa úsáideoirí is lúthchleasaithe ar na seirbhísí tacaíochta agus na baill foirne san Institiúid a rianú gach bliain ar mhaithe lena chinntiú go mbíimid ag freastal ar riachtanais lúthchleasaithe.

Baineadh an spriocráta sástachta 80% amach i ngach disciplín. Mhéadaigh an tsástacht le cáilíocht na tacaíochta go 91% ar an meán sa bhliain 2020, d'ainneoin na ndúshlán éagsúil a cruthaíodh i soláthar tacaíochta feidhmíochta le linn na paindéime.

Úsáid na hInstitiúide agus Laethanta Seirbhíse Tacaíochta

Cé go raibh an t-ionad dúnta ar feadh 75 lá sa bhliain 2020, ba chobhsaí fós a bhí an líon daoine a d'úsáid an tIonad Ardfeidhmíochta nó a thug cuairt air sa bhliain 2020*. Cuireadh 13,812 choinne ar siúl, ar figiúr é nach bhfuil ach pas beag níos ísle ná na 13,963 choinne a cuireadh ar siúl sa bhliain 2019.

* Chun an t-aistriú chuig ciantacaíocht le linn na paindéime a chur san áireamh, áirítear comhairliúcháin as an láithreán agus comhairliúcháin fhíorúla leis an bhfigiúr don bhliain 2020.

B'ionann agus 2,171 lá sa bhliain 2020 an líon iomlán laethanta seirbhíse díri ar chuir cleachtóirí na hInstitiúide iad isteach. Áirítear leis an bhfigiúr sin laghdú ollmhór sa líon laethanta tacaíochta a cuireadh ar siúl ag campaí (96.75 lá) agus ag comórtais (23.5 lá) de bharr an toirmisc a bhí i bhfeidhm ar thaisteal neamhriachtanach.

Cur Chun Feidhme Ráiteas Straitéise na hInstitiúide don tréimhse 2020-2024

Bhí tionchar as cuimse ag teacht phaindéim Covid-19 ar oibriú na hInstitiúide. Toisc gur atreoraíodh na hacmhainní uile chuig an timpeallacht fhíorúil a sholáthar agus chuig tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe, cuireadh moill mhór ar chur chun feidhme beartaithe Ráiteas Straitéise na hInstitiúide. Bhí sé beartaithe go dtabharfaí faoi 26 gníomh sa bhliain 2020 ar fud na sé Chuspóir Straitéiseacha. Mar thoradh ar chur siar na gCluichí, áfach, cuireadh roinnt de na gníomhartha sin siar go dtí an bhliain 2021. Cuireadh sé gníomh i gcrích, tá 14 gníomh ar an mbealach ceart fós agus cuireadh sé gníomh siar go dtí an bhliain 2021.

Forbhreathnú ar an gClár (Buaicphointí de réir an disciplín)

Scileanna Feidhmíochta don Saol agus an tSeirbhís Chomhairleach

- Rinneadh an Clár Creidiúnaithe Déghairme d'institiúidí tríú leibhéal a fhorbairt lena chur amach le haghaidh comhairliúcháin leis an earnáil agus lena sheoladh sa bhliain 2021.
- Cuireadh an Clár Trasdula do Thóiceo i bhfeidhm ach cuireadh ar sos é le linn na paindéime. Tá sé beartaithe é a athbhútail sa bhliain 2021.

- Tairgeadh tacaíocht gairme nua, mar atá LinkedIn Learning, do lúthchleasaithe. Thosaigh a lán lúthchleasaithe ag baint leas aisti le linn na dtréimhsí dianghlasála.

Anailís Feidhmíochta

- Ba é a bhí sna tréimhsí dianghlasála ná deiseanna maithe do chóitseálaithe obair i gcomhar leis an bhfoireann anailíse feidhmíochta ar thionscadail éagsúla. Áiríodh leo sin próifíliú lúthchleasaithe dornálaíochta a dhéanamh ar chéilí comhraic ó phíosáí scannáin a tógadh ag an mBabhta Ceannais do na Cluichí Oilimpeacha i Londain, rud a cuireadh ar fionraí, córais samhaltaithe feidhmíochta níos fearr a thabhairt isteach sa snámh, agus clár nuálach tacaíochta a fhorbairt don disciplín seóleimní leis an bhfoireann seómharcaíochta.

Athshlánú

- Ghlac an fhoireann athshlánúcháin páirt i dtionscadail ildisciplíneacha éagsúla sa bhliain 2020. Áiríodh leo sin:
 - a. Tionscadal Easnaimh Fuinnimh Choibhneasta sa Spórt in Institiúid Spórt Éireann
 - b. Seisiúin Nuálacha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí
 - c. Pian Bhalla an Chliabhraigh/Gortú Struis Easna: Conair Chúraim Chliniciúil
 - d. Tionscadal Comhtholgha: Cleachtas comhtháite
 - e. Tionscadal um Barrfheabhsú na hÁite Rothaíochta

Fiseolaíocht

- Thug an tseirbhís fiseolaíochta tacaíocht do lúthchleasaithe ar fud 15 spórt. Leanadh leis an tacaíocht sin a thabhairt go cianda ar fud thréimhsí dianghlasála Covid-19. Sa chéad tréimhse dianghlasála, a bhí ar siúl san earrach, dhírigh an fhoireann an tacaíocht go sonrach ar lúthchleasaithe agus cóitseálaithe nach raibh in ann traenáil ina ngnáth-thimpeallacht a thuilleadh agus a bhí ag baint úsáid as modhanna nua traenála, ag socrú seisiúin traenála, ag anailísiú sonraí croírata agus ráta saothair braite agus a bhí i mbun teagmhála lena chéile ar bhonn seachtainiúil trí Zoom chun cláir thraenála a choigeartú nuair ba ghá. Cuireadh ceardlanna cianda ar siúl le haghaidh lúthchleasaithe agus cóitseálaithe ar thopaicí amhail athshlánú, codladh, hidráitiú agus traenáil. De réir mar a d'fhill lúthchleasaithe ar an traenáil sa samhradh, leanamar le faireachán a dhéanamh ar athróga agus le cláir thraenála a choigeartú.
- Bhain an fhoireann fiseolaíochta triail as straitéisí um lúthchleasaithe a ullmhú don teas sa samhradh le lúthchleasaithe aonair a lean ar aghaidh ag taisteal agus ag dul san iomaíocht sa bhliain 2020. Chuir sé sin ar ár gcumas tionchar na tacaíochta cianda a dhéanamh amach agus meastóireacht a dhéanamh ar ár straitéisí teasa, lena n-áirítear tumadh uisce the, traenáil i seomraí téite agus nochtadh do sheomraí allais.

Cothú Feidhmíochta

- Tairgeadh sain-Seirbhís Sláinte Putóige do lúthchleasaithe sa bhliain 2020. Is é an aidhm atá léi siomptóim ghastrastéigeacha thuairiscithe na scoth-lúthchleasaithe a íoslaghdú, a sláinte putóige agus a bhfeidhmíocht fhoriomlán a bharrfheabhsú agus cabhrú leo a gcuid spriocanna a bhaint amach.

- Ar thacaíocht a fháil ón gComhairle um Thaighde in Éirinn, thosaigh Conor Raleigh ag obair leis an Institiúid i mí Aibreáin 2021. Is mac léinn PhD é. Tá sé ag déanamh iniúchadh faoi láthair ar leitheadúlacht na n-oiriúnuithe aiste bia chun gortuithe cnáimhe i lúthchleasaithe a laghdú.

Leigheas

- De bharr phaindéim Covid-19, cuireadh brú suntasach breise ar ár bhFoireann Leighis. Le linn na tréimhse sin, rinneadh méideanna ollmhóra oibre ar thacú le Spórt Éireann ar an Sainghrúpa um Fhilleadh ar an Spórt. Áiríodh leis an tacaíocht sin faireachán, tarchur le haghaidh thástáil Covid-19 agus tacaíocht chomhairleach agus cáis do dhaoine sa phobal ardfeidhmíochta a tholg Covid-19, agus treoir maidir le cur chun feidhme cuí an Phrótacaíl um Fhilleadh Sábháilte ar an Imirt.
- Leanadh fud fad na paindéime leis na gnáthsheirbhísí leighis spóirt a soláthraíonn Foireann Leighis na hInstitiúide iad do lúthchleasaithe.

Síceolaíocht

- Cruthaíodh piarghrúpa gairmiúil síceolaithe spóirt sa bhliain 2020 chun curaclam scileanna meabhrach a fhorbairt do lúthchleasaithe atá ar tí dul go Tóiceo. Tá ceithre thopaic ar leith ar áireamh ann:
 1. Déileáil le Roghnú
 2. Ullmhú do na Difríochtaí Cultúir agus Comhshaoil atá ann sa tSeapáin
 3. Pleanáil Theagmhasach le haghaidh na gCluichí
 4. Na Meáin agus na Meáin Chumarsáide a Bhainistiú.
- Glacadh córas bainistíochta lúthchleasaithe Skoosh sa bhliain 2020. Leis an gcóras sin, cumasaítear comhoibriú níos láidre i measc soláthraithe seirbhíse agus cumas níos fearr chun faireachán a dhéanamh ar an éileamh leanúnach ar thacaí síceolaíochta ar fud an chórais.

Neart agus Riochtú

- Sa bhliain 2020, mhéadaigh an rannóg nirt agus riochtaithe a soláthar seirbhíse chun tacú le breis agus 170 lúthchleasaí ar fud 14 cinn de Spóirt Oilimpeacha agus de Spóirt Pharailimpeacha.
- Mar fhreagairt do ghéarchéim Covid-19, d'aistrigh an rannóg nirt agus riochtaithe go tapa chuig ciantacaíocht nirt agus riochtaithe a thabhairt do lúthchleasaithe ó mhí an Mhárta go mí an Mheithimh.

Cumas agus Saineolas

- Chuaigh Ceann Cumais agus Saineolais nua isteach i bhFoireann na hInstitiúide sa bhliain 2020.
- Dréachtaíodh Straitéis Cumais agus Saineolais chun tacú leis an earnáil Spóirt Ardfeidhmíochta. Tá sí le cur isteach le haghaidh tuilleadh comhairliúcháin agus le glacadh sa bhliain 2021.

- Tá 22 chóitseálaí ag glacadh páirt i gClár Saothraithe Feabhais (PEP) na bliana 2020.

9. Aonad Frithdhópála Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna atá ag Spóirt Éireann i réimse na frithdhópála faoin Acht um Spóirt Éireann, 2015:

- caighdeáin dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spóirt a éascú trí threoirlínte agus cóid chleachtais a fhógairt;
- tabhairt faoi cibé gníomhaíocht a mheasfaidh Spóirt Éireann a bheith cuí, lena n-áirítear tástáil, chun dópáil sa spóirt a chomhrac;
- pleanáil, cur chun feidhme, meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar chláir oideachais agus faisnéise chun dea-iompair, cothrom na Féinne agus an deireadh le dópáil sa spóirt a éascú;
- ina cháil mar eagraíocht náisiúnta frithdhópála sa Stát, bailiú samplaí a ordú, bainistiú a dhéanamh ar thástáil samplaí agus ar thorthaí tástála, agus freastal ar éisteachtaí, de réir mar is gá.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá an tAonad Frithdhópála dírithe ar ionracas laistigh d'eagraíochtaí earnála spóirt agus déantar cothrom na Féinne, meas, eitic, ionracas agus sábháilteacht a chur chun cinn agus a chothú ar fud an chórais spóirt le gníomhaíochtaí an Aonaid.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 14 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: Rialachas Spóirt Éireann - Forbairt earnála an-éifeachtach spóirt a bhrú chun cinn, ar earnáil í a mbeidh tionchar aici ar fud na tíre. Leanúint le feidhmeanna Frithdhópála agus Eitice a oibriú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde ó thaobh tástála, oideachais agus taighde de.

Buaicphointí an Chláir

- Bailíodh 1,045 cinn de shamplaí fola agus fuail ó lúthchleasaithe.
- Chuir níos mó ná 5,000 duine aonair an cúrsa ríomhfhoghlama frithdhópála ar líne i gcrích.
- Leithdháileadh níos mó ná 25,000 cárta sparáin ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar gheallsealbhóirí éagsúla.
- Sa bhliain 2020, rinneadh níos mó ná 9,046 cinn d'fhiosruithe rathúla ar shuíomh Gréasáin an tseiceálaí cógais ag www.eirpharm.com.
- Fógraíodh seacht Sárú ar Rialacha Frithdhópála.

Forbhreathnú ar an gClár

Bhailigh Spóirt Éireann 1,045 cinn de shamplaí fola agus fuail sa bhliain 2020. Bailíodh na samplaí ó 27 spóirt dhifriúla. Bhí samplaí lasmuigh de chomórtas freagrach as 83% de na samplaí a bailíodh.

An Clár 'Íocann an tÚsáideoir'

Thug Spóirt Éireann faoi thástáil faoin gClár 'Íocann an tÚsáideoir' freisin. Is é atá i gceist leis sin go n-íocann eagraíochtaí spóirt as tástáil. Sa bhliain 2020, rinneadh 118 dtástáil faoin gclár sin – 106 thástáil fuail agus 12 thástáil fola.

D'fhorbair an tAonad Frithdhópála prótacail tástála drugaí ionas go bhféadfaí tástálacha a dhéanamh le linn phaindéim Covid-19. Bhí na prótacail sin ag teacht leis na treoirlínte ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) le linn tástáil frithdhópála a dhéanamh. Bhí Spórt Éireann ar cheann amháin den aon bhall déag de ghrúpa oibre idirnáisiúnta Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála a d'fhorbair Mionathruithe ar Phrótacail Bhailiúcháin Samplaí le haghaidh tástáil le linn na paindéime. Bhain an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (WADA) leas as na prótacail sin mar bhunchloch dá prótacail féin, atá leagtha amach sa doiciméad uathí dar teideal COVID-19: Treoir d'Eagraíochtaí Frithdhópála maidir le Tástáil a Atosú.

Thug Pearsana Bailiúcháin Samplaí faoi oiliúint ar líne maidir leis na nósanna imeachta mionathraithe um bailiú samplaí sula bhféadfadh siad tástálacha frithdhópála a dhéanamh. Cuireadh dhá sheisiún oiliúna ar siúl an 3 agus an 22 Meitheamh 2020 le haghaidh Pearsana Bailiúcháin Samplaí a bhí ar fáil chun obair. Chuir Aonad Frithdhópála Spórt Éireann na bearta cosanta breise in iúl do lúthchleasaithe agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá sa Ghrúpa Cláraithe le haghaidh Tástála chun a chinntiú go raibh siad ar an eolas faoi na bearta nua agus gur thuig siad iad.

Fógraíodh seacht Sárú ar Rialacha Frithdhópála sa bhliain 2020. Bhain trí cinn leis an mbliain 2020 agus tugadh ceithre cinn ar aghaidh ón mbliain 2019.

Cuireadh oiliúint ar 6,544 dhuine de lúthchleasaithe agus de phearsana tacaíochta lúthchleasaithe trí sheimineáir aghaidh ar aghaidh (roimh thús phaindéim dhomhanda Covid-19), trí sheisiúin oideachais ar líne agus trí shuíomh ríomhfhoghlama Frithdhópála Spórt Éireann. D'ainneoin shrianta COVID-19, is airde an figiúr sin ná an figiúr don bhliain 2019 (6,445 dhuine san iomlán). An phríomhchúis leis an méadú sin sa bhliain 2019 is ea an líon mór lúthchleasaithe agus pearsan tacaíochta lúthchleasaithe a chuir ríomhfhoghlaim frithdhópála i gcrích sa bhliain 2020 mar thoradh ar an bpaindéim. Ní rabhtas in ann aon seisiún oiliúna a sheoladh do theagascóirí frithdhópála sa bhliain 2020.

Le linn na bliana 2020, leasaigh Spórt Éireann Rialacha Frithdhópála na hÉireann chun a chinntiú go mbeadh siad i gcomhréir leis an gCód Domhanda Frithdhópála 2021. Chuaigh Spórt Éireann i gcomhairle le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus le lúthchleasaithe chun aiseolas a fháil maidir le cur chun feidhme Rialacha Frithdhópála na hÉireann. Tháinig Rialacha Frithdhópála na hÉireann 2021 in éifeacht an 1 Eanáir 2021.

Cuireadh dhá cheann de Chruinnithe Mullaigh Cheannairí na nEagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála ar siúl go fíorúil an 24 Márta agus an 2 agus an 3 Meán Fómhair 2020. I measc nithe eile, rinne na Ceannairí plé ar athchóirithe ar an nGníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil (WADA), ar an staid i nGníomhaireacht Frithdhópála na Rúise (RUSADA) agus ar an tionchar a d'imir paindéim dhomhanda COVID-19 ar an gcóras frithdhópála.

Leanann Spórt Éireann le rannchuidiú le tionscadal Erasmus+ um rialachas eagraíochtaí náisiúnta frithdhópála. Is tionscadal tagarmharcála é sin a bhfuil mar aidhm leis iniúchadh a dhéanamh ar na leibhéil rialachais atá i bhfeidhm i roinnt Eagraíochtaí Náisiúnta Frithdhópála. Cé go raibh sé le críochnú i bhfómhar na bliana 2020, fadaíodh tréimhse an tionscadail go lár na bliana 2021 de bharr phaindéim Covid-19. Táthar ag súil go mbeidh an seimineár deiridh ar siúl i mí an Mheithimh 2021, ar lena linn a sheolfar torthaí an tionscadail.

Sa bhliain 2020, bhí Spórt Éireann fós tiomanta dá chinntiú go dtugtar ról do lúthchleasaithe i ngach gné den fhrithdhópáil. Mar chuid den tiomantas sin, lean Aonad Frithdhópála Spórt Éireann le rannchuidiú go gníomhach leis an Tionscadal RESPECT. Bhí sé mar aidhm leis an tionscadal sin teacht ar dhearcthaí agus eispéiris lúthchleasaithe i leith na frithdhópála chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na nithe a chuireann bac ar an spórt glan agus ar na nithe a chumasáíonn é. Bhí Patrick O’Leary, Canúalaí Parailimpeach, ar dhuine amháin de na lúthchleasaithe a ghlac páirt sa chéim bailiúcháin sonraí den taighde. Tháinig an Tionscadal RESPECT chun deiridh sa bhliain 2020, agus ‘Fóram um Léargas ar an Spórt Glan’ á thionóladh go fíorúil thar dhá lá an 8 agus an 9 Nollaig 2020. Mar chuid den fhóram sin, chuir an grúpa na fionnachtana uaidh i láthair maidir le cén chuma, dar le lúthchleasaithe, atá ar an spórt ‘glan’ agus cén fáth a mbraitheann siad go bhfuil tábhacht ag baint leis.

De na hiarratais bhailí a rinneadh chuig Spórt Éireann ar Dhíolúine ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach (TUE) sa bhliain 2020 (26 cinn), cheadaigh an Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach 18 gcinn tar éis dó comhad leighis cothrom le dáta a fháil. Dhiúltaigh an Coiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach d’iarratas amháin. Bhí seacht n-iarratas ina n-iarratais neamhiomlána fós ag deireadh na bliana 2020 toisc gur roghnaigh roinnt lúthchleasaithe iarratas a dhéanamh ar TUE tar éis tástála (ní gá dóibh TUE a fháil roimh ré faoi Rialacha Frithdhópála na hÉireann). Chomh maith leis sin, tá líon beag iarratas atá á bpróiseáil ag an gCoiste um Dhíolúintí ar mhaithe le hÚsáid Theiripeach ar feitheamh measúnú leighis nó tuarascálacha a theastaíonn chun go mbeidh sé in ann an measúnú ar an iarratas a chur i gcrích.

Rinneadh an t-iniúchadh faireachais bliantúil le haghaidh dheimhniú ISO 9001:2015 de chuid an Aonaid Frithdhópála go fíorúil an 15 Deireadh Fómhair 2020. Ba é EQA Ltd, Iniúcháirí Seachtracha an Aonaid Frithdhópála, a rinne an t-iniúchadh sin. Tarraingíodh mionfhionnachtain amháin anuas. Rinneadh an tIniúchadh Bliantúil ar an Aonad Frithdhópála go fíorúil an 17 Samhain 2020. Ba é KOSI a rinne é. Fuair an tAonad an tuarascáil deiridh ó KOSI i mí Eanáir 2021, áit ar tarraingíodh dhá mhion-shaincheist nós imeachta anuas. Réitíodh na saincheisteanna sin idir an dá linn agus chuir KOSI in iúl don Aonad Frithdhópála gur féidir dearbhú sármhaith a leagan ar an dóigh a mbainistítear an tAonad Frithdhópála go himheánach i Spórt Éireann.

Shínigh Spórt Éireann agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann Meabhrán Tuisceana chun obair chomhpháirteach, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise, idir na gníomhaireachtaí a éascú, go háirithe i gcás leasanna forluiteacha nó réimsí leasa fhrithpháirtigh.

10. Campas Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

Tá an tAonad Forbartha Campais freagrach as na nithe seo a leanas: an máistirphlean don champas a chur chun feidhme; formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt saoráidí aonair ar an gcampas; straitéisí agus tograí a cheapadh le haghaidh forbairt agus úsáid saoráidí amach anseo; agus úsáid an champais a chur chun cinn ar gach leibhéal, idir ardfeidhmíocht agus rannpháirtíocht daoine den phobal i gcoitinne. Is í fochuideachta atá faoi lánúinéireacht Spóirt Éireann atá freagrach as oibriú laethúil na saoráidí ar an gCampas.

Naisc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt

“Le Campas Spóirt Éireann, soláthraítear saoráid ardfeidhmíochta ina bhfuil timpeallacht úrscothach traenála do na lúthchleasaithe is fearr in Éirinn chun tacú leo ullmhú do chomórtais. Agus an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht a chur chun cinn á haithint againn, feicimid freisin ról níos leithne don Champas i rochtain a éascú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, do chlubanna, do phobail agus do scoileanna ar bhealach atá ag teacht leis an bpríomhphrionsabal lena gcinntítear rochtain tosaíochta fud fad na bliana do na lúthchleasaithe is fearr atá againn.” Leis an obair a dtugann an t-aonad forbartha campais fúithi, déanfar dul chun cinn ar na spriocanna sin trí mháistirphlean agus straitéis tógála nua a fhorbairt sna deich mbliana atá romhainn.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 5 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Timpeallacht úrscothach ag Campas Náisiúnta Spóirt Spóirt Éireann

Buaicphointí an Chláir

An Máistirphlean don Champas – Sa bhliain 2020, chuir Spóirt Éireann máistirphlean nua don champas i gcrích. Leagtar amach ann straitéis uaimhianach forbartha do na deich mbliana atá romhainn. Chuir na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, údaráis áitiúla agus an Rialtas, fáilte roimh chur i gcrích an mháistirphlean.

An Veileadróm agus an Lárionad Badmantain – I mí an Mhárta 2020, rinne Spóirt Éireann cur i gcrích ar Chéim 1 de dhearaí agus sonraíocht a fhorbairt le haghaidh Veileadróm agus Lárionad Badmantain nua ar an gCampas. Mar chuid den phróiseas sin, rinneadh athbhreithniú ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa deardh veileadróm, lena n-áiríodh cuairteanna ar roinnt veileadróm sa Ríocht Aontaithe. Ba é an toradh a bhí ar an bpróiseas sin gur tugadh chun críche na tograí le haghaidh na saoráide íocónaí spóirt sin, atá beartaithe lena cur ar aghaidh chuig céim an iarratais pleanála sa bhliain 2021.

Óstán Spóirt – thug Spóirt Éireann roinnt réamh-mheasúnuithe chun críche ar inmharthanacht agus deardh Óstán Spóirt nua ar an gcampas, lena n-áirítear anailís mhionsonraithe éilimh agus tuarascáil measúnaithe straitéisigh. Ba dhearfach a bhí na torthaí agus déanfar dul chun cinn ar an tionscadal seo anois ar aon dul le

forbairt ár máistirphlean fhoriomláin, faoi réir ceadú a fháil ón Rialtas.

Forbhreathnú ar an gClár

Ba ar an máistirphlean don champas a fhorbairt a leagadh an príomhdhírú don bhliain 2020. Mar ghníomhaireacht reachtúil don spórt in Éirinn, féachann Spórt Éireann leis an gclár oibre náisiúnta spóirt a threorú. Déanaimid amhlaidh trí luach a ghiniúint ó acmhainní finideacha, agus an coincheap um ‘spórt ar feadh an tsoil do gach duine’ á bhaint amach agus tacaíocht á tabhairt do rath ardfeidhmíochta. Chun déanamh amhlaidh, teastaíonn uainn Campas beo Spórt Éireann atá chomh tairbhiúil do shiúlóirí áineasa agus do dhaoine den phobal áitiúil is atá sé do lúthchleasaithe Oilimpeacha agus seaimpíní domhanda. Rinne Spórt Éireann dul chun cinn ar mhórathrú chun dáta ar a mháistirphlean reatha ar fud na bliana 2020. Áiríodh leis sin dul i mbun comhairliúcháin le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, le húdaráis áitiúla agus leis an Rialtas. Cé go raibh tionchar ag paidéim Covid-19 ar an gclár, leanadh leis an gclár isteach san fhómhar agus ba é an toradh a bhí air gur eisíodh máistirphlean nua i mí na Nollag 2020. Leagtar scála leathan ar n-uailmhéine amach sa mháistirphlean nua sin, ar chuir na geallsealbhóirí uile fáilte roimhe. Beidh sé ar an mbonn le forbairt nua sna deich mbliana romhainn.

Táthar den tuairim le tamall fada anuas gur píosa tábhachtach bonneagair spóirt é Veileadróm Náisiúnta agus Lárionad Badmantain a sholáthar. Is fianaise ar an bhfíric sin é an bonneagar sin a bheith ar áireamh sa mháistirphlean don champas a ullmhaíodh sa bhliain 2009. Táthar den tuairim le fada go mbeadh forbairt an bhonneagair sin ar an gcéad eochairthosaíocht eile tar éis chur i gcrích na Láithreach Náisiúnta faoi Dhíon. Cé gur deonaíodh cead pleanála le haghaidh veileadróm traenála sa bhliain 2015, thángthas ar eolas nua idir an dá linn ar conas ba cheart veileadróm a thógáil agus a oibriú. Sa bhliain 2019, chuir Spórt Éireann foireann deartha le chéile chun an tionscadal tábhachtach sin a athbhreithniú. Ba é an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin ná dearadh athbhreithnithe agus athraithe chun dáta lena bhfreastalaítear ar riachtanais ár bpobail rothaíochta agus bhadmantain. Tugadh an t-athbhreithniú sin chun críche i mí an Mhárta 2020. Ba é an toradh a bhí air gur thángthas ar dheardh nua íocónach, lena n-áirítear an leagan amach deiridh, sonraíocht agus cás gnó.

Garspíoc thábhachtach eile sna blianta atá romhainn is ea óstán a sholáthar ar an gcampas. I mí Eanáir 2020, chuir Spórt Éireann tús le hobair ar anailís éilimh agus measúnú straitéiseach le haghaidh óstán spóirt nua ar an gcampas. Sainaitníodh san obair sin an t-éileamh láidir atá ann ar shaoráid den sórt sin a bheith le fáil ar an gcampas agus an inmharthanacht fhoriomlán a ghabhann léi. Déanfar dul chun cinn ar an tionscadal sin anois ar aon dul lenár straitéis máistirphlean fhoriomlán.

Leanann an t-aonad forbartha i Spórt Éireann de bheith ag dul i dteagmháil le geallsealbhóirí ábhartha chun scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann saoráidí eile a fhorbairt ar an gcampas ar mhaithe leis an spórt ar gach leibhéal, idir áineas agus ardfeidhmíocht. Aidhm ar leith atá aige is ea ionaid nua bharr feabhais a fhorbairt. Cuirfear toradh an phlé sin san áireamh sa mháistirphlean nua, a bheidh ina chuid den chlár forbartha sna blianta atá le teacht.

11. Aonad Cóitseála Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

Imríonn Aonad Cóitseála Spóirt Éireann an príomhról ó thaobh cóitseála spóirt de ar bhonn uile-oileáin in Éirinn. Ag obair dúinn i gcomhpháirt leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus leis an mórearnáil spóirt, stiúrimid forbairt na cóitseála in Éirinn trí chlár tacaíochta oideachais ar ardchaighdeán a chur chun feidhme do chóitseálaithe agus do theagascóirí.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

D'fhorbair Aonad Cóitseála Spóirt Éireann plan nua cóitseála faoi dheireadh na bliana 2020 agus d'fhoilsigh sé é sa chéad ráithe den bhliain 2021. Tugtar aghaidh leis ar na saincheistanna maidir le héagsúlacht mhéadaithe a spreagadh i measc an lucht saothair cóitseála, agus cáilíochtaí cóitseála ar leibhéal iontrála á ndéanamh níos inoiriúnaithe ionas gur féidir le cóitseálaithe obair ar fud raon spóirt agus gníomhaíochtaí fisiciúla. Sa phlean cóitseála nua, leagtar béim mhéadaithe ar iompraíocht agus ar dheartháir seachas ar scileanna teicniúla amháin ar leibhéal iontrála, agus úsáid mhéadaithe as an teicneolaíocht á cur chun cinn san oideachas do chóitseálaithe. Leagfar béim mhéadaithe ann freisin ar chóitseáil do dhaoine faoi mhíchumas.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Leagtar na cuspóirí seo a leanas le haghaidh Cóitseála amach i Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann 2018-2022:

- Clár lánfhorbartha forbartha cóitseála a bheith ann i níos mó ná 60 Comhlacht Rialaithe Náisiúnta
- A chinntiú go ndéantar cáilíochtaí cóitseála a chreidiúnú ar aon dul leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
- Spóirt Éireann a fhorbairt mar phríomhghníomhaireacht don oideachas spóirt in Éirinn.

Buaicphointí an Chláir

Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Forbartha Cóitseála d'Éirinn agus forbraíodh tuarascáil ar na saincheistanna a mbeidh aghaidh le tabhairt orthu de réir mar a théimid ar aghaidh. Breithneoidh geallsealbhóirí iad sin le linn na bliana 2021, le tacaíocht ó Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Tá obair á déanamh ar an iarratas chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar an gClár um Fhorbróirí Cóitseálaithe a bhailíochtú a chur i gcrích agus ar é a chur ar áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Lean Aonad Cóitseála Spóirt Éireann de bheith ag obair le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le linn dóibh Cúrsaí Oideachais Chóitseálaithe a fhorbairt dá gConairí Cóitseála faoi seach.

Forbraíodh Treoirlínte Foghlama Cumaisc le haghaidh Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Forbróirí Cóitseálaithe chun tacú leo clár foghlama cumaisc a sholáthar.

Lean Aonad Cóitseála Spórt Éireann sa bhliain 2020 le hobair a dhéanamh ar thrí thionscadal atá cistithe ag an gclár Erasmus+.

Forbhreathnú ar an gClár

De bharr phaindéim Covid-19, tá Aonad Cóitseála Spórt Éireann ag soláthar oiliúint ar líne trí úsáid a bhaint as na córais bhainistíochta foghlaimeoirí atá ar fáil, amháil Google Classroom agus Zoom. Tá imscrúdú á dhéanamh ag Aonad Cóitseála Spórt Éireann ar chórais bhainistíochta foghlaimeoirí eile le haghaidh oiliúint ar líne.

Tá obair ar bun ar shainaithint a dhéanamh ar na riachtanais le haghaidh bunachar sonraí nua Oideachais agus Oiliúna lena úsáid ar fud gach ceann d'Aonaid Spórt Éireann.

Anuas ar ghníomhú mar cheannasaí le haghaidh Bheartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, tá Aonad Cóitseála Spórt Éireann i mbun comhoibrithe ar chóras ríomhfhoghlama ar Dhaoine faoi Mhíchumas a Chóitseáil a fhorbairt lena úsáid ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ag cóitseálaithe (le tacaíocht ó Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin).

Lean Aonad Cóitseála Spórt Éireann sa bhliain 2020 lena rannpháirtíocht i Leanaí agus Daoine Óige a Chóitseáil.

12. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Forbheathnú ar an Aonad

Sheol an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 an 25 Iúil 2018. Leagtar amach go soiléir i gClár an Rialtais don bhliain 2020 cuspóirí nua uailmhianacha atá le comhlíonadh ag an spóirt, go háirithe maidir leis na spriocanna rannpháirtíochta spóirt, a méadaíodh ó spóirt a bheith á imirt ag 50% d'aosaigh ar bhonn rialta, mar a leagadh amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018, go spóirt a bheith á imirt ag 60% d'aosaigh ar bhonn tráthrialta faoin mbliain 2027. Chun an méid sin a bhaint amach, leagtar béim sa bheartas ar an ngá atá ann le dul i ngleic le grádáin rannpháirtíochta ach spriocdhírú ar ghrúpaí inár sochaí ar lú go mór a rannpháirtíocht ná an meán foriomlán. Áirítear leo sin daoine faoi mhíchumas, daoine ó chúlraí socheacnamaíocha ísle, mná agus cailíní, agus grúpaí mionlaigh eitnigh, amháil an Lucht Taistil.

Tugann Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann tacaíocht do líonra náisiúnta de 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun forbairt an spóirt a chomhordú agus a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil agus chun leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú. Tá croí-obair an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag teacht le cuspóirí Straitéis Spóirt Éireann agus cuspóirí an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Mar chuid den obair sin, tugann an Líonra faoi Fhorbairt Straitéiseach Spóirt sa Phobal agus soláthraíonn sé Clár Náisiúnta, Tionscnaimh Oideachais agus Oilíúna, an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt, Clár um Mná sa Spóirt, Clár Chumhdaigh agus clár ghinearálta rannpháirtíochta.

Bhí ceathrar ball foirne ar a laghad ag gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt sa bhliain 2020, ba iad sin:

- Comhordaitheoir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt,
- Riarthóir Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt,
- Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt,
- Oifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá 57 ngníomh san iomlán sa Bheartas Náisiúnta Spóirt agus is le rannpháirtíocht sa spóirt a bhaineann 26 cinn díobh. Gné lárnach de Ghníomhartha Rannpháirtíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh is ea cur leis an gcumas atá ag an earnáil spóirt dea-thorthaí a bhaint amach, go háirithe i measc na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus i measc Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt. A bhúil leis an infheistíocht mhéadaithe a fuair sé ón Rialtas sa bhliain 2020, bhí Spóirt Éireann in ann an infheistíocht i gclár Chomhpháirtíochta a mhéadú chun forbairt, leathnú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar thionscadail fhianaisebhunaithe lena spriocdhírítear ar phobail faoi mhíchumas.

Aithnítear sa Bheartas Náisiúnta Spóirt na ról thábhachtacha a imríonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt maidir le rannpháirtíocht sa spóirt a chothú agus an dóigh ar féidir leo cabhrú leis na gníomhartha rannpháirtíochta atá leagtha amach sa Bheartas a chomhlíonadh.

“Imríonn an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ról rithábhachtach. Cuireadh de chúram air go háirithe leibhéal rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, go háirithe i measc na n-earnálacha sin den tsochaí atá faoi thearcionadaíocht sa spóirt faoi láthair. Láidreacht luachmhar ar leith is ea an cumas atá acu deireadh a chur le bacainní agus a chinntiú go mbeidh deiseanna rannpháirtíochta sa spóirt forásach, nuálach agus lánchuimsitheach ar leibhéal áitiúil.” – Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 1 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Stiúradh a dhéanamh ar an uailmhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.

Mír Ghníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spóirt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Ghníomhaíochta 3 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Cur le struchtúir chruthaithe atá ann cheana agus, ag an am céanna, cineálacha nua nuálacha cur chuige a lorg i leith rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus i leith neamhghníomhaíocht a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Buaicphointí an Chláir

- Ghlac 340,674 dhuine páirt i 1,132 cheann de thionscnaimh rannpháirtíochta ar sholáthair na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad ar bhonn áitiúil.
- Mná a bhí i 53% de na rannpháirtithe i gcláir na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt sa bhliain 2020.
- Ghlac 109,302 chailín agus 64,975 bhean páirt i gcláir Chomhpháirtíochta. Ghlac 18,161 bhean páirt i 130 ceann de chláir spriodhírthe um Mná sa Spóirt.
- Trí shuíomh Gréasáin Spóirt Éireann, chláraigh 700,000 dhuine do 535 imeacht ar fud na tíre le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt. Ar na himeachtaí suaitheanta le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt 2020 bhí Mórthuras Rothair Bhaile Átha Cliath, Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa, an Lá Náisiúnta Corpacmhainne, an Míle Fíorúil Teaghlaigh, Lá Céaslóireachta #BíGníomhach, agus an Lá Náisiúnta Síúil
- Ghlac 64,524 dhuine páirt in idirghabhálacha ar thacaigh an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt leo, lena n-áiríodh an Míle Laethúil, parkrun, Marcanna Clós Súgartha, tionscnaimh um Obair Bhaile Gníomhach, agus soláthar acmhainní gníomhaíochta fisiciúla.
- Ghlac 7,091 duine páirt i dtionscnaimh a bhí spriodhírthe ar Dhaoine Scothaosta.
- Ghlac 16,243 dhuine faoi mhíchumas páirt i dtionscnaimh Chomhpháirtíochta agus fuair 2,037 nduine eile oiliúint i gcláir Feasachta ar Mhíchumas, i gcláir um Uathachas sa Spóirt agus i gcláir Oiliúna agus Oideachais i gCuimsiú Daoine faoi Mhíchumas de chuid Ionad CARA.
- Tacaíodh le 29 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt chun daoine faoi mhíchumas i 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt a spreagadh páirt a ghlacadh sa spóirt.
- Tacaíodh le 29 nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal chun pobail áitiúla a ghníomhachtú trí chláir, oideachas agus oiliúint spriodhírthe a sholáthar do chlubanna agus pobail in 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt.

- Cuireadh 12 cheann nua de Mhoil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh le tacaíocht a thabhairt do na 37 mol a bhí ann cheana ar fud na tíre trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Tionscnaíodh 15 cinn de thionscdaí um Eachtraíocht i Limistéir Uirbeacha ar fud na tíre chun deiseanna nua a chruthú do dhaoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste chun páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha.
- Fuair 26 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun sainoilúint a sholáthar d'Oibrithe Deonacha ionas go bhféadfadh siad tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhírthe.
- Trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, tacaíodh le 42 chúrsa Ceannaireachta Óige i 16 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun daoine óga a chumasú seisiúin gníomhaíochta fisiciúla a sholáthar dá bpiaraí faoin Mol Náisiúnta Oideachais agus Oilúna Spóirt.
- Infheistíodh €4.1 milliún sa líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt trí Chiste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19. Leithdháileadh €1.9 milliún ar an líonra Comhpháirtíochtaí chun Scéim Deontas Beag Covid-19 do Chlubanna a riar. Leithdháileadh €449,905 chun Cláir Atosaithe agus Athnuachana Covid-19 a réachtáil agus infheistíodh €725,000 mar chuid de Scéim Tacaíochta Pobail.

Forbhreathnú ar an gClár

Sa bhliain 2020, leithdháileadh €8.2m chun tacú le croí-obair an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, lena n-áirítear na nithe seo a leanas a sholáthar: Cláir náisiúnta; Tionscnaimh Oideachais agus Oilúna; Forbairt Straitéiseach; Oifigigh Forbartha Spóirt sa Phobal; an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt; Cláir um Mná sa Spórt; agus cláir ghinearálta rannpháirtíochta. Infheistíodh €916,000 sa Chlár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt chun an líonra de 29 nOifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt a chothabháil ar mhaithe le rannpháirtíocht a éascú do dhaoine faoi mhíchumas. Tugann an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt spreagadh agus cúnaimh do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt faoi Ghníomh 49 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Tá an infheistíocht sin ag teacht le Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt.

Infheistíodh €867,726 sa Chlár Forbartha Spóirt sa Phobal, a thacaíonn le 29 nOifigeach Forbartha Spóirt sa Phobal pleananna agus cláir inbhuanaithe gníomhaíochta fisiciúla atá faoi stiúir ag an bpobal áitiúil a fhorbairt faoi Ghníomhartha 44 agus 46 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Díritear sa Chlár Forbartha Spóirt sa Phobal freisin ar mhórtionscnaimh chuimsithe lena gcomhlíontar cuspóirí na Straitéise ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le Lánpháirtíú Imirceach.

Infheistíodh €265,000 sna Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt faoin gClár um Mná sa Spórt, a bhfuil mar aidhm leis rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú trí dheiseanna rannpháirtíochta a thabhairt agus a chothú do mhná, lena n-áirítear mná faoi mhíchumas, mná a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste, mná imirceacha, mná scothaosta agus cailíní sna déaga. Tá an infheistíocht sin faoin gClár um Mná sa Spórt ag teacht le Beartas

Beartas Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt. Ina theannta sin, rinne Spóirt Éireann ranníocaíocht €607,605 sa bhreis chun tacú le cláir do Dhaoine Scothaosta tríd an gclár “Beir Beo ar an Saol” a reáchtálann Aostacht agus Deiseanna.

Mar aon le tionscnaimh de chuid Spóirt Éireann a sholáthar, buntacaíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le cur i bhfeidhm náisiúnta an chroíchistiúcháin ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus le cuid mhór tionscnamh atá á gcistiú ag an gCiste Éire Shláintiúil. D'éirigh le Spóirt Éireann €8m a áirithiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain 2020, agus breis agus €4.1m de sin ag dul chun tairbhe go díreach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fud na hÉireann. Fuair Spóirt Éireann €615,000 ón gCiste Éire Shláintiúil le haghaidh tionscnaimh de chuid Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta freisin.

Cuireadh dhá cheann déag nua de Mhoil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal ar bun agus leanadh le tacaíocht a thabhairt don 37 mol a bhí ann cheana ar fud na tíre. Méadaíonn Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal an líon daoine de gach aois a ghlacann páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ina bpobal, faoi mar a sainaitníodh faoi Gníomh 41 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Is é an cuspóir atá leis na Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal i limistéir faoi mhíbhuntáiste ná daoine áitiúla a thabhairt le chéile agus baile a chur ar fáil do chlubanna agus eagraíochtaí spóirt sa limistéar áitiúil.

Cuireadh cúig cinn déag de Thionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha i bhfeidhm sa tír don tríú bliain i ndiaidh a chéile sa bhliain 2020. Cinntítear leis na tionscnaimh sin go mbíonn deiseanna ag daoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh i spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha, i gcomhréir le Gníomh 37 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil. Is beag deis a bhíonn ag daoine óga a chónaíonn i limistéir faoi mhíbhuntáiste blaiseadh a fháil de spóirt eachtraíochta amuigh faoin spéir mar thoradh ar an timpeallacht nádúrtha atá le fáil ina limistéar féin, mar thoradh ar an achar idir iad agus suíomhanna traidisiúnta amuigh faoin spéir (foraoisí, sléibhte, etc.) ina dtairgtear gníomhaíochtaí de ghnáth, agus mar thoradh ar an trealamh, ar an mairseacht, ar an oiliúint agus ar an tacaíocht a theastaíonn chun gabháil do spóirt den sórt sin.

Tá an clár um Cheannaireacht Óige ag teacht le Gníomh 48 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil – ‘Cláir a fhorbairt chun dul i ngleic le titim amach as gníomhaíocht fhisiciúil agus as an spóirt’. Díríonn an clár ar cháilíochtaí bunúsacha ceannaireachta a fhorbairt agus áirítear leis, i measc nithe eile, oiriúnuithe a bhfuil mar aidhm leo spóirt a dhéanamh cuimsitheach. Reáchtáiltear modúl ar chonairí sa spóirt agus san áineas ag deireadh an chláir. Tríd an gclár seo, forbraítear scileanna cineálacha ceannaireachta ar féidir iad a úsáid i raon cúinsí spóirt agus/nó áineasa agus ar féidir leo cur le forbairt phearsanta an fhoghlaimora. Chomh maith leis sin, tá acmhainneacht ag an gclár dul i ngleic le rátaí luathfhágála scoile i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus le rátaí titim amach as an spóirt laistigh den aoisghrúpa spriocdhírthe. Dá réir sin, nascann a lán Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt an clár go dlúth leis na Cláir Chríochnaithe Scoile atá ar bun sa limistéar áitiúil. Trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, tacaíodh sa bhliain 2020 le 42 chúrsa Ceannaireachta Óige i 26 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt chun daoine óga a chumasú seisiúin ghníomhaíochta fisiciúla a sholáthar dá bpiaraí faoin Mol Náisiúnta Oideachais agus Oilíúna Spóirt.

Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh um Thacaí d'Oibríthe Deonacha sainaitint a dhéanamh ar dhaoine aonair spriocdhírthe a dhéanann obair dheonach i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó le daoine faoi mhíchumas agus

cúnamh a thabhairt dóibh scileanna ceannaireachta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a ghnóthú lena n-úsáid sa phobal, e.g. mar chóitseálaithe, mar cheannairí, mar réiteoirí, mar chomhaltaí coiste, etc. Is iad torthaí beartaithe an tionscnaimh ná méadú a dhéanamh ar an líon oibríthe deonacha ar ceannairí sa spórt iad agus oibrí deonach ar chaighdeán níos airde a tháirgeadh sa spórt, rud as a dtiocfaidh leibhéal níos airde rannpháirtíochta agus a chumhachtófar oibríthe deonacha tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhíríthe. Fuair 26 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun sainoilúint a sholáthar d'Oibríthe Deonacha ionas go bhféadfadh siad tuilleadh deiseanna gníomhaíochta fisiciúla/spóirt a sholáthar ar leibhéal pobail agus do ghrúpaí spriocdhíríthe.

Ciste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19

Mar fhreagairt do phaindéim Covid-19, d'infheistigh Spórt Éireann €4.1 milliún sa líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt trí Chiste Atosaithe agus Athnuachana Covid-19. Leithdháileadh €1.9 milliún ar an líonra Comhpháirtíochtaí chun Scéim Deontas Beag Covid-19 do Chlubanna a riar. Bhí sé mar aidhm leis an scéim sin an riosca go leathfaí Covid-19 i dtimpeallachtaí club agus spóirt phobail a laghdú. Forbraíodh an ciste chun tacú le clubanna, ar féidir nach mbeidh an t-airgeadas acu chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na prótacail sláinteachais agus scartha shóisialta a bhaineann le Covid-19. Leithdháileadh cistiú ar 1,637 gclub tríd an scéim sin. Leithdháileadh €449,905 sa bhreis chun Cláir Atosaithe agus Athnuachana Covid-19 a réachtáil chun cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar chláir nua ar féidir leo an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur ar aghaidh i ré sláinte poiblí Covid-19. Infheistíodh €725,000 mar chuid de Scéim Tacaíochta Pobail a úsáidfear chun cláir spriocdhíríthe a ghníomhachtú ar mhaithe le tacú le pobail áitiúla coinneáil gníomhach le linn phaindéim Covid-19. Má táthar chun rannpháirtíocht áitiúil a choinneáil inmharthana, beidh sé riachtanach tacú le clubanna a mboinn bhall agus oibríthe deonacha a chothabháil, a earcú agus a ghníomhachtú le linn phaindéim Covid-19.

13. Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann – Mná sa Spórt

Forbheathnú ar an Aonad

Tar éis tionscadal fairsing a sheoladh le linn na bliana 2018, d'fhoilsigh Spórt Éireann an beartas nua uaidh um Mná sa Spórt i mí an Mhárta 2019. Leagtar amach sa bheartas an fhís atá ag Spórt Éireann do mhná sa spórt, áit a bhfaigheann mná comhdheis chun barr a gcumais a bhaint amach agus a mbaineann siad taitneamh as rannpháirtíocht sa spórt ar feadh an tsaoil. Tá rún daingean ag Spórt Éireann méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht mharthanach na mban sa spórt mar chóitseálaithe, mar oibrithe deonacha, mar bhaill de chlubanna, mar lúthchleasaithe, mar thathantóirí, mar cheannairí agus mar rannpháirtithe, idir an leibhéal gnáthphobail agus an póidiam. Tríd an mBeartas um Mná sa Spórt, shainaithin Spórt Éireann ceithre réimse thábhachtacha inarb ann do bhearnaí reatha agus do dheiseanna amach anseo maidir le rannpháirtíocht na mban sa spórt.

1. Cóitseáil agus Réiteoireacht
2. Rannpháirtíocht Ghníomhach
3. Ceannaireacht agus Rialachas
4. Infheictheacht

Chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na spriocréimsí sin, tá Spórt Éireann dírithe ar na cuspóirí a shanntar dóibh a bhaint amach. Tá na cuspóirí sin ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 agus le Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020.

Chun tacú le cur chun feidhme an bheartais, earcaíodh Nora Stapleton i mí Aibreáin 2019 mar Threoraí Spórt Éireann um Mná sa Spórt. Tá sé mar ról aici formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme rathúil na gCuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas um Mná sa Spórt.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Cuid dhílis de na réimsí uile d'obair Spórt Éireann agus a Aonad éagsúil is ea Mná sa Spórt, go háirithe i dtaca le Comhlachtaí Rialaithe Spóirt, le rannpháirtíocht, le rialachas, le cóitseáil, le réiteoireacht, le tras-chomhoibriú, le forbairt agus athrú eagraíochta, le héagsúlacht agus cuimsiú, le margáiocht agus le cumarsáid. De bhreis air sin, cuirtear Mná sa Spórt san áireamh le linn an chuid is mó de na gníomhartha atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh.

Ar na gníomhartha atá ábhartha go háirithe don inscne, don éagsúlacht agus do Mhná sa Spórt tá gníomhartha 5, 6, 9, 10, 27, 28, 30, 31 agus 32.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 1 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Stiúradh a dhéanamh ar an uaillmhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil a mhéadú.

Mír Ghníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feachtas mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Ghníomhaíochta 3 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Cur le struchtúir chruthaithe atá ann cheana agus, ag an am céanna, cineálacha nua nuálacha cur chuige a lorg i leith rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus i leith neamhghníomhaíocht a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 08 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Spóirt Éireann a fhorbairt mar phríomhghníomhaireacht don oideachas spóirt in Éirinn

Mír Ghníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spóirt Éireann caighdeán atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach

Mír Ghníomhaíochta 15 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Na Cláir Thaighde agus Mheastóireachta a leathnú mar acmhainn ríthábhachtach maidir leis an spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a fhorbairt de réir a chéile

Buaicphointí an Chláir

- Forbraíodh foirne uirlisí agus tacaí i réimse na héagsúlachta inscne
- Bunaíodh Grúpa Oibre um Mná sa Spórt i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt
- Leanadh le clár meantóireachta atá sonrach do mhná a sholáthar tríd an Aonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta
- Forbraíodh clár oiliúna ar na meáin d'anailísithe mná agus do mhná a fhónann ar phainéil
- Leanadh le Foireann Uirlisí Cóitseála um Mná sa Spórt a fhorbairt lena seoladh níos moille i mbliana
- Leanadh le Ceardlann um Chailíní sna Déaga a Chóitseáil a fhorbairt lena seoladh níos moille i mbliana
- Soláthraíodh Clár Ceannaireachta Lúthchleasaithe (Feidhmíocht Póidiam)

Forbhreathnú ar an gClár

Leis an gclár um Mná sa Spórt sa bhliain 2020, tugadh tacaíocht leanúnach do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus díriodh ar chláir a fhorbairt nó a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta chun dul chun tairbhe do gheallsealbhóirí.

Sa tríú ráithe den bhliain 2020, chuir Spóirt Éireann tús lena thionscadal taighde um Chailíní a Chur ag Bogadh. Faoin tionscadal seo a cistíodh le cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, d'fhéach Spóirt Éireann le hacmhainn a fhorbairt lena húsáid ag an earnáil spóirt (Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta) chun tacú leo forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar chláir spóirt lena gcabhraítear le cailíní ógánta i limistéir faoi mhíbhuntáiste páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil.

Mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt 2020, d'óstáil Spóirt Éireann sraith seimineár Gréasáin lenar spriocdhíríodh ar ghrúpaí a fhágtar ar an imeall in amanna ó thaobh an spóirt agus na haclaíochta de. Áiríodh leo sin seimineáir ghréasáin orthu seo: 'Gníomhach le linn Toirchis' agus 'Máithreacha Nua agus Aclaíocht'. Clúdaíodh leis an bplé topaicí amhail treoirlínte le haghaidh aclaíochta a dhéanamh le linn toirchis, moltaí le haghaidh filladh sábháilte ar an aclaíocht do mhná nua-iarthuismidh, nithe ar cheart do mhná bheith eolach orthu nó ar cheart dóibh iad a chur san áireamh, agus taispeántas cineálacha sábháilte aclaíochta sa dá rang. Ag teacht sna sala ar rath na seimineár Gréasáin, rinne Spóirt Éireann sraith thiomnaithe aclaíochta a fhorbairt agus a sholáthar go fíorúil do mhná le haghaidh clainne agus do mháithreacha ionchais agus nua.

I mí an Mhárta 2020, scaoil Spóirt Éireann an chéad léargas uaidh ar na figiúirí comhdhéanta boird ar fud na hearnála Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar an dul chun cinn a rinneadh ar chothromaíocht inscne a bhaint amach ar bhoird. Leagadh béim sa léargas sin gur tháinig méadú go 29% ar an gcéatadán de mhná atá ag fónamh ar bhoird na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, i gcomparáid le 24% i mí an Mhárta 2019. Scaoileadh dara léargas inar achoimríodh ról cheannaireachta na mban i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt i mí na Nollag 2020 agus ba é 29% an toradh ar an gceann sin freisin.

I mí na Nollag 2020, sheol Spóirt Éireann dhá acmhainn lena n-úsáid ag an earnáil spóirt (Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta) chun treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh ar mhaithe le boird agus coistí atá níos cothroime ó thaobh inscne de a fhorbairt. Tugtar breac-chuntas i gCuid A ar an gcás gnó le haghaidh boird atá níos éagsúla ó thaobh inscne de agus baintear úsáid inti as samplaí ó Éirinn agus ón gcuid eile den domhan chun daoine a chur ar an eolas faoin topaic. Leagtar Cuid B amach i riocht foireann uirlisí agus tugtar breac-chuntas inti ar bhearta agus gníomhartha praiticiúla i riocht 'creat dea-chleachtas' is féidir a chur chun feidhme chun mná a mhealladh chuig ról mar chomhaltáí boird agus chun iad a choinneáil sna ról sin.

I mí an Mheithimh 2020, thug Spóirt Éireann faoin gcéad staidéar uaidh riamh inar spriocdhíríodh go hiomlán ar bhanchóitseálaithe gníomhacha agus neamhghníomhacha ar fud na spóirt uile ar oileán na hÉireann. Ba iad seo na haidhmeanna sonracha a bhí leis an taighde:

- Tuiscint níos cuimsithí a fhorbairt ar stádas na mban i ról chóitseála in Éirinn;
- Imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann maidir leis an líon ban atá ag cóitseáil ar fud na spóirt uile agus ar gach leibhéal a mhéadú; agus
- Úsáid a bhaint as an aiseolas chun forbairt a dhéanamh ar chláir dhea-chleachtas, acmhainní nó straitéisí ar féidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt iad a úsáid chun banchóitseálaithe a earcú, a choinneáil, a fhorbairt agus a chur ar aghaidh.

14. Tras-chomhoibriú

Forbhreathnú ar an Aonad

Mar chuid den Aonad Rannpháirtíochta, tá freagracht ar an bhfoireann tras-chomhoibrithe a bunaíodh le déanaí as obair chomhoibríoch a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud na hearnála spóirt chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú. Áirítear le réimsí oibre áirithe na foirne Tras-chomhoibrithe freagracht a ghlacadh as cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin, as cistiú ón gCiste Spórt Éireann, as Seachtain Eorpach an Spóirt a sholáthar agus as Straitéis d'Oibríthe Deonacha a fhorbairt.

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin, tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn gach ceann de na comhlachtaí a gcistíonn Spórt Éireann iad i gcomhar lena chéile chun cuspóirí an Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil agus an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh. Tugann an fhoireann Tras-chomhoibrithe tacaíocht chun an fás leantach sa réimse sin a bhainistiú, agus comhoibriú laistigh den earnáil spóirt agus idir an earnáil spóirt agus earnálacha eile, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, a fhorbairt agus a dhoimhniú tuilleadh. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go leantar leis an gcomhoibriú ar fud na hearnála a mhéadú. Cabhraíonn an fhoireann leis an obair laistigh de Spórt Éireann agus leis an mórearnáil spóirt a chur le chéile freisin. De bhreis air sin, féachann sé le feabhas a chur ar an nasc an-tábhachtach atá ann leis na heagraíochtaí a bhfuil caidreamh ar leith acu lenár spriocphobail éagsúla ar mhaithe le gníomhartha ábhartha de chuid an Bheartais Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tá freagracht ar an bhfoireann Tras-chomhoibrithe as obair chomhoibríoch a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud na hearnála spóirt chun rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú. Ós rud é gur trí thras-chomhoibriú agus obair i gcomhpháirt a dhéanfar cuid mhór de chuspóirí straitéiseacha an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhrú chun cinn agus a bhaint amach, tá acmhainneacht ag gníomhaíocht na foirne chun rannchuidiú go mór le cuid mhór de na cuspóirí straitéiseacha sa doiciméad.

Ar na gníomhartha atá ábhartha go háirithe don fhoireann Tras-chomhoibrithe tá gníomhartha 3, 5, 6, 9, 14, 28, 34, 45 agus 48.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spórt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Ghníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 6 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

An líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an-éifeachtach a mhéadú go 40 ceann.

Mír Ghníomhaíochta 7 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Sainaitínt a dhéanamh ar spóirt tosaíochta a bhfuil an seans is mó ann go mbainfidh siad tairbhí buana amach ar fud an tsaol uile agus infheistíocht mhéadaithe a thabhairt do na spóirt sin thar thréimhse na straitéise.

Buaicphointí an Chláir

Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoín sa bhliain 2020

Sular tháinig ráig Covid-19 chun cinn, thug Spóirt Éireann cuireadh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus comhlachtaí cistithe eile chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoi Chiste na gCuntas Díomhaoín. Maidir le foilsiú an Treochláir ón Rialtas an 1 Bealtaine, chuir an earnáil fáilte roimhe toisc gur leagadh creat le haghaidh téarnaimh amach ann. Bhí sé mar sprioc ag Spóirt Éireann rannchuidiú leis an téarnamh sin agus tacú le comhlachtaí spóirt fanacht réidh le haon deiseanna le filleadh ar an spóirt. Mar thoradh ar cheadú na glár éagsúil faoi Chiste na gCuntas Díomhaoín, cinntíodh go mbeadh comhlachtaí spóirt réidh le filleadh ar an spóirt agus gurb amhlaidh, le linn na gcéimeanna tosaigh den fhilleadh, nach méadófaí na grádáin lena dtéitear i bhfeidhm ar ghrúpaí atá doiligh le rochtain.

Bainistíonn Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoín do na 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt, Cara, Ireland Active agus Aostacht agus Deiseanna. Faoin gcistiú iomlán €8,000,000 a leithdháileadh ar Spóirt Éireann faoi Chiste na gCuntas Díomhaoín, b'ionann agus €4,098,085 an leithdháileadh iomlán a dámhadh do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus do chomhlachtaí cistithe eile sa bhliain 2020. Cumhdaíodh réimsí éagsúla leis an gcistiú sin. Áiríodh leo sin Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal, Tionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha, Cathracha Gníomhacha, cláir Nuálaíochta agus cláir Cheannaireachta Óige.

Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoín

Chun tacú leis an earnáil i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú de shíor mar thoradh ar phaindéim Covid-19, leanfaidh Aonad Rannpháirtíochta Spóirt Éireann le Ciste na gCuntas Díomhaoín 2021 a bhainistiú agus a riar. Ceadáíodh cistiú foriomlán ab fhiú €10,000,000 i bprionsabal faoin mbeart de chuid Chiste na gCuntas Díomhaoín sa bhliain 2021 a bhfuil mar aidhm leis soláthar a dhéanamh ar raon éagsúil clár spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla atá ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt agus leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhísiciúil.

Maidir le moltaí chun tacú le tionscail Chomhpháirtíochta Áitiúla Spóirt agus le tionscail inmheánacha Spóirt Éireann, cuireadh i láthair iad do Choiste Spóirt Éireann um Dheontais an 4 Nollaig 2020. Cuireadh na moltaí sin i láthair ina dhiaidh sin do Bhord Spóirt Éireann agus cheadaigh an Bord iad an 15 Nollaig 2020. A luaithe a cheadóidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail é, leithdháilfear an cistiú sin ar na tionscail ábhartha. Cumhdaítear réimsí éagsúla leis an gcistiú sin. Áirítear leo sin Moil Spóirt agus Ghníomhaíochta Fisiciúla sa Phobal, Tionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha, Cathracha Gníomhacha, cláir Nuálaíochta agus cláir Cheannaireachta Óige.

Toisc go mbíonn an staid sláinte poiblí ag athrú de shíor, tá roinnt éiginnteachta ann faoina bhfuil i ndán do phleananna gnó agus cláir na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Ar an mbonn sin, rinneadh an cinneadh próiseas cistiúcháin Chiste na gCuntas Díomhaoin do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a chur siar go dtí an chéad ráithe den bhliain 2021. De bharr an phróisis sin, tugadh tuilleadh ama chun riachtanais dheimhnithe agus acmhainn oibriúcháin na hEarnála araon a dhéanamh amach. I mí Feabhra 2021, tabharfaidh Spórt Éireann cuireadh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus comhlachtaí cistithe eile chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. Déanfar athbhreithniú cúramach ar na hiarratais uile ar chistiú, agus cuirfear moltaí cuí i láthair do Bhord Spórt Éireann agus do na Ranna Rialtais ábhartha lena gceadú.

Tá sé mar sprioc ag Spórt Éireann rannchuidiú le téarnamh an spóirt agus tacú le comhlachtaí spóirt fanacht réidh le filleadh ar an spórt. Tá sé mar aidhm le ceadú na gclár éagsúil faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin a chinntiú gurb amhlaidh, le linn na gcéimeanna tosaigh den fhilleadh, nach méadófaí na grádáin lena dtéitear i bhfeidhm ar ghrúpaí atá doiligh le rochtain.

Cistiú ‘Coinnigh Folláin’ ón gCiste Éire Shláintiúil

Mar chuid de Theacht Aniar agus Téarnamh 2020-2021: An Plean maidir le Maireachtáil le Covid-19, sheol an Taoiseach Micheál Martin TD an feachtas ‘Coinnigh Folláin’. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas sin tacú le pobail agus daoine aonair aird a thabhairt ar a meabhairshláinte agus a sláinte fhisiciúil.

Díríodh san fheachtas ‘Coinnigh Folláin’ ar chúig phríomhréimse téama:

- Aird a thabhairt ar do ghiúmar.
- Bia sláintiúil a ithe.
- Stopadh agus bheith cruthaitheach.
- Coinneáil Nasctha.
- Coinneáil Gníomhach.

D’ainmnigh an Roinn Sláinte Spórt Éireann mar threoraí ar an téama ‘Coinneáil Gníomhach’ den fheachtas agus, chuige sin, bhain sé leas as an tacaíocht ó Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl agus Aostacht agus Deiseanna chun tacú le daoine coinneáil gníomhach ar fud mhíonna an gheimhridh le cistiú iomlán ab fhiú €1,800,000.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, shainaitin Spórt Éireann comhlachtaí cistithe agus gníomhaireachtaí a measadh a bheith oiriúnach don Chiste ‘Coinnigh Folláin’ agus, chuige sin, thug sé cuireadh i mí na Samhna 2020 do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, Aostacht agus Deiseanna, Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl agus roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoin gCiste ‘Coinnigh Folláin’. Athbhreithníodh na hiarratais sin agus cuireadh moltaí faoi bhráid an Choiste um Dheontais agus an Bhoird i mí na Nollag. Ar cheadú a fháil ón mBord, eisíodh cistiú chuig na hiarratasóirí rathúla.

Operation Transformation

Thosaigh Spórt Éireann ag obair le Operation Transformation sa bhliain 2011 agus chabhraigh sé le forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúla ghníomhaíochta fhisiciúla, a craoladh ar an gclár teilifíse ó shin i leith.

Cuireadh tús le Sraith 13 Dé Céadaoin an 8 Eanáir 2020. Tá breac-chuntas le fáil thíos ar rannpháirtíocht Spórt Éireann i sraith teilifíse na bliana 2020:

- Cuireadh Siúlóidí Náisiúnta Operation Transformation ar siúl an 17 Eanáir 2020. D’eagraigh Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt níos mó ná 135 Shiúlóid Náisiúnta, ar ghlac níos mó ná 17,000 duine páirt iontu.
- Rith 5 k Operation Transformation i bPáirc an Fhionnuisce – D’fhreastail an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Rith 5 k Spóirt Éireann/Operation Transformation i bPáirc an Fhionnuisce Dé Sathairn an 22 Feabhra i dteannta Tom Brabazon, Leas-Ardmhéara Bhaile Átha Cliath. Ba é an Rith 5 k an príomhimeacht d’fhéilire Operation Transformation 2020, ar chláraigh 5,000 duine den phobal le haghaidh páirt a ghlacadh ann. D’eagraigh Spóirt Éireann an Rith 5 k i gcomhpháirt le Lúthchleasaíocht Éireann, le Comhpháirtíocht Spóirt agus Folláine Chathair Bhaile Átha Cliath, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le hOifig na nOibreacha Poiblí.
- Seoladh an feachtas ‘Soilsíonn Éire Suas’ trí Operation Transformation Dé Céadaoin an 22 Eanáir. Sa tionscnamh sin, rinneadh cur chun cinn ar na tairbhí sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte a ghabhann leis an siúl agus an aclaíocht, ar na saoráidí iontacha atá ar tairiscint ag clubanna áitiúla CLG agus ar na tacaí atá ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúil tríd an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl’. Is é atá i gceist le ‘Soilsíonn Éire Suas’ ná go gcuireann clubanna rannpháirteacha CLG a dtuilsí/a gcórais soilsithe air idir 7pm agus 9pm sa tráthnóna agus an clár teilifíse á chraoladh.

Seachtain Eorpach an Spóirt 2020

Is é Spóirt Éireann an Comhlacht Comhordúcháin Náisiúnta ar ainmnigh an Coimisiún Eorpach é le haghaidh Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn. Cuireadh Seachtain Eorpach an Spóirt ar siúl idir an 23 Meán Fómhair agus an 30 Meán Fómhair 2020.

Imeacht seachtaine ina gceiliúrtar an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil is ea Seachtain Eorpach an Spóirt. Sa bhliain 2020, cuireadh 535 imeacht ar siúl sa tír sa tseachtain. Áiríodh leis an 11 imeacht shuaitheanta an Lá Céaslóireachta #BíGníomhach, an Lá Náisiúnta Siúl agus Lá Spóirt Scoileanna na hEorpa. Sholáthair 12 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt imeachtaí nuálacha #BíGníomhach mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt 2020. Cuireadh ar siúl iad ar an gClár, i gCorcaigh, i bhFine Gall, i gCiarraí, i Liatroim, ar an Longfort, i Maigh Eo, ar an Mí, i Ros Comáin, i Sligeach, i Loch Garman agus i gCill Mhantáin. Cuireadh raon leathan imeachtaí ar siúl le linn na seachtaine, idir ghníomhaíochtaí amuigh faoin spéir agus ghníomhaíochtaí fíorúla. Áirítear leo snámh amuigh faoin spéir, treodóireacht, ióga agus ranganna aclaíochta amuigh faoin spéir. Chuir Spóirt Éireann próiseas clárúcháin ar líne chun feidhme ina raibh clubanna agus eagraíochtaí in ann a n-imeacht féin do Sheachtain Eorpach an Spóirt a chláru. Ghlac níos mó ná 700,000 duine san iomlán páirt sna himeachtaí le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt.

Rinneadh an-chuid de na himeachtaí beartaithe a oiriúnú agus a aistriú ina bplean malartach mar gheall ar na bearta a bhí i bhfeidhm mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Oiriúnaíodh na himeachtaí uile nuair ba ghá agus réachtáladh iad ar aon dul leis na treoirlínte sláinte poiblí ba chothroime le dáta a bhí ar fáil ón Rialtas agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Bhí imeachtaí suaitheanta Sheachtain Eorpach an Spóirt ag teacht le straitéis rannpháirtíochta Spóirt Éireann ach tacú le himeachtaí suaitheanta ina spriocdhírítear ar spriocghrúpaí sonracha sa phobal, lena n-áirítear mná, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine scothaosta, daoine óga agus teaghlaigh agus na himeachtaí sin a chur chun cinn.

Forbhreathnú ar an gClár

Ag gníomhú dó le tacaíocht ó Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoín ón mbliain 2015 i leith, tá Spóirt Éireann ag féachaint le hobair chomhoibríoch ar fud na hearnála a mhéadú chun rannpháirtíocht áineasa sa spórt a mhéadú, agus béim ar leith á leagan ar na grúpaí is doilí le rochtain. Is é is Ciste na gCuntas Díomhaoín ann ná scéim le haghaidh cistí neamhéilithe ó chuntais in institiúidí creidmheasa in Éirinn a eisíoc. Riartar an ciste faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, faoin Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003, agus faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú), 2012. Tá sé faoi fheidhmeanna reachtúla an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Iarrann Spóirt Éireann iarratais nuálacha ar Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoín chun tacú leis na Gníomhartha ón mBeartas Náisiúnta Spóirt agus ón bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhísiciúil maidir le cláir rannpháirtíochta atá dírithe ar phobail faoi mhíbhuntáiste a chur chun feidhme agus tacaíocht a thabhairt do na cláir sin. Moltar do thionscadail cur leis na hinfheistíochtaí go dtí seo agus a thaispeáint go bhfuil siad ag obair i gcomhpháirt go cuí le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta eile, le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt nó le gníomhaireachtaí ábhartha eile. Tá sé mar aidhm ag Spóirt Éireann leanúint le tacaíocht a thabhairt do chláir éagsúla trí chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoín, á chinntiú go mbeidh comhlachtaí spóirt réidh le filladh ar an spórt agus go leanfaí le haghaidh a thabhairt ar na grádáin lena dtéitear i bhfeidhm ar ghrúpaí atá doiligh le rochtain.

Is é Éire Shláintiúil, Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025 an creat náisiúnta le haghaidh gníomhaíochta chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú sna blianta atá le teacht. Roghnaigh an Roinn Sláinte agus Éire Shláintiúil Spóirt Éireann mar phríomh-chomhpháirtí soláthair faoi Shnáithe 2 den Chiste Éire Shláintiúil. Tugann Spóirt Éireann cuireadh d'eagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar chistiú chun cur chun feidhme a dhéanamh ar ghníomhartha scoite sonracha atá ag teacht leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhísiciúil ó Éire Shláintiúil. Tá sé mar phríomhaidhm leis an gCiste tacú le tionscadail agus tionscnaimh thrasearnála a chabhraíonn le cur chun feidhme a dhéanamh ar phríomhbheartais náisiúnta i réimsí amhail stádas sláinte, méachan, murtall, úsáid tobac, úsáid alcóil, gníomhaíocht fhísiciúil, folláine meabhrach, nascacht shóisialta, sláinte ghnéasach agus rochtain ar spásanna glasa. Tá sé mar aidhm ag Spóirt Éireann leanúint le tacaíocht a thabhairt do chláir éagsúla trí chistiú ón gCiste Éire Shláintiúil, ag tacú dó le tionscadail agus tionscnaimh thrasearnála nuálacha a chabhraíonn le cur chun feidhme a dhéanamh ar phríomhbheartais náisiúnta a bhfuil mar aidhm leo sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú.

Seoladh Seachtain Eorpach an Spóirt sa bhliain 2015 agus cuirtear ar siúl í gach bliain ón 23 Meán Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair. Cruthaíodh Seachtain Eorpach an Spóirt mar fhreagairt don ghéarchéim neamhghníomhaíochta a bhí ag dul in olcas. Cé go gcuireann an spórt agus gníomhaíocht fhísiciúil go mór le folláine shaoránaigh na hEorpa, is amhlaidh i roinnt tíortha nach bhfuil an leibhéal gníomhaíochta fisiciúla a dhéantar ag méadú agus go bhfuil sé ag laghdú, fiú. Is do gach duine atá an tseachtain, beag beann ar aois, ar

chúlra nó ar chorpacmhainn. Agus díriú á leagan aici ar thionscnaimh sa phobal, tá sé mar chuspóir leis an tseachtain níos mó daoine san Eoraip a spreagadh #BheithGníomhach ar bhonn níos rialta agus níos mó aclaíochta a dhéanamh ar fud na bliana, go háirithe le linn thréimhse an fheachtais. Is é Spóirt Éireann an Comhlacht Comhordúcháin le haghaidh Sheachtain Eorpach an Spóirt in Éirinn agus faigheann sé cistiú ón gCoimisiún Eorpach chun an tionscnamh a sholáthar.

15. Aonad Eitice Spóirt Éireann

Forbhreathnú ar an Aonad

I réimse an chumhdaigh, is é an sainchúram atá ar Spóirt Éireann treoirlínte agus cóid chleachtais a fhorbairt agus a scaipeadh lena gcuirtear chun cinn an dea-chleachtas maidir le leanaí a chosaint sa spóirt, ar aon dul leis an treoir agus an reachtaíocht um chosaint leanaí.

Chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh, déanann Spóirt Éireann idirchaidreamh le níos mó ná 60 ceann neamhspleách de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt chun feasacht a mhéadú ar iompraíochtaí chun seasamh le dea-chleachtas agus cothrom na Féinne i ngach spóirt agus chun na hiompraíochtaí sin a chur chun cinn.

Maidir leis an Éagsúlacht agus an Cuimsiú, tá an tAonad Eitice i gceannas ar an spóirt cuimsitheach a fhorbairt, ag gníomhú dó le gach ceann d'aonaid Spóirt Éireann chun cláir chuimsithe agus éagsúlachta a leabú agus a chur chun feidhme sa phobal spóirt ina iomláine.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Éagsúlacht agus Cuimsiú: Gníomh 6

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Éagsúlacht agus Cuimsiú: Cuspóir uimh. 4 de Straitéis Spóirt Éireann

Cumhdach: Cuspóir uimh. 14 de Straitéis Spóirt Éireann

Buaicphointí an Chláir

Cumhdach

Rinneadh ceardlanna cumhdaigh a sholáthar ar líne

Chun a chinntiú go leanfaí le ceardlanna cumhdaigh a sholáthar le linn phaindéim Covid-19, chabhraigh an tAonad Eitice le ceardlanna cumhdaigh aghaidh ar aghaidh a oiriúnú dá soláthar ar líne. Gné ríthábhachtach de chur i bhfeidhm rathúil an oiriúnaithe sin ba ea rannpháirtíocht agus ionchur na bpríomh-gheallscalbhóirí ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt, ó Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus ó theagascóirí cumhdaigh.

Athraíodh ábhar na gceardlann cumhdaigh chun dáta

Ag teacht sna sala ar chur i gcrích an phróisis fhairsing chun ábhar cheardlann Chumhdach 1 de chuid Spóirt Éireann a athrú chun dáta, rinne an tAonad Eitice roinnt seisiún uasoilúna do theagascóirí Chumhdach 1 a sholáthar sa tríú ráithe agus sa cheathrú ráithe don líonra teagascóirí Cumhdaigh.

Tionscadal AE

Tá Spórt Éireann (an tAonad Eitice) ag glacadh páirt faoi láthair sa tionscadal de chuid Chomhairle na hEorpa dar teideal “Child safeguarding in Sport. Up your game, strengthen your squad!” (CSiS). Iarradh ar Spórt Éireann an ról mar shainchomhairleoir saineolaíoch a chomhlíonadh, mar thoradh ar an taithí leathan atá aige ar an dea-chleachtas agus na ceanglais dhlíthiúla a chur chun feidhme sa réimse um Dhaoine óga a chumhdach sa spórt agus ar líonra Oifigeach Náisiúnta Leanáí a bhunú.

Creat Iniúcháireachta Cumhdaigh Spórt Éireann

Sa chéad ráithe den bhliain 2020, thug an tAonad Eitice aiseolas i gcrích do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta don Spórt i dtaca leis na haighneachtaí iniúcháireachta uathu don bhliain 2019. Ag teacht sna sála ar chríochnú an tionscadail sin, cuireadh tús le hobair ar an gcéad chéim eile den Chreat, arbh é céim an Fhéinmheasúnaithe Club a dhearadh é.

An Fhoireann Uirlisí um Ghlóir na nÓg sa Spórt

Tá sé mar chuspóir leis an bhfoireann uirlisí seo tuiscint shoiléir a thabhairt d’oibrithe deonacha agus baill foirne in eagraíochtaí spóirt ar na nithe is gá dóibh a dhéanamh chun ról a thabhairt dá mbaill óga sa chinnteoireacht ar leibhéal an chlub agus ar leibhéal an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta araon. Le linn na bliana 2020, chuir an tAonad Eitice tús le meastóireacht lár téarma ar an tionscadal go dtí seo. Táthar ag súil go mbeidh an léargas arna ghnóthú ón meastóireacht ina bhonn eolais le pleananna le haghaidh fhás an tionscadail sa todhchaí.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Agus tacaíocht á tabhairt aige do ghníomhartha ábhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh, chuir Spórt Éireann tús le beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe a fhorbairt chun scóip a shainchúraim éagsúlachta agus cuimsithe a leathnú tuilleadh. Tá sé mar aidhm leis an mbeartas cur le rath agus tionchar Bheartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt agus le rath agus tionchar Bheartas Spórt Éireann um Mná sa Spórt.

Cuirfear ar áireamh sa doiciméad beartais Éagsúlachta agus Cuimsithe spriocanna inlámhsithe agus réimsí gníomhaíochta ar féidir le Spórt Éireann, lena eagraíochtaí cistithe agus lena chomhpháirtithe obair dá réir chun an cuimsiú a chur chun cinn agus chun fáilte a chur roimh an éagsúlacht i dtaca le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil.

Chun cabhrú le Spórt Éireann tuilleadh tuisceana a ghnóthú ar riachtanais na hearnála sa réimse seo, chuir Spórt Éireann tús le próiseas fairsing cuimsitheach taighde agus comhairliúcháin chun sainaitheint a dhéanamh ar na bacainní, na dúshláin agus na cumasóirí atá ann ó thaobh rannpháirtíocht sa spórt de.

Forbhreathnú ar an gClár

a. Cumhdach

Rud ríthábhachtach do Spórt Éireann is ea leanaí a chumhdach sa spórt. Tá Spórt Éireann ag leanúint lenár gclár eitice a fhorbairt agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann chun a chinntiú gur spráúil agus taitneamhach a bhíonn eispéiris leanaí agus daoine óga sa spórt agus go seoltar na heispéiris sin de mheon chothrom na Féinne.

Gníomhaíonn Spórt Éireann i gcáil treorach agus tacaíochta do níos mó ná 60 ceann aitheanta de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt i réimse an Chumhdaigh agus na Cosanta Leanaí. Is é an sainchúram atá orainn treoirlínte agus cóid chleachtas a fhorbairt agus a scaipeadh lena gcuirtear chun cinn an dea-chleachtas maidir le leanaí a chosaint sa spórt, ar aon dul leis an reachtaíocht um chosaint leanaí.

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an bhfeidhm sin, soláthraíonn Spórt Éireann sraith uirlisí agus acmhainní, lena n-áirítear:

Treoir Cumhdaigh Spórt Éireann do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt:

Tá sé mar aidhm le Treoir Cumhdaigh Spórt Éireann do Leanaí agus Daoine Óga sa Spórt cabhrú le comhlachtaí spóirt cruthú a dhéanamh ar chultúr sábháilteachta lena gcuirtear leas na leanaí agus na ndaoine óga a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí spóirt chun cinn. Forbraíodh an treoir chun tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt agus le clubanna a chinntiú go mbeidh siad in ann cloí leis na freagrachtaí atá orthu ó thaobh cumhdach leanaí agus cosaint leanaí de. Cuireadh le chéile í i gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus dá gclubanna gach lá, á chinntiú go gcloítear leis an dea-chleachtas reatha agus go gcomhlíontar reachtaíocht ábhartha an lae inniu ag an am céanna.

Cuirtear ar áireamh sa doiciméad treoir agus faisnéis maidir leo seo: measúnú riosca a dhéanamh; Ráiteas faoi Chumhdach Leanaí a fhorbairt; agus forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta le haghaidh leanaí agus daoine óga a chumhdach agus a chosaint.

Cuirtear ar áireamh sa doiciméad freisin roinnt teimpléad beartais agus nós imeachta ar féidir le Comhlacht Rialaithe Náisiúnta iad a chur in oiriúint do riachtanais shonracha a spóirt agus a bhall.

Ceardlanna Cumhdaigh Spórt Éireann:

Tá clár Cumhdaigh Spórt Éireann dírithe ar cheannairí spóirt agus ar aosaigh a ghabhann do ghníomhaíochtaí spóirt a eagrú do leanaí agus do dhaoine óga. Is é sprioc an chláir feasacht a mhéadú ar an dea-chleachtas agus ar cheanglais dhlíthiúla i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí. Chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh, tairgeann Spórt Éireann trí cheardlann i réimse an chumhdaigh agus na cosanta leanaí chun an fheidhm sin a chur ar aghaidh. Áirítear leo sin ceardlann bunfheasachta do gach ceannaire spóirt, mar aon le hoiliúint atá sonrach don ról d'Oifigigh Leanaí an Chlub agus do Theagmhálaithe Ainmnithe.

Acmhainní

Chruthaigh Spórt Éireann roinnt uirlisí agus acmhainní chun tacú leis an gcumhdach sa spórt. Is é is Staying Safe Online ann ná acmhainn ar líne atá spriocdhírithé ar gach duine ag a bhfuil baint leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil. Is é is an aip Safe Sport ann ná uirlis faisnéise agus treorach do gach duine ag a bhfuil baint leis an spórt do leanaí agus do dhaoine óga. Tá sé mar aidhm leis an aip tuilleadh feasachta agus tuisceana

a chruthú ar phrionsabail chumhdaigh agus dea-chleachtais sa spórt do leanaí. Dearadh Creat Iniúchóireachta Cumhdaigh Spórt Éireann chun tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cloí leis an gcumhdach laistigh dá spórt.

Ceannaireacht a Thabhairt i Réimse an Chumhdaigh

Tá an tAonad Eitice ag leanúint le cur chun cinn a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le leanaí agus daoine óga a chumhdach sa spórt. Trínár dteagmháil leis an earnáil spóirt agus trínár gcomhoibriú lenár gcomhghleacaithe i Spórt Thuaisceart Éireann agus le comhpháirtithe straitéiseacha eile, rannchuidíonn an tAonad Eitice lenár gcuid taithí agus saineolais ar fheasacht a mhéadú ar thábhacht an chumhdaigh sa spórt.

Sa bhliain 2020, chuaigh Spórt Éireann isteach sa tionscadal de chuid Chomhairle na hEorpa dar teideal “Child safeguarding in Sport. Up your game, strengthen your squad!” (CSiS). Iarradh ar Spórt Éireann an ról mar “úinéir dea-chleachtais” a chomhlíonadh, mar thoradh ar an taithí leathan atá aige ar an dea-chleachtas agus na ceanglais dhlíthiúla a chur chun feidhme sa réimse um Dhaoine óga a chumhdach sa spórt agus go háirithe ar líonra Oifigeach Náisiúnta Leanaí a bhunú.

b. Éagsúlacht agus Cuimsiú

Chun tiomantas Spórt Éireann d'Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur ar aghaidh, tá an tAonad Eitice ag tacú le gníomhartha ábhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh agus chuir sé tús le beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe a fhorbairt chun scóip a shainchúraim éagsúlachta agus cuimsithe a leathnú tuilleadh.

Cuirfear ar áireamh sa doiciméad beartais Éagsúlachta agus Cuimsithe spriocanna inlámhsithe agus réimsí gníomhaíochta ar féidir le Spórt Éireann, lena eagraíochtaí cistithe agus lena chomhpháirtithe obair dá réir chun an cuimsiú a chur chun cinn agus chun fáilte a chur roimh an éagsúlacht i dtaca le rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil.

Déanann an tAonad Eitice ionadaíocht d'Éirinn ar an gCoiste Faireacháin agus Comhordaithe ar Imeascadh na nImirceach, agus rannchuidíonn sé leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú na dTaistealaithe agus na Romach, leis an Straitéis LADTI+ agus leis an Straitéis Óige LADTI+.

Tá an tAonad Eitice ag leanúint le tábhacht na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn trínár dteagmháil le príomh-gheallsealbhóirí agus le comhpháirtithe straitéiseacha, agus é mar aidhm leis a chinntiú go leabaítear an éagsúlacht agus an cuimsiú ar fud na heagraíochta agus na hearnála spóirt.

16. Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir

Forbheathnú ar an Aonad

Imríonn Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir ról lárnach i rannpháirtíocht i ngach cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla amuigh faoin spéir in Éirinn a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh agus i bhforbairt inbhuanaithe na hearnála sin.

Áirítear leis sin an Clár Conairí Náisiúnta agus an córas creidiúnaithe conairí in Éirinn a bhainistiú agus tacú le roinnt forbairtí bonnegair agus tionscnaimh rannpháirtíochta amháil Glasbhealaí, Gormbhealaí, Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl agus Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht.

Oibríonn an t-aonad i ndlúthchomhar le raon leathan comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spóirt agus an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, chun deiseanna a chruthú do dhaoine páirt a ghlacadh sa spóirt amuigh faoin spéir in Éirinn.

Áirítear leis an spóirt amuigh faoin spéir gach cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla is féidir a dhéanamh i suíomhanna nádúrtha amuigh faoin spéir – siúl áineasa, rothaíocht, spóirt uisce agus spóirt eachtraíochta thalamhbhunaithe ina measc.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Díríonn an tAonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir ar thacú le roinnt comhlachtaí spóirt agus eagraíochtaí eile forbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar spóirt amuigh faoin aer. Anuas air sin, tacaíonn an tAonad le conairí áineasa a fhorbairt fud fad na hÉireann. Forbraítear iad uile chun níos mó daoine a spreagadh bheith gníomhach amuigh faoin spéir.

Is ann do lear gníomhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ina ndéantar tagairt dá thábhachtaí atá an t-áineas amuigh faoin spéir agus do dhóigheanna ar féidir leis an mórthimpeallacht nádúrtha agus thógtha cabhrú le rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, go háirithe Gníomh 13.

Is cinnte go rannchuideoidh an obair atá á déanamh ag an Aonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir i láthair na huairé agus an obair a dhéanfaidh an tAonad sa todhchaí lena chinntiú go mbainfear na gníomhartha sin amach.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 1 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Stiúradh a dhéanamh ar an uaimhian náisiúnta atá ann an líon daoine a ghlacann páirt sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú.

Mír Ghníomhaíochta 2 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Luach an Spóirt a chur chun cinn chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ag an daonra ar na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht sa spóirt trí rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, lena n-áirítear obair dheonach.

Mír Ghníomhaíochta 3 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Cur le struchtúir chruthaithe atá ann cheana agus, ag an am céanna, cineálacha nua nuálacha cur chuige a lorg i leith rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú agus i leith neamhghníomhaíocht a laghdú.

Mír Ghníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spórt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Buaicphointí an Chláir

- Seoladh beartas nua um an Spórt agus Gníomhaíocht Fhísiciúil Amuigh faoin Spéir
- Cuireadh treoirchéim an Bhunachair Sonraí Dhigitigh Náisiúnta i gcrích
- Seoladh an Córas Digiteach Cigireachta Conairí
- Liostaíodh níos mó ná 900 conair ar an gClár Conairí Náisiúnta
- Feachtas cumarsáide #AnSaolAmuighFaoinSpéirDoChách
- Rinneadh 180 measúnú teicniúil Conaire ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta in Éirinn
- Leanadh le Polasaí Árachais na gConairí Náisiúnta a bhainistiú
- Soláthraíodh 15 cinn de Thionscnaimh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha tríd an Líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Forbhreathnú ar an gClár

Beartas um an Spórt agus Gníomhaíocht Fhísiciúil Amuigh faoin Spéir ó Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir

D'fhoilsigh Spórt Éireann an Beartas um an Spórt agus Gníomhaíocht Fhísiciúil Amuigh faoin Spéir uaidh sa bhliain 2020. Tá sé mar fhís aige deiseanna a chruthú do gach duine páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhísiciúil amuigh faoin spéir agus taitneamh a bhaint as déanamh amhlaidh. Leis an mbeartas, cuirtear le hobair Spórt Éireann san earnáil gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir agus leagtar amach ár dtosaíochtaí do na blianta atá romhainn.

An Bunachar Sonraí Digiteach Náisiúnta

Tháinig borradh breise sa bhliain 2020 faoi thionscadal Spórt Éireann um Bunachar Sonraí Náisiúnta Taitneamhachtaí Spóirt agus Áineasa. Ag gníomhú dó ar mholtaí an Staidéir Indéantachta, bunaíodh Treoirchéim. Cuireadh ar áireamh sa chéim sin cruthúnas coincheapa ar na gnéithe teicniúla de bhunachar sonraí Taitneamhachtaí Spóirt agus Áineasa, mar aon le clár comhairliúcháin. Chistigh Éire Shláintiúil an chéim sin agus stiúir Spórt Éireann í. Cuireadh an treoirchéim i gcrích i mí na Samhna.

Forbairt Bonneagair agus Tacaíocht

Lean Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le tacú le forbairt inbhuanaithe líonra conairí áineasa na hÉireann sa bhliain 2020, lena n-áirítear conairí siúil, conairí rothaíochta agus conairí uisce (Gormbhealaí). Cuireann an clár caighdeán agus dea-chleachtas do chonairí chun cinn agus coinníonn sé Clár Conairí Náisiúnta ar bun.

Sheol Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir an córas digiteach nua cigireachta conairí uaidh sa bhliain 2020. Déanfar Cigireachtaí Clárúcháin agus Iniúchtaí Conairí anois trí úsáid a bhaint as an gcóras sin, atá bunaithe ar chóras faisnéise geografáil. Leis sin, feabhsófar cruinneas agus mionchruinneas agus laghdófar agáí próiseála tuairisce go mór. Chomh maith leis sin, cuirtear ar chumas Spórt Éireann, bainisteoirí conaire agus geallsealbhóirí eile leis príomhshonraí beo a rochtain trí scáileáin eolais idirghníomhacha ar líne.

Rinne Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir 180 measúnú teicniúil Conaire ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta in Éirinn.

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le hacmhainn a fhorbairt agus le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus do phobail trí ghearrchúrsaí éagsúla a sholáthar mar chuid dá chlár oideachais agus oiliúna sa bhliain 2020. Soláthraíodh ceithre chúrsa sa chéad ráithe den bhliain 2020. Cuireadh siar iad ina dhiaidh sin de bharr phaindéim Covid-19 chun cloí leis na treoirlínte ón Rialtas.

Feachtas #AnSaolAmuighFaoinSpéirDoChách

Bhí Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir i gceannas ar a fheachtas cumarsáide meán sóisialta idirghníomhaireachta féin sa bhliain 2020. Tugadh #AnSaolAmuighFaoinSpéirDoChách ar an bhfeachtas. Forbraíodh an feachtas sin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a raibh an earnáil ag déileáil leo. Tarraingíodh na dúshláin sin anuas le linn cruinniú a d'óstáil Spóirt Éireann le geallsealbhóirí i réimse na gníomhaíochta amuigh faoin spéir. Mhair an feachtas níos mó ná trí mhí le linn phaindéim Covid-19 agus bhí sé comhdhéanta de theachtaireachtaí lenar cuireadh úsáid shábháilte inbhuanaithe an tsaoil amuigh faoin spéir chun cinn. Fuair an feachtas tacaíocht ó roinnt gníomhaireachtaí. Áiríodh leo sin an Roinn Iompair, Coillte, Uiscebhealaí Éireann, Leave No Trace, Fáilte Éireann, an Garda Síochána agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Cláir agus Tionscnaimh Rannpháirtíochta

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir leis an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl’ a threorú sa bhliain 2020. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh siúl áineasa a chur chun cinn agus a spreagadh ar son na sláinte, na corpacmhainne agus an áineasa in Éirinn. Toisc gur mhó ná am ar bith riamh an líon daoine a bhí ag déanamh gníomhaíocht amuigh faoin spéir le linn phaindéim Covid-19, bhí méadú ollmhór ann sa líon daoine a bhí ag glacadh páirt i siúl áineasa. Sa bhliain 2020, bhí méadú ann sa líon grúpaí siúil atá cleamhnaithe le Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl. Tá 2000 grúpa cláraithe leis an tionscnamh anois, lena n-áirítear grúpaí pobail, scoileanna, clubanna CLG agus eagraíochtaí eile. Mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt, d'fhorbair Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl a imeacht suaitheanta bliantúil, mar atá ‘An Lá Náisiúnta Siúil’. Ghlac 700,000 siúlóir páirt ann ar an lá agus amharcadh ar a fhógraí meán sóisialta breis agus 3 mhilliún uair. Fuair Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl cistiú ón gCiste Éire Shláintiúil chun aip “Get Ireland Walking” a fhorbairt. Is é atá san aip ná ardán is féidir le rannpháirtithe a úsáid chun páirt a ghlacadh sa dúshlán 21 lá. Anuas air sin, cuimsítear inti meicníocht lena n-éascaítear an feachtas “Soilsíonn Éire Suas”.

Lean Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir le hobairt i gcomhar le Rothaíocht Éireann agus le geallsealbhóirí eile san earnáil rothaíochta sa bhliain 2020 chun an tionscnamh ‘Cuir Muintir na hÉireann ag Rothaíocht’ a fhorbairt. Tá an tionscadal sin ag teacht le beartas rothaíochta na Roinne. Tá Spóirt Éireann ag leanúint freisin le hobairt i gcomhpháirt leis an aonad forbartha Glasbhealaí sa Roinn Iompair chun tacú le forbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar Ghlasbhealaí in Éirinn.

Thug Aonad Spóirt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir tacaíocht do chúig Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt déag chun an Tionscnamh um Eachtraíocht Amuigh faoin Spéir i Limistéir Uirbeacha a sholáthar sa bhliain 2020. Tá sé mar aidhm leis an gclár seo, atá á chistiú ag Ciste na gCuntas Díomhaoin, deiseanna nua a chruthú do dhaoine páirt a ghlacadh i spóirt amuigh faoin spéir i suíomhanna uirbeacha.

Forbhreathnú ar an gClár

Thacaigh Spórt Éireann le feachtas nua de chuid Rialtas na hÉireann, a seoladh an 6 Lúnasa. Bhí sé mar aidhm leis dul i ngleic leis an bhfadhb mhéadaitheach bruscair ar fud na tíre, go háirithe i roinnt dár láithreacha is radharcaí, a d'éirigh ina dteophointí bruscair le déanaí le linn phaindeim Covid-19. Ba thionscnamh é a reáchtáladh i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, le hUiscebhealaí Éireann, le hIascach Intíre Éireann, le Fáilte Éireann, le Spórt Éireann, leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, le hOifig na nOibreacha Poiblí, le Coillte agus le Leave No Trace Ireland.

Tá Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir ina phríomhbhall de Chomhairle na Tuaithe, atá ina fóram náisiúnta geallsealbhóirí áineasa amuigh faoin spéir a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe agus cur chun cinn an áineasa amuigh faoin spéir. Mar chuid den bhallraíocht sin, tá Spórt Éireann ag glacadh páirt in dhá phríomhghrúpa oibre atá ag soláthar Straitéis Náisiúnta um Áineas Amuigh Faoin Spéir agus plean cumarsáide de chuid Chomhairle na Tuaithe.

Tá an tAonad ag leanúint le páirt a ghlacadh sa Chomhpháirtíocht Gormbhealaí le Spórt Thuaisceart Éireann, le Turasóireacht Thuaisceart Éireann, le Fáilte Éireann agus le hUiscebhealaí Éireann. Comhordaíonn an chomhpháirtíocht an obair ar fad chun Gormbhealaí a fhorbairt ar oileán na hÉireann agus tacaíonn sí leis an obair sin. Ag deireadh na bliana 2020, b'ann do 13 iarratas a cuireadh isteach chuig an gcomhpháirtíocht ar chreidiúnú Gormbhealaigh chéim 1. Tá Gormbhealaí ina gconairí ilghníomhaíochta ceadaithe brandáilte a bhfuil mar aidhm leo áineas ar an uisce agus i ngar don uisce a spreagadh agus a chothú.

Lean Spórt Éireann le tacaíocht a thabhairt don chlár 'Ná Fág Aon Rian' in Éirinn sa bhliain 2020. Tá sé mar aidhm leis an gclár sin áineas stuama amuigh faoin spéir a chur chun cinn trí thaighde, oideachas agus for-rochtain a sholáthar chun go mbeidh gach duine a théann amach in ann an saol amuigh faoin spéir a chosaint agus taitneamh a bhaint as go stuama.

Lean Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir lena chaidreamh le hIonad CARA a chothú sa bhliain 2020 chun feachtas a mhéadú ar na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht i Suíomhanna Amuigh faoin Spéir agus chun a chinntiú go mbeidh timpeallachtaí amuigh faoin spéir níos sorochtana agus níos cuimsithí do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo páirt a ghlacadh i spóirt amuigh faoin spéir.

Gníomhaíonn Aonad Spórt Éireann um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir mar chomhordaitheoir náisiúnta le haghaidh forbairt a dhéanamh ar na codanna in Éirinn de na rotharbhealaí idirnáisiúnta i líonra rotharbhealaí na hEorpa (EuroVelo). Téann an bealach trí dheich gcontae ar an gcósta thiar agus theas. Tá an bealach i bhfeidhm in ocht gcinn de na contaetha, áit ar cuireadh comharthaí suas nó a bhfuil comharthaí á gcur suas. Táthar ag leanúint le hobair leis an dá chontae eile chun dul chun cinn a dhéanamh ar chur suas na gcomharthaí.

17. An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta

Forbheathnú ar an Aonad

Is é an phríomhaidhm atá ag an Aonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta i Spórt Éireann ná tacaíocht a thabhairt do na heagraíochtaí spóirt a fhaigheann cistiú ó Spórt Éireann, lena n-áirítear Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. I measc roinnt gnéithe d'obair an Aonaid tá Forbairt Cumais, Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta, agus Líonraí.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Tríd is tríd, tá gníomhaíocht an Aonaid um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta dírithe ar éifeachtacht fhoriomlán na n-eagraíochtaí san earnáil spóirt a fhorbairt, go háirithe éifeachtacht a gcuid comhaltaí boird agus fostaithe. Ós rud é gur trí obair na ndaoine aonair sin ar deireadh a bhrúfar cuid mhór de chuspóirí straitéiseacha an Bheartais Náisiúnta Spóirt chun cinn go páirteach agus a bhainfear amach go páirteach iad, tá acmhainneacht ag gníomhaíocht an Aonaid chun rannchuidiú le cuid mhór de na cuspóirí straitéiseacha sa doiciméad agus i straitéisí gaolmhara amháil Straitéis Spóirt Éireann 2018 – 2022.

Go sonrath, déanann gníomhaíocht an Aonaid um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta difear do na nithe seo a leanas:

Mír Ghníomhaíochta 31 den Bheartas Náisiúnta Spóirt: Déanfaidh Spórt Éireann formhaoirseacht ar phróiseas trína gceanglófar ar gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus ar gach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Cód Rialachais don Earnáil Pobail, Dheonach agus Carthanais a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2021. Mar chuid den phróiseas sin, sainithneoidh Spórt Éireann an oiliúint agus na tacaí a theastaíonn ó eagraíochtaí difriúla chun cabhrú leis an bpróiseas glactha agus cuirfidh sé an oiliúint agus na tacaí sin i bhfeidhm.

Mír Ghníomhaíochta 34 den Bheartas Náisiúnta Spóirt: Déanfaimid comhoibriú laistigh den earnáil spóirt agus idir an earnáil spóirt agus earnálacha eile a chothú agus a spreagadh trí thionscnaimh oiliúna agus forbartha agus trí dhreasachtaí airgeadais agus dreasachtaí eile a sholáthar chun iompraíocht chomhoibríoch a spreagadh ar gach leibhéal spóirt. Oibreoidh ar bhonn uile-oileáin ina leith sin. Féachfaimid le caidreamh níos láidre a fhorbairt leis an gcóras oideachais go háirithe.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Ghníomhaíochta 5 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: Colún feidhmíochta spóirt na hÉireann a fhorbairt, rud atá rithábhachtach do dhaoine spóirt gníomhacha iomaíocha.

Mír Ghníomhaíochta 13 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann: Tacú le comhlachtaí atá á gcistiú ag Spórt Éireann caighdeán atá ard go haonfhoirmeach a bhaint amach sa réimse um Rialachas Corparáideach

Mír Ghníomhaíochta 16 de Ráiteas Straitéise Spórt Éireann: Infheisteoidh Spórt Éireann ina fhorbairt eagraíochta féin agus i bhforbairt a fhoirne chun a chinntiú go ndéantar gach ceann dá ghníomhaíochtaí de réir na gcaighdeán is airde.

Nasc leis an “Connecting for Life Strategy” ón Roinn Sláinte/Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Mír Ghníomhaíochta 5.4.2 den Connecting for Life Strategy: Oiliúint i bhféinmharú a chosc a chur ar bhaill foirne i ranna rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais ar dóigh dóibh teacht i dteagmháil le daoine atá i mbaol iompraíocht féinmharaithe nó atá leochaileach ina leith.

Buaicphointí an Chláir

- Cuireadh an clár Fostaíochta Céimithe ASPIRE ar siúl agus socraíodh céimithe i naoi n-eagraíocht atá á gcistiú ag Spórt Éireann.
- Cuireadh tús leis an dara babhta den chlár Forbartha Bainistíochta ACCELERATE, rud a chuimsigh trí shruth de 22 rannpháirtí an ceann (66 rannpháirtí san iomlán) ó 36 eagraíocht dhifriúla.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gclár ‘Find Your Fit’ chun eagraíochtaí a chumhachtú tacú le folláine a bhfostaithe. D’ainmnigh 18 n-eagraíocht fostaí amháin chun tabhairt faoin ról mar Chosantóir Folláine.
- Cuireadh tús leis an dara timthriall de chlár Meantóireachta M-Power, rud ar ghlac 22 mheantóir agus 22 mheantaí páirt ann. Cuireadh tús leis an tríú timthriall den chlár i mí Dheireadh Fómhair, rud ar ghlac 22 mheantóir agus 22 mheantaí páirt ann.
- Seoladh an Clár Forbartha Rialachais nua GOV-ENHANCE i mí Iúil 2020, ar lena linn a cuireadh roinnt mhaith gníomhaíochta cláir ar siúl. Áiríodh leis an ngníomhaíocht sin:
 - Seimineáir Ghréasáin Bricfeasta inar pléadh topaicí amháil “Éifeachtacht Boird”
 - An chéad Imeacht Líonraithe Cathaoirleach, a cuireadh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair
 - An Seimineár Tráthnóna Rialachais bliantúil, a cuireadh ar siúl i mí na Samhna agus inar pléadh “Dea-Rialachas: Cumasóir feidhmíochta feabhsaithe”
 - An chéad Imeacht Líonraithe Rúnaithe, a cuireadh ar siúl i mí na Nollag
 - An dara timthriall den Teastas sa Rialachas ón bhForas Riaracháin ar leibhéal 9 de Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, rud ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair agus ar ghlac 57 nduine páirt ann
- Cuireadh Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta i gcrích in dhá eagraíocht ar bhonn saincheaptha sonrath.
- Soláthraíodh 48 n-uaire an chloig de chóitseáil feidhmiúcháin do 12 fhostaí earnála ó eagraíochtaí éagsúla.
- Cuireadh 25 cinn de thuiriscí síciméadracha i gcrích agus reáchtáladh seisiúin aiseolais le fostaíthe earnála ó eagraíochtaí éagsúla.
- Cuireadh oiliúint ar 896 dhuine san iomlán d’fhostaithe/comhaltáí boird san earnáil i raon mór réimsí scileanna gnó.

Forbhreathnú ar an gClár

Forbairt Cumais Eagraíochta

Is é atá i gceist leis seo bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar Fhorbairt Cumais Eagraíochta i gclianteagraíochtaí spóirt in ocht réimse cumais:

- Ceannaireacht Eagraíochta
- Bainistíocht Athruithe
- Bainistíocht Riosca
- Pleanáil Straitéiseach
- Bainistíocht Feidhmíochta Fostaithe
- Bainistíocht Tionscadal
- Rialachas Corparáideach
- Teagmháil le Geallscalbhóirí

Forbraíodh Cumas Eagraíochta trí raon seirbhísí tacaíochta Foghlama, Comhairlí agus Córas, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Cúrsaí Oiliúna, Ceardlanna agus Seimineáir
- Ríomhfhoghlaim
- Cóitseáil Feidhmiúcháin
- Measúnuithe Síciméadracha agus Iompraíochta
- Sainchomhairle – Acmhainní Daonna agus an Dlí Fostaíochta
- Sainchomhairle – Forbairt Cumais
- Tacaíocht Earcaíochta ar Leibhéal Sinsearach

Idirghabhálacha Forbartha agus Athraithe Eagraíochta

Bhainistigh Spórt Éireann roinnt idirghabhálacha a soláthraíodh do chlianteagraíochtaí spóirt ar bhonn saincheaptha sonrath. Rinneadh na hidirghabhálacha ar leibhéal an Duine Aonair, ar leibhéal an Ghrúpa agus ar leibhéal na hEagraíochta ar fad. Ba é an bunchuspóir a bhí leis an ngníomhaíocht sin ná feabhas leanúnach a chur ar éifeachtacht eagraíochta laistigh de chlianteagraíochtaí spóirt. Díríodh in idirghabhálacha den sórt sin ar réimsí amháil Measúnú Eagraíochta, Neartú Foirne, Caidreamh Idirghrúpa, Dearadh Eagraíochta agus Athrú Cultúrtha.

Líonraí

D'éascaigh Spórt Éireann raon líonraí a bhí comhdhéanta de ghairmithe a oibríonn i gcineálacha éagsúla gairme/róil. Is é an cuspóir atá le gach líonra ná tacú le piarfhoghlaim, comhroinnt smaointe agus líonrú idir na rannpháirtithe. Tá cúig ghrúpa den sórt sin i mbun oibre faoi láthair:

Ceannaireacht (atá dírithe ar Phríomhfheidhmeannaigh na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhordaitheoirí Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Bainisteoirí Sinsearacha eile a oibríonn san earnáil)

- **Acmhainní Daonna** (atá dírithe ar ghairmithe Bainistíochta Acmhainní Daonna a oibríonn san earnáil)
- **Cóitseáil agus Meantóireacht** (atá dírithe ar Chóitseálaithe Feidhmiúcháin agus Meantóirí a oibríonn san earnáil)
- **Gov-Enhance do Chathaoirligh Bhoird** (atá dírithe ar Chathaoirligh Bhoird a oibríonn san earnáil)
- **Gov-Enhance do Rúnaithe Boird** (atá dírithe ar Rúnaithe Boird a oibríonn san earnáil)

18. An tAonad Taighde

Forbhreathnú ar an Aonad agus ar an gClár

Tá sé mar sprioc ag an Aonad Taighde taighde ardháilíochta a spreagadh lena rannchuidítear le cinnteoireacht níos fianaisebhunaithe i spóirt na hÉireann agus a chinntiú go scaiptear torthaí an taighde sin go forleathan ar an gcóras spóirt agus ar an gcóras beartais phoiblí.

Nasc leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

Díríonn an tAonad Taighde a chuid gníomhaíochta ar léargas a fhorbairt don earnáil spóirt, don Rialtas agus do ghníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta. Ós rud é gur trí na réimsí sin ar deireadh a bhrúfar cuid mhór de chuspóirí straitéiseacha an Bheartais Náisiúnta Spóirt chun cinn go páirteach agus a bhainfear amach go páirteach iad, tá acmhainneacht ag gníomhaíocht an Aonaid chun rannchuidiú le cuid mhór de na cuspóirí straitéiseacha sa doiciméad agus i straitéisí gaolmhara amháil Straitéis Spóirt Éireann 2018 – 2022.

Nasc le Straitéis Spóirt Éireann

Mír Gníomhaíochta 4 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Rochtain a mhéadú ar dheiseanna rannpháirtíochta, agus díriú á leagan ar an neamhionannas a laghdú.

Mír Gníomhaíochta 7 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Sainnithint a dhéanamh ar spóirt tosaíochta a bhfuil an seans is mó ann go mbainfidh siad tairbhí buana amach ar fud an tsaoil uile agus infheistíocht mhéadaithe a thabhairt do na spóirt sin thar thréimhse na straitéise.

Mír Gníomhaíochta 15 de Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann:

Na Clárí Thaighde agus Mheastóireachta a leathnú mar acmhainn ríthábhachtach maidir leis an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a fhorbairt de réir a chéile.

Buaicphointí an Chláir

Tá Spóirt Éireann ag seoladh Mhionatóir Spóirt na hÉireann ón mbliain 2007 i leith. Leis an suirbhé taighde, tugtar léargas ar an rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc aosach atá 16 bliana d'aois agus níos sine. Éascaítear leis faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar spriocanna beartais a chomhlíonadh maidir le rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spóirt, lena n-áirítear i dtaca leis na grádáin inscne, aoise agus shocheacnamaíochta sa rannpháirtíocht sin. Cuireadh suirbhé Mhionatóir Spóirt na hÉireann sa bhliain 2019 i gcrích agus scaipeadh an príomhshuirbhé ar gheall le 8,500 freagraí. Sa bhliain 2019, cumasaíodh le modúil sholúbtha Mhionatóir Spóirt na hÉireann léargais a ghnóthú ar shaincheisteanna tráthúla amháil meabhairshláinte agus folláine agus an spóirt, gnáthchineál na rannpháirtíochta sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, obair dheonach a dhéanamh sa spóirt, mná sa spóirt, míchumas sa spóirt, agus athrú iompraíochta i leith an spóirt.

Sheol an tAire Martin agus an tAire Chambers tuarascáil Mhonatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2019 i mí Mheán Fómhair 2020. Tugtar le fios sna fionnachtana go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar na spriocanna a socraíodh sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, toisc go mbíonn 46% de dhaoine ag imirt spóirt go rialta. Tháinig laghdú go 3.4% ar an ngrádán inscne i rannpháirtíocht sa spóirt. Ghlac 47% d'aoisigh páirt shóisialta sa spóirt sa bhliain 2019. Bhí laghdú foriomlán go 20% ann i neamh-rannpháirtíocht sa spóirt nó i siúl áineasa.

Cuireadh taighde saincheaptha i gcrích sa bhliain 2020. Bhí sé mar aidhm leis rianú a dhéanamh ar an tionchar atá ag srianta Covid-19 ar an spóirt agus ar shiúl áineasa. B'ionann na ceisteanna a cuireadh sa taighde agus na ceisteanna sin a cuireadh i Monatóir Spóirt na hÉireann agus bhí siad ionadaíoch do na daoine sa daonra a bhí 15 bliana d'aois nó níos sine. Bailíodh na sonraí ar an teiléafón. Cuimsíodh ansin na pointí ama seo: Céim an Mhoillithe (Márta), Céim an Fhanachta sa Bhaile (Aibreán-Bealtaine) agus Céim an Treochláir chun an tSochaí agus an Gnó a Athoscailt (Bealtaine-Meán Fómhair). I gcomparáid le fionnachtana Mhonatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2019 (65%), b'airde an rannpháirtíocht i siúl áineasa sna trí phointe ama uile. Thit rannpháirtíocht sa spóirt faoi leibhéal Mhonatóir Spóirt na hÉireann don bhliain 2019 (47%) i gcás Chéim an Mhoillithe agus Céim na hAthoscailte. I gcomparáid le leibhéal Mhonatóir Spóirt na hÉireann sa bhliain 2019 (33%), b'airde na leibhéal ghníomhaíochta fisiciúla ar an iomlán sna trí chéim uile.

Choimisiúnaigh an tAonad Taighde ceithre thionscadal taighde a bhain leo seo: (i) idirghabhálacha taighde eolaíocht iompraíochta a bhfuil mar aidhm leo rannpháirtíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i measc daoine aonair i bpobail faoi mhíbhuntáiste, (ii) luach an spóirt agus na torthaí a sholáthraíonn sé ar fud réimsí beartais ábhartha – an tsláinte fhisiciúil agus an mheabhairshláinte, an t-oideachas, an fhorbairt pobail, an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an turasóireacht, etc.; (iii) bunachair shonraí náisiúnta mianadóireacht sonraí amhail Monatóir Spóirt na hÉireann, an Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil agus Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA) chun léargas beartais nua a ghnóthú ar rannpháirtíocht sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil; agus (iv) cur le tuiscint na hInstitiúide Spóirt ar thacaí do lúthchleasaithe ardfeidhmíochta chun cabhrú leo aistriú ón leibhéal sóisearach go dtí an leibhéal sinsearach.

Chun tacú leis an mbeartas um Mná sa Spóirt, chuaigh an tAonad i mbun taighde ar bhanchóitseálaithe. Thug 2,374 chóitseálaí freagra ar shuirbhé. Bhí 1,825 dhuine díobh ina mbranchóitseálaithe gníomhacha agus bhí 549 nduine díobh ina mbranchóitseálaithe neamhghníomhacha. Rinneadh comhráite cuimsitheacha breise le 28 rannpháirtí i suíomh fócasghrúpa. Sainaitníodh naoi dtéama, atá mar a leanas: líonra cóitseála; bacainní ar dhul chun cinn; eiseamláirí/meantóireacht; tacaíocht Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta/Clubanna; tiomantas pearsanta; an cultúr cóitseála; muinín; cóitseálaithe neamhghníomhacha a tharraingt ar ais; agus struchtúir foghlama. Seoladh na fionnachtana i dteannta an Treoraí um Mná sa Spóirt agus Aonad Cóitseála Spóirt Éireann mar chuid de Sheachtain na mBan i mí an Mhárta.

Tugadh tacaíocht taighde freisin do thionscadal a bhfuil mar aidhm leis ráiteas comhthola ar litearthacht fhisiciúil a fhorbairt d'oileán na hÉireann.

19. Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Gníomhartha Beartais Ceannlíne

- **An Sainghrúpa um Fhilleadh ar an Spóirt:** I mí na Bealtaine 2020, d'fhógair Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag an am, agus Brendan Griffin TD, an tAire Stáit le freagracht as an Spóirt ag an am, gur bunaíodh Sainghrúpa. Bunaíodh an Sainghrúpa chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí spóirt na hÉireann de réir mar a bhí siad ag ullmhú don fhilleadh céimnithe ar ghníomhaíocht spóirt le linn phaindéim Covid-19. Mhol Spóirt Éireann go gcuirfí CARA ar áireamh sa Sainghrúpa chun a chinntiú go gcuirfí cuimsiú san áireamh in aon phrótacail um fhilleadh ar an spóirt.
- Forbraíodh tuarascáil bhliantúil Spóirt Éireann don bhliain 2020, rud a rannchuidigh le próiseas foriomlán tuairiscithe bhliantúil Spóirt Éireann.
- An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027: Sannadh freagracht dhíreach do Spóirt Éireann as Gníomh 9 a chomhlíonadh, rud lena dtugtar aghaidh ar neamhionannais i rannpháirtíocht sa spóirt, agus díriú á leagan ar na grúpaí sin ar lú a leibhéil rannpháirtíochta, go háirithe “iad sin a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, daoine faoi **mhíchumas** agus daoine scothaosta”.
- Tugadh tacaíocht agus infheistíocht leantach do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, do na Cluichí Parailimpeacha, do lúthchleasaithe, do Cara agus do ghníomhaireachtaí eile (Iomlán = €7,981,405) trí dheontais ó Spóirt Éireann (Príomhdheontais, Ciste na gCuntas Díomhaoin agus Mná sa Spóirt).
- Tugadh tacaíocht do phara-lúthchleasaithe ar fud roinnt spóirt agus cuireadh ar a gcumas rath a bhaint amach agus iad ag iarraidh cáiliú do na Cluichí Parailimpeacha i dTóiceo (a cuireadh siar go dtí an bhliain 2021).
- D'fhorbair Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann – Spóirt gradaim nua oideachais do chóitseálaithe agus chuir Cluichí Oilimpeacha Speisialta gradaim i bhfeidhm.
- Rinneadh ionadaíocht ar Choiste Comhairleach Inrochtaineachta na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (rud ar scoireadh de mar thoradh ar athstruchtúrú na Ranna ar bhunú an Rialtais nua).
- Rinne CARA óstáil ar líne ar an Seimineár Náisiúnta um Chuimsiú, rud ar fhreastail breis agus 600 toscaire ó 23 thír dhifriúla air.
- Cláraíodh 1,137 ngníomhaireacht san iomlán don Chairt um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt (atá faoi bhainistiú ag Cara). Áirítear leo sin Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, clubanna agus gníomhaireachtaí eile.

An tAonad Rannpháirtíochta

Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt – an Clár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt

Mar chuid den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, rinneadh infheistíocht chun tacú leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt ar fud an líonra Comhpháirtíochtaí agus chun é a chothabháil, áit ar ceapadh Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt i 29 limistéar Comhpháirtíochta. Tá sé mar aidhm leis an gClár um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt tuilleadh daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú páirt a ghlacadh sa spóirt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus clubanna agus cláir inbhuanaithe a fhorbairt i ngach suíomh.

Trí Thuarascáil Bhliantúil na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt 2020, tugadh deis do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a thaispeáint cén obair a bhí ar bun acu sa phobal i réimse an chuimsithe. Ghlac 340,674 dhuine páirt i 1,132 cheann de thionscnaimh rannpháirtíochta a soláthraíodh ar bhonn áitiúil sa bhliain 2020. Daoine faoi mhíchumas a bhí i 16,243 dhuine de na rannpháirtithe sin.

Gníomhaíochtaí do Chách – Plean gníomhaíochta fisiciúla 4 seachtaine do dhaoine faoi mhíchumas

I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, réachtáil Spóirt Éireann agus an líonra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt plean gníomhaíochta fisiciúla 4 seachtaine do dhaoine faoi mhíchumas chun iad a chumhachtú bheith níos gníomhaí. Chuir Spóirt Éireann, grúpa oibre Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt de chuid na gComhpháirtíochtaí agus CARA acmhainn le chéile don phlean. Tá sé mar aidhm leis an acmhainn Scileanna Oll-Luaileacha daoine aonair (neart cabhlach, cothromaíocht, gluaiseacht dhéthaobhach agus scileanna liathróide) a fheabhsú ar bhealach spráíúil agus, ag an am céanna, cabhrú le daoine a n-íosmhéid molta gníomhaíochta fisiciúla a chomhlíonadh, mar atá molta i bPlean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Fhisiciúil.

Bhí **Be Moved** ina fheachtas cur chun cinn náisiúnta eile ar threoraigh Spóirt Éireann é chun gach duine a spreagadh dul isteach sa bhliain 2021 ar bhealach sábháilte sláintiúil.

Seachtain Eorpach an Spóirt

Imeacht seachtaine ina gceiliúrtar an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil is ea Seachtain Eorpach an Spóirt. Sa bhliain 2020, cuireadh 535 imeacht ar siúl sa tír sa tseachtain. Bhí imeachtaí suaitheanta Sheachtain Eorpach an Spóirt ag teacht le straitéis rannpháirtíochta Spóirt Éireann ach tacú le himeachtaí suaitheanta ina spriocdhírítear ar spriocghrúpaí sonracha sa phobal, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

Ceardlanna ar Inrochtaineacht sa Saol Mór Amuigh faoin Spéir

Bhain CARA leas as Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin 2019 chun roinnt ceardlann ar líne a sholáthar ar inrochtaineacht sa Saol Mór Amuigh faoin Spéir sa bhliain 2020. Bhí fáilte roimh Údaráis Áitiúla agus roimh ghrúpaí forbartha áitiúla freastal ar na ceardlanna sin, a bhí bunaithe ar an doiciméad dar teideal [‘Great Outdoors – A guide for accessibility’](#) ar ullmhaigh Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann é i gcomhpháirt le Spóirt Éireann.

Infheistíocht an Aonaid Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2020

- **Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spóirt:** Leithdháileadh **€916,000** san iomlán ar na 29 gComhpháirtíocht Áitiúla Spóirt.
- **Cistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin:** Leithdháileadh tacaíocht ab fhiú **€287,715** san iomlán ar 24 Chomhpháirtíocht Áitiúla Spóirt.
- **Cara:** Leithdháileadh **€130,000** ar Cara ón bPríomhdheontas agus leithdháileadh **€180,000** air le haghaidh an Chreata um Oilúint sa Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas.
- **Cistiú Covid-19:** Soláthraíodh an ciste um Chláir Atosaithe agus Athnuachana chun cur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar chláir nua ar féidir leo an spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a chur ar aghaidh i ré sláinte poiblí Covid-19. Leithdháileadh **€564,905** ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Bhí díriú ar dhaoine faoi mhíchumas ag an-chuid de na cláir a cistíodh.

An tAonad Eitice

- Cuireadh tús le hobair ar Bheartas Éagsúlachta agus Cuimsithe Spóirt Éireann a fhorbairt. Sainathnóidh daoine faoi mhíchumas a bheith ina spriocghrúpa tábhachtach le haghaidh teagmhála agus comhairliúcháin le linn fhorbairt an bheartais. Beidh tionchar suntasach aige sin ar an spórt cuimsitheach a chur chun cinn agus ar ghníomhartha ábhartha sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a chur chun feidhme.
- Mar chuid den chéim taighde agus comhairliúcháin den bheartas, rinne Spórt Éireann, ag gníomhú dó trí na taighdeoirí ceaptha don tionscadal seo, grúpa oibre a bhunú atá dírithe go sonrach ar dhaoine faoi mhíchumas. Cinnteoidh sé sin go ndéanfar teagmháil fhiúntach úsáideach le daoine faoi mhíchumas, leis na daoine a oibríonn le daoine faoi mhíchumas agus le grúpaí tathanta.
- Lean sé le feachtas a mhéadú ag cruinnithe éagsúla Cumhdaigh agus ag ceardlanna éagsúla forbartha gairmiúla leanúnaí ar Bheartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt. Áiríodh leo sin laethanta faisnéise Cumhdaigh d'Oifigigh Náisiúnta Leanáí agus do Theagascóirí Cumhdaigh agus cruinnithe/ceardlanna thuaidh theas d'Oifigigh Ainmnithe Cumhdaigh Leanáí.
- D'oibrigh an tAonad Eitice i gcomhar le Cara ar chéim an deartha den fhoireann uirlisí um Ghlóir na nÓg sa Spórt. D'imir Cara ról luachmhar san fhoireann uirlisí a mhúnlú chun go mbeifí in ann í a chur in oiriúint go réidh d'earnáil an spóirt do dhaoine faoi mhíchumas.

An tAonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

- Rinneadh infheistíocht airgeadais ab fhiú €4 milliún, beagnach, i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas agus i dtionscadail atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta príomhshrutha:

Croíchistiú	1,798,000
Mná sa Spórt	60,000
Ciste Athléimneachta Covid-19	1,133,500
Ciste na gCuntas Díomhaoin	912,285
An Ciste Éire Shláintiúil	10,000
Tionscadail Speisialta	85,000
Iomlán	3,998,785

- Leanadh leis an idirchaidreamh le CARA chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a bheadh aige obair i gcomhar le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.
- Eagraíodh Laethanta Líonraithe atá Dírithe ar Dhaoine faoi Mhíchumas le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta/Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt i gcomhar leis an Aonad Rannpháirtíochta.

Tacaíocht Cistiúcháin Covid-19

Sa bhliain 2020, dháil Spórt Éireann Pacáiste Cistiúcháin Athléimneachta ab fhiú €70 milliún, arbh é an méid ba mhó riamh é, ar earnáil spóirt na hÉireann. Rinne Spórt Éireann cuid den Scéim a imfhálú chun spriocdhíriú ar an earnáil spóirt míchumais go díreach.

Bunaíodh Grúpa Oibre sonrach don Spórt Míchumais chun na dúshláin uathúla airgeadais agus spóirt a mbíonn eagraíochtaí san earnáil sin ag dul i ngleic leo a shainathint agus a chainníochtú. Bhí an Grúpa Oibre comhdhéanta d'ionadaithe ó Oilimpicí Speisialta Éireann, ó Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, ó Fhís-Spóirt Éireann agus ó Chumann Parailimpeach na hÉireann.

Rinne CARA agus an Lónra Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt araon ionadaíocht do chlár atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas i gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta príomhshrutha agus sa mhórearnáil spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla. Soláthraíodh breis agus €1 mhilliún go díreach chun tacú le comhlachtaí spóirt míchumais.

An tAonad Ardfheidhmíochta

- Lean sé le tacaíocht a thabhairt do Chlár Ardfheidhmíochta Chumann Parailimpeach na hÉireann agus don Phlean Straitéiseach 2019-2025 ón gCumann.
- Thug sé Cistiú Ardfheidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann. Leis an gcistiú sin, tacaítear le soláthar a chlár snámha, lúthchleasaíochta agus rothaíochta agus le soláthar a chlár do spóirt níos lú amhail badmantan agus leadóg bhoird.
- Thug sé Cistiú Oibríochtaí agus Riaracháin do Chumann Parailimpeach na hÉireann. Leis an gcistiú sin, tacaítear le hoibríochtaí na heagraíochta agus tá sé spriocdhírthe ar a phlean straitéiseach a sholáthar.
- Thacaigh sé le hullmhúcháin do Chluichí Thóiceo 2020, a athsceidealaíodh. Tá obair an Choiste Feidhmíochta Parailimpí, a bhfuil Spóirt Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann ina mbaill de, mar bhonn agus thaca ag an tacaíocht sin.
- Thacaigh sé le para-lúthchleasaithe trí chistiú a sholáthar faoin Scéim Cardála Idirnáisiúnta. Sa bhliain 2020, thacaigh Spóirt Éireann le 27 bpara-lúthchleasaí ó shé spórt. B'fhiú an tacaíocht sin agus €604,000.
- B'ionann agus €1,650,000 an infheistíocht iomlán a rinneadh i gCumann Parailimpeach na hÉireann sa bhliain 2020.
- B'ionann agus €1,904,000 an infheistíocht iomlán a rinne an tAonad Ardfheidhmíochta sa Pharaspórt sa bhliain 2020.

Institiúid Spóirt Éireann

Is é príomhchuspóir Institiúid Spóirt Éireann tacú le lúthchleasaithe Éireannacha rath a bhaint amach ag na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha. Rinne cur siar Chluichí Thóiceo go samhradh na bliana 2021 difear mór dár dtacaíocht, rud a tugadh i gcomhpháirt le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann. Dá ainneoin sin, tá foireann na hInstitiúide agus ár gcomhpháirtithe ag leanúint le hullmhú go dícheallach do na Cluichí moillithe agus tá siad ag baint leas as an mbliain bhreise d'am ullmhúcháin. Áirítear leis an obair sin an fhoireann leighis a neartú, forbairtí láidre a dhéanamh ar thacaíocht anailíse feidhmíochta d'Foireann Éireann agus tuilleadh imscrúdaithe agus modhnaithe mhionsonraithe a dhéanamh ar an gclár um lúthchleasaithe a ullmhú don teas.

Cé gur cuireadh tús leo go luath sa bhliain 2020, cuireadh siar go dtí an bhliain 2021 tionscnaimh eile amhail an Clár Trasdula do Thóiceo agus na tionscnaimh éagsúla neartú na foirniúlachta a beartaíodh.

Rinne Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spóirt Éireann a gcomhaontú comhpháirtíochta tacaíochta feidhmíochta a fhadú go foirmiúil chun an bhliain bhreise de thimthriall Chluichí Thóiceo a chumhdach. Athdheimhníodh cúigear ceapaithe na hInstitiúide chuig Foireann Parailimpeach na hÉireann freisin.

D'ainneoin an chuir isteach sa bhliain 2020, rud a d'fhág gurb é cianobair an gnáthchleachtas anois, lean na páirtithe le teagmháil foirmiúil a dhéanamh trí na grúpaí comhaontaithe. Áiríodh leo sin an Coiste Feidhmíochta Parailimpí agus an Grúpa um Eolaíocht agus Leigheas Parailimpeach.

Tacaíocht do Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2020

Thug Institiúid Spórt Éireann 301.05 lá de thacaíocht feidhmíochta do Chumann Parailimpeach na hÉireann sa bhliain 2020. B'ionann é sin agus 13.87% de na laethanta iomlána a soláthraíodh don chóras ardfeidhmíochta sa bhliain 2020. (Fuair Rothaíocht Éireann 184.5 lá (8.5%) sa bhliain 2020, ar soláthraíodh méid suntasach de do chlár Pararothaíochta).

Rochtain ar an Institiúid

Maidir leis an bpríomhphointe rochtana agus leis an gconair dromlaigh lárnach i bhfoirgneamh Institiúid Spórt Éireann ón mbealach isteach tosaigh go dtí an crios lúthchleasaithe/an tsaoráid nirt agus riochtaithe, tá siad saor ó bhacainní anois toisc gur cuireadh doras uathoibríoch leis an limistéar fáiltithe go mall sa bhliain 2020.

An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta

- Tugadh tacaíocht ar mhaithe le forbairt raon eagraíochtaí atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear Ionad CARA, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Oilimpicí Speisialta Éireann. Áiríodh léi sin raon leathan tacaíochta forbartha acmhainne do bhaill foirne i réimsí amháil forbairt bainistíochta agus oiliúint i scileanna boga agus teicniúla.
- Rinneamar infheistíocht freisin i gcaighdeáin rialachais agus cumas rialachais a fhorbairt laistigh de na heagraíochtaí sin, ar aon dul le cuspóirí an bheartais um chód rialachais.
- De bhreis air sin, thugamar tacaíocht forbartha gairmiúla do raon leathan fostaithe ar fud na hearnála a dhíríonn ina gcuid oibre ar ghníomhaíocht le daoine faoi mhíchumas, amháil Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt agus gairmithe ábhartha eile.
- Chinntíomar go sonrach gur leabaíodh feasacht ar mhíchumas i bhForbairt Bainistíochta ACCELERATE 2020/2021 mar phríomhghné modúil, rud a chinntíonn feasacht mhéadaithe do bhainisteoirí ar fud na hearnála.

Campas Spórt Éireann

Cuirtear ar áireamh sa Phleanálaí Oibreacha obair Champas Spórt Éireann chun tacú leis an mbeartas um rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa spórt.

An tAonad Cóitseála

Tá Aonad Cóitseála Spórt Éireann i mbun comhoibrithe ar chúrsa ríomhfhoghlama ar Dhaoine faoi Mhíchumas a Chóitseáil a fhorbairt lena úsáid ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ag cóitseálaithe (le tacaíocht ó Chistiú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin).

Staitisticí ar Oideachas Cóitseálaithe na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, 2020

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Cúrsaí a Reáchtáladh	Cóitseálaithe	Cúrsaí (N-Nua/A-Athbhreithnithe)
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt	1	13	Cispheil Cathaoireacha Rothaí (N)
Oilimpicí Speisialta Éireann	6	36	Tús Eolais ar Chleachtais Chóitseála (A)

Taighde agus Nuálaíocht

Leagadh béim sa Tuarascáil Léargas ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar roinnt de na cláir áitiúla, na bacainní agus na deiseanna atá ann i réimse na rannpháirtíochta sa spórt ag daoine faoi mhíchumas. Cuireadh in iúl sa tuarascáil sin go bhfuil Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ag sroicheadh thart ar 5% de dhaoine faoi mhíchumas trína gcuid clár. I measc dhaoine na hÉireann, tuairiscítear go bhfuil míchumas ar 13.5% de dhaoine, dar le figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Cé nach ndearbhaíonn gach duine faoi mhíchumas a chláraíonn do thionscnaimh na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt gur daoine faoi mhíchumas iad, tá difríocht mhór ann idir an céatadán de dhaoine faoi mhíchumas sa daonra agus an céatadán de dhaoine faoi mhíchumas a ghlacann páirt i dtionscnaimh na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Is réimse dírithe é sin do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus ba cheart dóibh féachaint sna ceithre bliana romhainn ar theagmháil le daoine faoi mhíchumas a mhéadú go 15% den chlúdach iomlán. De bharr na hinfheistíochta méadaithe atá á déanamh sa líonra Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas sa Spórt le blianta beaga anuas, tá Spórt Éireann ag súil le tuilleadh clúdaigh agus teagmhála a fheiceáil sa réimse sin roimh i bhfad.

Réitigh Nuálacha don Earnáil Míchumais le linn Phaindéim Covid-19 laistigh den Earnáil Spóirt agus Gníomhaíochta Fisiciúla

D'oibrigh Spórt Éireann i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais chun faisnéis a ghabháil agus a chóimheas faoi raon leathan nuálaíochtaí/oiriúnuithe a ndearna sainseirbhísí míchumais agus seirbhísí príomhshrutha iad a fhorbairt agus a ghlacadh mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Chuaigh Spórt Éireann i gcomhairle lenár gcomhpháirtithe spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla agus ghabhamar raon leathan tionscadal nuálach agus réiteach “malartach” ar cheap eagraíochtaí san earnáil spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla iad chun rannpháirteachas agus rannpháirtíocht leantach sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil a spreagadh le linn na paindéime. De na 54 réiteach a sainathnódh sa tuarascáil, bhí 24 cinn á stiúradh ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

20. Gníomhaíocht Chorporáideach

Thug Spórt Éireann freagra ar 28 gCeist Parlaiminte san iomlán sa bhliain 2020

D'urraigh Spórt Éireann Gradaim an Irish Times/Spórt Éireann do Bhean Spóirt na Bliana sa bhliain 2020

Thug Spórt Éireann tacaíocht do Operation Transformation arís sa bhliain 2020. Áiríodh léi sin Rith 5 k Operation Transformation a eagrú i bPáirc an Fhionnuisce i gcomhar le Lúthchleasaíocht Éireann

Lean Aonad Cumarsáide Spórt Éireann le tacaíocht a thabhairt sna réimsí seo a leanas: na meáin; gnóthaí poiblí; cumarsáid chorporáideach; imeachtaí; margaíocht; agus cúrsaí digiteacha

Reáchtáil Spórt Éireann roinnt feachtas cumarsáide sa bhliain 2020:

Feachtas ‘Do Sháirarracht Phearsanta’

D'fhorbair Spórt Éireann feachtas náisiúnta cumarsáide chun fir atá 45 bliana d'aois agus níos sine i limistéir faoi mhíbhuntáiste a spreagadh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil. Bhí Mí do Sháirarracht Pearsanta ar siúl ar feadh mhí na Samhna agus tugadh spreagadh lena linn d'fhir atá 45 bliana d'aois agus níos sine deireadh a chur lena leithscéalta agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil mheasartha ar feadh tríocha nóiméad ar a laghad cúig lá sa tseachtain. Chruthaigh Spórt Éireann an feachtas mar fhreagairt do staidéir leantacha, lena n-áirítear an ceann is déanaí de Mhionatóirí Spóirt na hÉireann ó Spórt Éireann, ina léirítear go comhsheasmhach go bhfuil fir os cionn 45 bliana d'aois, go háirithe iad sin ó phobail faoi mhíbhuntáiste, i measc na ndaoine ar dóigh dóibh bheith neamhghníomhach.

Be Moved

Le linn an fheachtas 'Be Moved' a reáchtáil Spórt Éireann, ceiliúradh na gnáthdhaoine ó gach cuid den saol a chuaigh i muinín na haclaíochta agus na gluaiseachta chun cabhrú leo le linn phaindéim Covid-19. Leis an bhfeachtas, spreagadh daoine dul isteach sa bhliain 2021 ar bhealach sábháilte sláintiúil. Cuireadh an feachtas chun cinn ar fud ardáin dhigiteacha agus spreagadh muintir na tíre leis bheith gníomhach ar bhonn laethúil faoin treoir reatha ón Rialtas.

Coinnigh Folláin

Bhí Spórt Éireann ina phríomh-chomhpháirtí den fheachtas 'Coinnigh Folláin' ón Rialtas, rud a seoladh an 29 Deireadh Fómhair. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas 'Coinnigh Folláin' a thaispeáint do gach duine, beag beann ar aois, conas is féidir linn aird a thabhairt ar ár gcuid sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte féin trí nósanna sláintiúla cabhracha a chur lenár ngnáthaimh laethúla agus sheachtainiúla. Agus díriú ar leith á leagan ar dhaoine a choinneáil gníomhach le linn mhíonna an gheimhridh, agus aird á tabhairt ar na dúshlán ina leith sin a d'eascair as srianta Covid-19, cheap Spórt Éireann raon tionscadal agus tionscnamh chun tacú leis an bhfeachtas 'Coinnigh Folláin'. Cruthaíodh sraith ábhair aclaíochta ar líne, ag díriú go sonrach ar leanaí a bhfuil uathachas orthu agus ar a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí nó a gcúramóirí agus cruthaíodh clár iarbheirthe 'coinnigh folláin' do mháithreacha nua agus clár nirt 'coinnigh folláin' do sheandaoine os cionn 70 bliain d'aois.

21. An Grúpa Formhaoirseachta Rialachais ar Chumann Peile na hÉireann

Leis an Meabhrán Tuisceana, bunaíodh an creat le haghaidh an cistiú ó Rialtas na hÉireann do Chumann Peile na hÉireann a athbhunú, le haghaidh cistiú breise a sholáthar thar an tréimhse 2020-2023 agus le haghaidh fhreagrachtaí an dá pháirtí.

Bunaíodh an Grúpa Formhaoirseachta Rialachais de bhun an Mheabhráin Tuisceana idir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Cumann Peile na hÉireann chun formhaoirseacht, athbhreithniú agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar an dóigh a gcuireann Cumann Peile na hÉireann ceanglais an Mheabhráin Tuisceana chun feidhme agus a gcloíonn sé leo thar an tréimhse 2020-2023.

Bhunaigh an Grúpa Grúpa Idirchaidrimh Airgeadais chun formhaoirseacht, athbhreithniú agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar an dóigh a gcloíonn Cumann Peile na hÉireann le ceanglais airgeadais agus rialaithe inmheánaigh an Mheabhráin Tuisceana. Tháinig an Grúpa Idirchaidrimh Airgeadais le chéile deich n-uaire sa bhliain 2020. Bhí sé comhdhéanta de chomhaltaí de Spórt Éireann agus de Choiste Feidhmiúcháin Chumann Peile na hÉireann agus rinne Roger O'Connor, comhalta de Bhord Spórt Éireann, cathaoirleacht ar an nGrúpa.

Na Bail den Ghrúpa Formhaoirseachta Rialachais

- Mary Dorgan (Cathaoirleach agus Comhalta de Bhord Spórt Éireann)
- Michael Kavanagh (Leas-Chathaoirleach agus Comhalta Neamhspleách)
- Angelo McNeive (Comhalta Neamhspleách)
- Bernard Allen (Ainmní Spórt Éireann)
- Catherine Guy (Comhalta de Bhord Chumann Peile na hÉireann)
- Gerry McAnaney* (Comhalta de Bhord Chumann Peile na hÉireann)
- John Treacy (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Spórt Éireann)
- Colm McGinty (Stiúrthóir Rialachais, Riosca, Comhlíonta agus Straitéise, Spórt Éireann)
- Gary Owens (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach, Cumann Peile na hÉireann)
- Jonathan Hill* (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Cumann Peile na hÉireann)

Cruinnithe

D'ainneoin an tionchair rídúshlánaigh airgeadais, eacnamaíoch agus shóisialta a bhí ag paidéim COVID-19, rinne Cumann Peile na hÉireann dul chun cinn suntasach ar a chlár oibre athchóirithe. Tháinig an Grúpa Formhaoirseachta Rialachais le chéile sé huair sa bhliain 2020. Bhreithnigh an Grúpa an dul chun cinn go dtí seo agus an obair bhreise a bheartaíonn Cumann Peile na hÉireann a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

A. Athchóiriú Airgeadais

- Fuarthas tuarascálacha agus moltaí rialta ón nGrúpa Idirchaidrimh Airgeadais agus breithníodh iad. Áiríodh leo sin na cinn a thug an Grúpa mar chuid dá athbhreithniú ar Bheartas Soláthair Chumann Peile na hÉireann agus le linn cruinniú le hIníúcháirí Inmheánacha Chumann Peile na hÉireann.
- An dul chun cinn a rinne Grant Thornton ar an iniúchadh seachtach ar Ráitis Airgeadais Chumann Peile na hÉireann don bhliain 2019.

- Ráitis Airgeadais Chumann Peile na hÉireann don bhliain 2019 agus na coigeartuithe don bhliain roimhe.
- An dul chun cinn a rinne Cumann Peile na hÉireann ar théarmaí an Mheabhráin Tuisceana a chur chun feidhme agus ar na moltaí ón nGrúpa Athbhreithnithe Rialachais agus sna tuarascálacha ó KOSI a chur i gcrích.
- An t-eolas is deireanaí ar phlean Bunathraithe Airgeadais Chumann Peile na hÉireann.

B. Athchóiriú Bunreachta

- Mór-athchóirithe ar rialacha agus ar an mbunrecht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh ó Chomhaltáí Chumann Peile na hÉireann ag an gCruinniú Ginearálta Urghnách an 31 Lúnasa 2020.

C. Athchóiriú Eagraíochta

- Athstruchtúrú eagrúcháin Choiste Feidhmiúcháin Chumann Peile na hÉireann.
- Straitéis nua Chumann Peile na hÉireann a fhorbairt.
- Obair Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Comhlíonta Chumann Peile na hÉireann.
- Léarscáil Dearbhaithe agus Creat Dearbhaithe Chumann Peile na hÉireann a fhorbairt.
- Beartas nua Taistil agus Tíceadaithe Cluichí Chumann Peile na hÉireann a fhorbairt.
- Luachanna eagraíochta Chumann Peile na hÉireann a fhorbairt, agus an dul chun cinn ar athchóiriú cultúrtha.

Beag beann ar an obair an-substaintiúil a rinneadh go dtí seo, is eol don Ghrúpa go mbeidh corp suntasach oibre fós le cur i gcrích ag Cumann Peile na hÉireann sa bhliain 2021. D'aithin an Grúpa na dúshláin airgeadais agus oibriúcháin a tháinig roimh Chumann Peile na hÉireann le linn na bliana 2020 de bharr phaindéim COVID-19.

De réir an Mheabhráin Tuisceana, d'fháiltigh an Grúpa roimh fhreastal ionadaí ón Roinn Turasóireachta Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar chruinniú de chuid an Ghrúpa i mí na Nollag 2020. D'fháiltigh an Grúpa roimh an aitheantas a thug an Roinn don dul chun cinn a rinneadh cheana féin agus roimh an spreagadh a thug an Roinn do Spórt Éireann agus do Chumann Peile na hÉireann leanúint leis an bpróiseas caidrimh, mar atá leagtha amach sa Mheabhrán Tuisceana, agus leis an dea-obair a rinneadh.

An plean don bhliain 2021

Leanfaidh an Grúpa le teacht le chéile le linn na bliana 2021, agus díriú leanúnach á leagan ar na príomhghnéithe de chlár oibre Athchóirithe Chumann Peile na hÉireann. D'aithin an Grúpa go mbeadh ról tábhachtach le himirt ag lucht ceannaireachta Chumann Peile na hÉireann agus Spórt Éireann araon maidir leis na hathchóirithe riachtanacha a leabú le linn na bliana 2021. Tá an Grúpa ag coinne leis go leanfaidh an Grúpa Idirchaidrimh Airgeadais le teacht le chéile sa bhliain 2021 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na moltaí atá sa tuarascáil ó KOSI.

22. Pleanáil Straitéise agus Bhliantúil

Cheadaigh an tAire Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann agus leagadh é faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 24 Meitheamh 2019. Tá Ráiteas Straitéise Spóirt Éireann ag teacht go dlúth leis na beartais ábhartha de chuid an Rialtais, mar atá an Beartas Náisiúnta Spóirt agus an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhísiciúil. Tá an Beartas Náisiúnta Spóirt go háirithe ar an gcomhthéacs beartais ina n-oibreoidh Spóirt Éireann agus an mhórearnáil spóirt sna blianta beaga atá romhainn. Mar chuid dá chláir oibre don bhliain 2020, bhreithnigh Bord Spóirt Éireann Plean Cur Chun Feidhme na Straitéise i mí Feabhra agus mí na Nollag 2020.

Mar chuid den phróiseas Pleanála Bliantúla sa bhliain 2020, shainigh Spóirt Éireann 75 chuspóir ardleibhéal ar fud 13 rannóg. Rinne Coiste Feidhmiúcháin Spóirt Éireann faireachán orthu sin ar bhonn rialta agus, i mí Aibreáin, rinneadh measúnú tosaigh ar an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar na spriocanna sin a chomhlíonadh. I gcás fhormhór na n-aonad, aithníodh gur bheag tionchar a bheadh ag an bpaindéim agus go leanfaí leis an gclár. Aithníodh freisin nach dtiocfadh ach moilleanna beaga (dá mba ann dóibh) as sin.

Tugadh an t-eolas is deireanaí don Bhord i mí Aibreáin (tar éis athmheasúnú a dhéanamh de bharr thionchar COVID-19) agus i mí Iúil 2020. Tugadh an t-eolas is deireanaí ar an staid ag deireadh na bliana freisin, rud is féidir a fheiceáil thíos.

Eolas Deireadh Bliana ar Phleananna Bliantúla 2020

Eolas Deireadh Bliana ar Phlean Bliantúil 2020							
Achoimre ar Stádas							
<u>Colún Straitéiseach</u>	Aonad	Curtha i gCrích	Ar an mBealach Ceart	Tuilleadh Airde	I mBaol	Iarchurtha	Iomlán
Ardfheidhmíocht	An tAonad Ardfheidhmíochta	0	2	1	0	2	5
	Institiúid Spóirt Éireann	0	3	0	0	3	6
	Saoráidí Spóirt Éireann	2	3	0	0	0	5
	An Campas	1	3	0	1	0	5
Feidhmíocht	An tAonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	0	6	0	0	0	6
	An tAonad um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta	4	0	2	0	0	6
	An tAonad Cóitseála	0	4	2	0	0	6
Rannpháirtíocht	An tAonad Taighde	2	2	0	0	3	7
	An tAonad Rannpháirtíochta agus an tAonad um Ghníomhaíocht Amuigh faoin Spéir	5	0	1	0	0	6
	An tAonad um Mná sa Spóirt	0	2	3	1	0	6
Rialachas Spóirt Éireann	An tAonad Cumarsáide	4	0	1	0	1	6
	An tAonad Frithdhópála agus Eitice	2	2	3	0	0	7
	An tAonad Airgeadais	0	3	1	0	0	4
	Iomlán	20	30	14	2	9	75

Tabhair faoi deara: Baineann na Míreanna i mBaol leo seo:

1. An Veileadróm agus an Lárionad Badmantain, a bhfanaimid le treoir ina leith ón máthair-Roinn.
2. An ghné Infheictheachta den chláir um Mná sa Spóirt.

Baineann míreanna iarchurtha go príomha le tionchar phaindéim Covid-19, rud a chruthaigh deacrachtaí oibríochtúla nó a d'fhág nach mbeifí in ann baint amach a dhéanamh ar na spriocanna don bhliain 2020 a bhí bainteach leis na Cluichí Oilimpeacha/na Cluichí Parailimpeacha.

Leanfar sa bhliain 2021 le díriú a leagan ar an-chuid de na míreanna atá ar an mBóthar Ceart nó a dteastaíonn Tuilleadh Airde ina leith.

Dearcadh 2021

D'fhorbair Spórt Éireann pleananna bliantúla le haghaidh ár bhfeidhmeanna éagsúla gnó an athuair sa bhliain 2021. Sainíodh 82 chuspóir ardleibhéil ar fud 15 rannóg gnó. Beidh na cuspóirí ardleibhéil sin nasctha agus ailínithe lenár Ráiteas Straitéise. Áireofar iad seo a leanas le roinnt réimsí tábhachtacha a ndíreofar orthu sa bhliain 2021

- Seoladh an Mháistirphlean don Champas, agus an dul chun cinn ar sholáthar an Veileadróim
- Straitéis nua Sport Ireland Facilities DAC don tréimhse 2021-24
- Tacú leis an earnáil agus í ag Filleadh ar an Spórt
- Feidhmíocht rathúil ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i dTóiceo
- Glacadh an Chóid Rialachais ag an earnáil
- Cur chun feidhme an Phlean Rannpháirtíochta

Iniúcháireacht Inmheánach

Tá feidhm sheachfhoinse iniúcháireachta inmheánaí ag Spórt Éireann. Chuaigh an Conradh leis na hiniúcháirí inmheánacha roimhe in éag sa bhliain 2020 agus seoladh próiseas soláthair iomaíoch nua faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais le haghaidh seirbhísí cuntasáíochta, iniúcháireachta agus airgeadais a sholáthar. Mar chuid de phlean Iniúcháireachta Inmheánaí Spórt Éireann don bhliain 2020, roghnaíodh roinnt Aonad Gnó de chuid Spórt Éireann agus roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt lena n-iniúchadh. Leanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le faireachán a dhéanamh ar stádas gach iniúchta chun a chinntiú go gcuirtear moltaí chun feidhme ar bhealach tráthúil. Maidir leis na hiniúchtaí ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus ar Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, leanann an Coiste Feidhmiúcháin le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na moltaí riachtanacha a tugadh do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a ndearnadh iniúchadh orthu idir na blianta 2015 agus 2020. Sceidealaigh an Coiste Feidhmiúcháin cruinnithe idirchaidrimh leis na Comhlachtaí agus na Comhpháirtíochtaí sin, nuair ba chú, freisin.

23. Nochtadh Cosanta

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, go bhfoilseofaí tuarascáil gach bliain a bhaineann leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus le haon ghníomhartha a rinneadh i leith na nochtaí sin.

Ní bhfuair Spórt Éireann aon nochtaí cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2020.

24. Comhlíonadh Spórt Éireann

Tá sé comhaontaithe ag Spórt Éireann a chinntiú go gcomhlíonfar ina n-iomláine gach oibleagáid riachtanach ó thaobh rialachais chorparáidigh de (oibleagáidí faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh), lena n-áirítear iad sin a bhaineann le bainistíocht riosca, le hiniúcháireacht inmheánach agus leis an gCód Caiteachais Phoiblí.

Ráiteas faoin Dóigh a nOibríonn Bord Spórt Éireann

- Tá freagracht chomhchoiteann ar an mBord as gníomhaíochtaí Spórt Éireann a stiúradh agus a threorú. Cé go bhféadfaidh an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean chuig an lucht bainistíochta nó chuig Coistí, ní shaorfaidh feidhmiú na cumhachta tarmligin an Bord ón dualgas atá air maoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonfar na feidhmeanna tarmligthe.
- Ba cheart don Bhord feidhmeanna tábhachtacha a chur i gcrích, lena n-áirítear iad seo a leanas: an treo straitéiseach agus mórfhleananna gníomhaíochta, beartais bhainistíochta riosca agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht agus cultúr Spórt Éireann, agus formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí maidir le mórchaiteachas caipitil agus mórinfheistíocht chaipitil.
- Seolann an Bord a chuid gnó trí chultúr ionracais agus iompraíochta eiticiúla agus de réir Chód Rialachais agus Iompar Gnó Spórt Éireann agus de réir aon nósanna imeachta dá dtagraítear ann. Is é an príomhról a bheidh ag an mBord agus é i seisiún iomlánach ná cinneadh a dhéanamh ar nithe beartais, airgeadas straitéise agus nós imeachta, anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí éagsúla de chuid Spórt Éireann agus a Fhoirne, breithniú a dhéanamh ar mholtaí ó Choistí nó ó údaráis tharmligthe eile maidir leis na critéir le haghaidh cúnaimh airgeadais a dhámhachtain, agus breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chúnaimh airgeadais.
- Cloífidh an Bord i gcónaí leis an bprionsabal go bhfuil freagracht chomhchoiteann ar Spórt Éireann agus go bhfuil údaráis comhchoiteann aige mar chomhlacht corpraithe.
- Déanfaidh an Bord bearta cuí chun a chinntiú go soláthrófar go tráthúil dó cibé faisnéis is riachtanach nó is inmhianaithe chun cur ar chumas Comhaltá a gcuid dualgas a chur i gcrích go sásúil.
- Cinntíonn an Bord go mbeidh gach cinneadh ar mhórmhíreanna caiteachais ailínithe le straitéisí meántéarmacha agus fadtéarmacha chun a chinntiú go mbeidh caiteachas den sórt sin dírithe ar chuspóirí agus torthaí atá sainithe go soiléir.
- Glacfaidh an Bord ráiteas straitéise do gach tréimhse cúig bliana. Is trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a thacófar le Spórt Éireann an straitéis sin a chur chun feidhme.
- Ag gníomhú dó tríd an gCathaoirleach, téann an Bord i gcomhairle leis an Aire gach bliain chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- na hionchais atá ag an Aire maidir le hobair Spórt Éireann (agus na hionchais atá ag Spórt Éireann féin) a shainiú;
 - an ról atá ag Spórt Éireann maidir le forbairt beartais i réimse an spóirt a shoiléiriú; agus
 - na paraiméadair a bhaineann le hacmhainní/ioncam Spórt Éireann a shainiú.
- Ar aon dul leis an dea-chleachtas rialachais agus le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht.

Ról Cinnteoireachta agus Feidhmeanna an Bhoird

Ó am go chéile, cinneann Bord Spórt Éireann sceideal foirmiúil nithe atá forchoimeáda go sonrach lena gcinneadh aige chun a chinntiú gurb é an Bord, agus an Bord amháin, a dhéanfaidh aon chinntí maidir leis an eagraíocht a threorú, a stiúradh agus a rialú. Áireofar na nithe seo a leanas leis na feidhmeanna atá forchoimeáda don Bhord (seachas i gcás go gcinneadh an Bord a mhalairt):

- na próisis trína n-earcóidh sé Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhunú.
- údarás a tharmligean chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin chun na feidhmeanna lena mbaineann a chomhlíonadh agus chun measúnú a dhéanamh ar a f(h)eidhmíocht
- tuairiscí a fháil go rialta ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le gach mórghné de ghníomhaíochtaí Spórt Éireann agus na tuairiscí sin a bhreithniú
- caiteachas a cheadú i gcás go measfar gur mó é in aon bhliain amháin ná:
 - €10,000 i gcás deontaí aonair, nó
 - €100,000 i gcás Comhlacht Rialaithe Náisiúnta nó eagraíocht eile atá ag fáil deontais, nó
 - €25,000 ar earraí nó trealamh a cheannach ón aon soláthraí amháin nó a bhaineann le seirbhísí gairmiúla a fháil ón aon soláthraí amháin
- gach tionscadal caipitil, gach Sceideal Creatáil agus Conarthaí agus gach caiteachas, lena n-áirítear táillí gairmiúla (e.g. bainistíocht tionscadal, táillí deartha), ar mó iad ná tairseach €100,000 a cheadú, a mhéid a bhaineann leis an soláthraí a roghnú agus leis an mbuiséad atá le sannadh don soláthraí araon, agus an méid sin a dhéanamh de réir Phróiseas Ceadaithe Geataíochta Spórt Éireann.

Tabhair faoi deara: Tionscadail Chaipitil agus caiteachas ar mó iad ná €25,000 ach ar lú iad ná €100,000, agus ar ina leith is féidir an caiteachas iomlán a chumhdach laistigh de bhuiséad caipitil na bliana reatha, ní gá ceadú a fháil ina leith ach amháin ó Choiste Champas Spórt Éireann (agus fógra á thabhairt don Bhord faoin gcinneadh). Is gá ceadú a fháil ón mBord iomlán i leith gach tionscadail ar mó iad ná an tairseach €100,000 agus i leith gach tionscadail as a dtiocfaidh ceangaltas chonarthaigh ilbhliantúla.

- tosaíochtaí straitéiseacha agus téarmaí na bpleananna straitéise, gnó agus cur chun feidhme arna n-ullmhú ag an bhfoireann a cheadú
- buiséad bliantúil agus plean corparáideach a ghlacadh

- beartais iniúchóireachta agus beartais bhainistíochta riosca a ghlacadh agus faireachán a dhéanamh ar na beartais sin agus tuairisc a thabhairt orthu
- tuarascálacha bliantúla, Ráitis faoi Rialú Inmheánach agus Creataí Dearbhaithe agus ráitis airgeadais a cheadú
- gach mórchonradh, mórléas agus mórshocraíocht atá os cionn na dteorainneacha atá leagtha amach i nósanna imeachta airgeadais Spóirt Éireann a cheadú
- leasuithe suntasacha a cheadú ar shochair phinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na foirne;
- ar aon dul le treoirlínte ón Rialtas, beartas a bhunú maidir le luach saothair an lucht ardbhainistíochta
- ceadú a dhéanamh ar dhearbhuithé go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus riaracháin a bhaineann leis an líon ball foirne agus le ceapachán, grádú agus coinníollacha na mball foirne go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas, a cheadú;
- an oiread coistí nó grúpaí oibre is gá a cheapadh agus a threorú chun cabhrú leis an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh, agus téarmaí tagartha na gcoistí nó na ngrúpaí oibre sin a cheadú/a leasú de réir mar is gá.
- ceadú a dhéanamh ar aon chinneadh chun cistiú a chur ar fionraí, a shiarchoinneáil nó a athbhunú do Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta nó d'eagraíocht eile atá ag fáil deontais, mar atá leagtha amach i mír 6.4.
- ceadú a dhéanamh ar iarratas ar aitheantas a thabhairt do Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta nó diúltú don iarratas sin.
- cultúr Spóirt Éireann a leagan síos agus faireachán a dhéanamh air, a mhéid a bhaineann leis na luachanna agus na hiompraíochtaí lena soláthraítear an straitéis, agus dearbhú a fháil go bhfuil oibríochtaí Spóirt Éireann ailínithe lena chultúr.
- athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar chur chun feidhme na socruithe atá leagtha amach sa Chód Rialachais agus Iompar Gnó agus, más cuí, aon athruithe ar an gCód a mholadh agus a cheadú.
- na nósanna imeachta a leanfar ag cruinnithe an Bhoird a chinneadh
- ceannach suntasach sócmhainní, diúscairt shuntasach sócmhainní agus cur as feidhm suntasach sócmhainní ag Spóirt Éireann agus ag a fhochuideachtaí a cheadú i gcás go mbeidh siad os cionn tairseach €25,000

Meastóireacht ar an mBord agus ar na Coistí

Cuireadh tús le próiseas bliantúil an Athbhreithnithe ar Éifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair 2020. Cuireadh i gcrích é i mí na Nollag 2020. Déanann an Bord athbhreithniú foirmiúil ar thuarascálacha scríofa ó gach Coiste ar bhonn bliantúil ar a laghad freisin.

Éagsúlacht agus Cuimsiú a Chur Chun Cinn

Cuirtear Éagsúlacht agus Cuimsiú chun cinn i roinnt réimsí d'obair Spóirt Éireann. Tá siad sin mionsonraithe sna rannáin ábhartha den Tuarascáil seo, lena n-áirítear Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spóirt ag Daoine faoi Mhíchumas, Beartas Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt agus Beartas Eitice Spóirt Éireann.

An Chothromaíocht Inscne i gcomhaltas an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig, bhí an Bord comhdhéanta de sheachtar fear (70%) agus de thriúr ban (30%). Bhí trí

fhóilúntas ann. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas na mBord Stáit. Is amhlaidh go ndearna Spórt Éireann na spriocleibhéal ar shocraigh an Rialtas iad a chothabháil ar feadh an-chuid den bhliain 2020.

Tá sé beartaithe na bearta seo a leanas a dhéanamh chun cothromaíocht inscne níos fearr a thabhairt isteach ar an mbord seo:

- De réir an Achta um Spórt Éireann, is é an tAire atá freagrach as an bpróiseas um chomhaltaí Bhord Spórt Éireann a cheapadh.
- Chuir Spórt Éireann an tAire ar an eolas faoin ngá atá ann le cothromaíocht inscne níos fearr a chur chun cinn i gcomhaltas an Bhoird i dtaca le folúntais reatha.
- Luaigh Spórt Éireann go bhfuil sé mar aidhm aige an ceanglas uileghabhálach cothromaíochta inscne 40% a athbhunú ar a laghad trí na folúntais reatha a líonadh.

Measúnú Riosca

Rinne an Bord sainaitheint agus measúnú láidir ar na príomhrioscaí atá roimh Spórt Éireann. Áirítear leo sin rioscaí arbh é an toradh a bheadh orthu ná go bhfulaingeadh Spórt Éireann cailteanas, damáiste nó míbhuntáiste, nach mbainfeadh Spórt Éireann tairbhe as deiseanna atá ar fáil dó nó nach ngnóthódh Spórt Éireann na cuspóirí atá aige de bharr eachtraí nó gníomhartha inmheánacha nó seachtracha atá neamh-inmhianaithe nó éiginnte. Catagóirítear príomhrioscaí i gceann amháin de na ceithre chatagóir seo a leanas:

- Rioscaí Straitéiseacha: an teip cuspóirí straitéiseacha Spórt Éireann, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach, a ghnóthú agus an teip leas a bhaint as deiseanna nuair a thagann siad chun cinn
- Rioscaí Oibríocháin: an teip cuspóirí oibríocháin Spórt Éireann a ghnóthú, lena n-áirítear an teip cailteanas a chosc a eascraíonn as próisis agus córais inmheánacha a bheith neamhimleor
- Rioscaí Airgeadais: neamhchosaint ar chailteanais airgeadais a thagann chun cinn as rialuithe a bheith neamhimleor nó as an ngá atá ann le sócmhainní airgeadais Spórt Éireann a bhainistiú ar bhealach níos fearr
- Rioscaí Cáile agus Comhlíonta: neamhchosaint ar chailteanais a thagann chun cinn as poiblíocht dhíobhálach, as íomhá phoiblí dhiúltach agus as an ngá atá ann leis an gcaidreamh le geallsealbhóirí a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Is é is riosca comhlíonta ann ná an bhagairt atá ar sheasamh eagraíochtúil nó cáile Spórt Éireann de bharr sárúithe ar dhlíthe, ar rialacháin, ar chóid iompair nó ar na caighdeáin chleachtais atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

Sonraítear i Ráiteas Inghlacthachta Riosca Spórt Éireann an méid riosca a bhfuil an eagraíocht toilteanach dul ar a lorg nó glacadh leis agus é ag saothrú a chuspóirí fadtéarmacha.

Léirítear ann na réimsí nach nglacann an eagraíocht ach le beagán riosca iontu (Frithdhópáil, Cumhdach, agus Sláinte agus Sábháilteacht) agus na réimsí a n-aithníonn Bord Spórt Éireann gur gá bheith nuálach agus glacadh le méid riosca iontu (Ardfheidhmíocht, Mná sa Spórt, agus Forbairt agus Athrú Eagraíochta). Coinníonn Aonaid Ghnó laistigh de Spórt Éireann Cláir Rioscaí ina ngabhtar na rioscaí atá ábhartha dá n-oibríochtaí, mar aon le bearta maolaithe gaolmhara.

Úsáidtear dhá thoisc chun rioscaí a thomhas, i.e. an dóchúlacht go dtarlódh an eachtra (dealraitheacht) agus an éifeacht a bheadh ann ar Spórt Éireann dá dtiocfadh an eachtra chun cinn (tionchar). Úsáidtear an próiseas atá leagtha amach i mBeartas Bainistíochta Riosca Spórt Éireann chun na tosca sin a mheas. Buanmhír ag gach cruinniú de chuid an Bhoird agus an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca is ea Bainistíocht Riosca.

Le linn na bliana 2020, d'fhéach baill foirne agus Bord Spórt Éireann go gníomhach le gnó mar is gnách a choinneáil ar bun agus an oiread cinnteachta agus ab fhéidir a thabhairt dár ngeallsealbhoirí. Comhpháirt thábhachtach den chur chuige sin ba ea Bainistíocht Riosca agus Deise. Sainaithníodh Deiseanna agus Bagairtí ar fud gach aonaid ghnó agus ar gach leibhéal Aonaid agus rinneadh athbhreithniú iomlán ar Chláir Rioscaí Corparáideacha i bhfianaise theacht chun cinn phaindéim Covid-19 i mí Aibreáin 2020.

Ar leithligh ón obair sin, rinne an Bord agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca breithniú (i mí Mheán Fómhair 2020) ar pháipéar ar leith maidir leis na 'Rioscaí agus na Deiseanna a Ghabhann le Paindéim Covid-19'. Thug an Bord na rioscaí agus na deiseanna atá roimh an eagraíocht sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon faoi deara, toisc gur dócha go mbeidh tionchar ag aon leibhéal srianta sóisialta ar obair Spórt Éireann. Cé go raibh tionchar diúltach ag paindéim Covid-19 ar gach duine sa tsochaí agus sa spórt, is amhlaidh gur tháinig deiseanna chun cinn do Spórt Éireann. Deiseanna brostaithe a bhí i roinnt díobh sin, ar shainaithin Spórt Éireann iad roimh an bpaindéim.

Sa bhliain 2020, bhog Spórt Éireann go han-tobann ó leibhéal an-íseal 'oibre ón mbaile' i dtreo í a dhéanamh mar ghnás ar fud na heagraíochta mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus ar na srianta a chuir an Rialtas i bhfeidhm ina leith. Mar gheall ar an mórscála oibre ón mbaile agus ar an imeacht an-substaintiúil ón ngnáthchleachtas a bhí i gceist, d'fhreagair Spórt Éireann mar a leanas chun timpeallacht éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun:

- D'fhorbair Spórt Éireann Plean saincheaptha Leanúnachais Ghnó mar chuid dár bhfreagairt do phaindéim Covid-19. Tríd an bplean a fhorbairt go tráthúil, cinntíodh gur tástáladh gach córas TF agus gur sainaithníodh aon fhadhbanna ó thaobh cianrochtana de sular fhógair an Taoiseach srianta an 12 Márta 2020. Rinne an fhoireann bhainistíochta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bPlean Leanúnachais Ghnó, go háirithe sa chéad ráithe agus sa dara ráithe.
- I mí an Mhárta 2020, sainaithníodh gníomhaíochtaí criticiúla airgeadais agus na fostaithe agus na hionchuir a bheadh ag teastáil chun iad a choinneáil ar bun. Cuireadh plean leanúnachais i bhfeidhm le haghaidh na gníomhaíochtaí criticiúla seo a leanas a chur i gcrích as an láthair: an Próiseas Párolla, Íocaíochtaí deontais agus íocaíochtaí le soláthraithe, Tacaíocht TF, agus Acmhainní Daonna.
- Thug an fheidhm TF cianrochtain shlán do bhaill foirne shainaitheanta san Aonad Airgeadais ar chóras bainistíochta airgeadais SAGE. Rinneadh athbhreithniú ar na Nósanna Imeachta Airgeadais agus cuireadh nósanna imeachta athbhreithnithe airgeadais chun feidhme ansin le haghaidh deontais a íoc agus le haghaidh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe.
- D'eisigh an tOifigeach Cosanta Sonraí treoir phraiticiúil chuig gach ball foirne maidir le saincheistean Cosanta Sonraí a bhaineann leis an gcianobair. Soláthraíodh oiliúint fhorlíontach Cosanta Sonraí do bhaill foirne maidir leis an gcianobair.
- Soláthraíodh oiliúint feasachta Cibearshlánda agus TF do gach ball foirne ar bhonn leanúnach.

- Lean Spórt Éireann le faireachán a dhéanamh ar an treoir ar fad ó údaráis áitiúla maidir le sábháilteacht san áit oibre.
- Sholáthair an fheidhm acmhainní daonna sraith treoirchoiciméad agus acmhainní do bhaill foirne chun tacú leo déileáil leis na socrúithe cianoibre.
- Chomhlánaigh gach ball foirne foirm um 'obair go sealadach ón mbaile' chun a mheasúnú cé chomh hoiriúnach agus a bhí a n-oifig bhaile ó thaobh cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta de.

Ba iad seo a leanas na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a bhí roimh Spórt Éireann sa bhliain 2020:

- An riosca go mbeadh tionchar diúltach ag saincheistanna dlíthiúla agus airgeadais ó oidhreacht ar an gcumas atá ag Spórt Éireann a chroíchuspóirí a ghnóthú. (Riosca Straitéiseach)
- An riosca nach soláthrófaí na hacmhainní airgeadais agus foirne a theastaíonn chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna leathana Spórt Éireann agus chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh agus a rialú. Más rud é go gcoinneofar srianta i bhfeidhm ar feadh tréimhse fhada, cuirfear as go mór don chumas a bheidh ag Spórt Éireann cuspoirí ábhartha laistigh de Ráiteas Straitéise Spórt Éireann agus den Bheartas Náisiúnta Spóirt a chomhlíonadh. Níl sé soiléir cén dóigh a dtiocfaidh an spórt chun cinn arís as géarchéim reatha Covid-19. (Riosca Straitéiseach)
- Cailteanas Comhtháthaithe Eagraíochta nuair a Bhítear ag Obair ón mBaile (Riosca Oibriúcháin)
- Oibleagáidí méadaithe Sláinte agus Sábháilteachta (Riosca Oibriúcháin)
- Braisle chásanna Covid-19 ag láithreán nó gníomhaíocht de chuid Spórt Éireann. (Riosca do Cháil agus do Chomhlíonadh)
- Éiginnteacht i measc ár ngeallsealbhóirí maidir le cistiú do chlár agus tionscnaimh atá ann cheana, agus riachtanas le cistiú breise. (Rioscaí Airgeadais)
- An riosca go ndéanfaí teagmháil neamh-chomhsheasmhach le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta maidir le nithe a bhaineann le Campas Spórt Éireann. (Riosca Straitéiseach/Oibriúcháin)

Pléadh na deiseanna atá ag teacht chun cinn ar leibhéal Boird freisin. Áiríodh na nithe seo a leanas leo sin

- Dearcadh athraithe i leith rannpháirtíochta – tuilleadh solúbthachta a bheith ann i sceidil daoine mar gheall ar an laghdú ar an méid ama a chaitheann siad ag déanamh comaitéireachta nó mar gheall ar an mbéim mhéadaithe a chuirtear ar an gcomaitéireacht ghníomhach.
- Rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail leis an áineas amuigh faoin spéir
- Méadú ar an luas ag a soláthraítear seirbhísí ar líne agus ar a mhéid a bhaintear leas astu.

Leagtar amach thíos roinnt de na príomhghníomhartha a rinneadh sa bhliain 2020 agus a bhuntacaíonn leis an gcur chuige a ghlacann Spóirt Éireann i leith Bainistíocht Riosca

- I gcreat Bainistíochta Riosca Spóirt Éireann, sainmhínítear teagmhas riosca mar theagmhas nó neasteagmhas ar dá bharr a d'fhulaingeodh Spóirt Éireann cailteanas, damáiste nó míbhuntáiste. Taifeadtar teagmhais riosca agus neasteagmhais i loga, mar aon le gníomhaithe maolaitheacha agus leantacha, agus cuireadh iad faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn tréimhsiúil ar fud na bliana 2020. Tuairiscíodh an loga teagmhas riosca don Bhord freisin.
- Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú go foirmiúil trí huair agus rinne an Bord é a athbhreithniú dhá uair.
- Cuireadh cláir rioscaí ar leibhéal an Aonaid i láthair ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fud na bliana 2020.
- Rinne an fhoireann bhainistíochta Cláir Rioscaí ar leibhéal Corparáideach agus ar leibhéal an Aonaid a bhreithniú agus a athbhreithniú ar fud na bliana.
- Mar chuid den phróiseas pleanála gnó, rinneadh breithniú agus taifeadadh ar na rioscaí a bhaineann le scéimcistiúcháin Covid-19. Sainaithníodh go mbeadh spóirt áirithe ag déileáil le tuilleadh dúshlán airgeadais sa bhliain 2021 dá gcoinneofaí srianta i bhfeidhm ar feadh tréimhse fhada.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar dheireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas deise a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do na cearta atá ag na daoine a soláthraíonn siad seirbhísí dóibh agus ag baill foirne le linn dóibh a n-obair laethúil a dhéanamh. Toradh ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine is ea go bhféadfaí comhionannas agus cearta an duine a dhéanamh ina gcuid dhílis de dhéanamh beartais, de sholáthar seirbhíse agus d'fhostaíocht laistigh den earnáil phoiblí in Éirinn.

Thug an Stát gealltanais cheana féin go gcuirfeadh sé cearta an duine agus comhionannas chun cinn trí roinnt pleananna náisiúnta agus straitéisí náisiúnta. Tá sraith chomhlántach doiciméad beartais ag Spóirt Éireann a thagann, agus a thacaíonn, le roinnt de na pleananna náisiúnta agus na straitéisí náisiúnta. Áirítear leo sin Beartas Spóirt Éireann um Mná sa Spóirt, Beartas Spóirt Éireann um Rannpháirtíocht sa Spóirt ag Daoine faoi Mhíchumas, agus Cairt Spóirt Éireann um Sheirbhís do Chustaiméirí. Is ann do réimsí eile agus do bheartais náisiúnta agus straitéisí náisiúnta eile a bhfuil príomhról le himirt ag Spóirt Éireann iontu. Áirítear leo an Straitéis um Imeachadh Imirceach agus an Straitéis LADTI. Mionsonraítear sa rannán ábhartha den tuarascáil seo an ghníomhaíocht ghaolmhar a rinneadh laistigh de na réimsí sin sa bhliain 2020.

Ina theannta sin, tugann Spóirt Éireann dá aire an cur chuige trí chéim i leith Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme, rud ar mhol Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas é agus atá mar a leanas: measúnú, aghaidh a thabhairt, agus tuairisciú. Glacann Spóirt Éireann cur chuige den chineál céanna le linn dó sainaithint a dhéanamh ar na grádáin atá ann i rannpháirtíocht sa spóirt, cláir lena dtugtar aghaidh ar na grádáin sin a dheardh agus a chur ar aghaidh, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn trínár dtuarascáil bhliantúil. Cuirtear de chúram ar Spóirt Éireann le Gníomh 6 den Bheartas Náisiúnta Spóirt aghaidh a thabhairt ar na grádáin rannpháirtíochta atá ann sa spóirt.

Oibleagáid bhuan leanúnach is ea an Dualgas, agus leanfaidh Spórt Éireann le faireachán a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí ina leith sin agus tuairisc a thabhairt orthu.

25. Aguisíní

Aguisín A: Saoráil Faisnéise

Réimse Cláir	An Líon Iomlán Iarrataí	Deontas	Páirt-Deontas	Diúltaíodh don iarraidh	Tarraingíodh an iarraidh siar	Déileáladh leis an iarraidh lasmuigh de shaoráil faisnéise
Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta	44	3	13	12	11	5
Frithdhópáil	1				-	1
Seirbhísí Corparáideacha	8	1	5	1	1	-
Iomlán 2020	53	4	18	13	12	6

Aguisín B: Deontais do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Méid €
Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann	20,000
Lúthchleasaíocht Éireann	1,000,000
Badmantan Éireann	410,000
Cispheil Éireann	740,000
Cumann Spóirt na hÉireann um Chasadh an Bhaitín	35,000
Bol-Chumann na hÉireann	39,500
An tSraith Bollaí	40,000
Canúáil Éireann	305,000
An Chónaidhm Gailf in Éirinn	320,000
Cruicéad Éireann	480,000
Cumann Cróice na hÉireann	13,000
Rothaíocht Éireann	420,000
Liathróid Láimhe CLG Éireann	105,000
Gleacaíocht Éireann	340,000
Eachspóirt Éireann	930,000
Cumann Dornálaíochta Amaitéaraí na hÉireann	500,000
Cumann Coraíochta Amaitéaraí na hÉireann	30,000
Cumann Peile Meiriceánaí na hÉireann	37,000
Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann	48,000
Cumann Spóirt na hÉireann don Bhodhar	65,000
Cónaidhm Pionsóireachta na hÉireann	59,000

Cumann Haca na hÉireann	340,000
Cumann Haca Oighir na hÉireann	17,500
Cumann Júdó na hÉireann	107,000
Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann	90,000
Cumann na hÉireann don Liathróid Láimhe Oilimpeach	51,000
Cumann Treodóireachta na hÉireann	65,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	430,000
Cumann Scuaise na hÉireann	200,000
Cumann Tonnmharcaíochta na hÉireann	80,000
Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann	115,000
Cumann Taekwondo na hÉireann	25,000
Cumann Babhláil Deich bPionna na hÉireann	37,000
Cumann Tarraingt Téide na hÉireann	58,000
An Chomhairle Fo-Thuinn	76,500
Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann	32,000
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt	295,000
Cumann Pheil na mBan	485,000
Gluaisrothaíocht Éireann	48,000
Rásaíocht Mótair Éireann	180,000
Sléibhteoireacht Éireann	235,000
Na Cluichí Pobail Náisiúnta	260,000
Cumann Oifigiúil Náisiúnta Cearáite na hÉireann	15,000
Peantatlan Éireann	20,000
Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann	84,000
Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann	25,000
Cumann Billéardaí agus Snúcair Phoblacht na hÉireann	75,000
Rámhaíocht Éireann	325,000
Rugbaí Sraithe Éireann	20,000
Oilimpicí Speisialta Éireann	1,400,000
Tionscadail agus Clár Speisialta	-
Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann	20,000
Cumann Snámha na hÉireann	960,000
Leadóg Éireann	475,000
An Cumann Camógáíochta	435,000
Trí-atlan Éireann	235,000
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Coláiste Bhostúin)	40,000
Fís-Spóirt Éireann	48,000
Cumann Eitpheile na hÉireann	227,500
Tógáil Meáchain Éireann	47,000
IOMLÁN 2020	13,615,000

Aguisín C: Cistiú do Chláir Ardfeidhmíochta

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Méid €
Lúthchleasaíocht Éireann	840,000
An Cumann Badmantain	185,000
Canúáil Éireann	80,000
An Chónaidhm Gailf in Éirinn	450,000
Cruicéad Éireann	265,000
Rothaíocht Éireann	440,000
Gleacaíocht Éireann	270,000
Haca Éireann	930,000
Eachspórt Éireann	865,000
Cumann Rugbaí na hÉireann	300,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	870,000
Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann	30,000
Cumann Júdó na hÉireann	75,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	850,000
Cumann Taekwondo na hÉireann	70,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann	720,000
Peantatlan Éireann	290,000
Rámhaíocht Éireann	770,000
Cumann Snámha na hÉireann	660,000
Spóirt sneachta	25,000
Leadóg Éireann	200,000
Trí-atlan Éireann	250,000
Onaki	10,000
Iomlán	€9,445,000

Aguisín D: An Scéim Cardála Idirnáisiúnta

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Lúthchleasaí	Catagóir	Méid €
Lúthchleasaíocht Éireann	Thomas Barr	Póidiam	40,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Ciara Mageean	Den Chéad Scoth	40,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Fionnula McCormack	Den Chéad Scoth	20,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Leon Reid	Den Chéad Scoth	20,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Brian Gregan	Den Chéad Scoth	16,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Mark English	Den Chéad Scoth	20,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Alex Wright	Idirnáisiúnta	12,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Brendan Boyce	Idirnáisiúnta	40,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Phil Healy	Idirnáisiúnta	12,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Marcus Lawlor	Idirnáisiúnta	12,000
Lúthchleasaíocht Éireann	Foireann Ceathrar Ban an Rása Sealáíochta 100 m	Idirnáisiúnta	12,000
Lúthchleasaíocht Éireann			244,000
Badmantan Éireann (Parailimpeach)	Niall McVeigh	Den Chéad Scoth	20,000
Badmantan Éireann	Chloe Magee	Idirnáisiúnta	20,000
Badmantan Éireann	Sam Magee	Idirnáisiúnta	20,000
Badmantan Éireann	Nhat Nguyen	Idirnáisiúnta	12,000
Badmantan Éireann			72,000
Canúáil Éireann (Parailimpeach)	Patrick O'Leary	Den Chéad Scoth	20,000
Canúáil Éireann	Jennifer Egan	Den Chéad Scoth	20,000
Canúáil Éireann	Liam Jegou	Idirnáisiúnta	12,000
Canúáil Éireann	Robert Hendrick	Idirnáisiúnta	12,000
Canúáil Éireann			64,000
Rothaíocht Éireann	Felix English	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann	Lydia Boylan	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann	Lydia Gurley	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann	Robyn Stewart	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann	Mark Downey	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann	Kelly Murphy	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann	Shannon McCurley	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann	Marc Potts	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann	Fintan Ryan	Idirnáisiúnta	12,000

Rothaíocht Éireann	Ben Healy	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann	Jack Murphy	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann	Lara Gillespie	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann	Mia Griffin	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Katie George Dunlevy & Eve McCrystal	Póidiam	60,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Martin Gordon & Píolóta	Den Chéad Scoth	30,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Ronan Grimes	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Gary O'Reilly	Den Chéad Scoth	20,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Peter Ryan & Píolóta	Idirnáisiúnta	18,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Damien Vereker & Píolóta	Idirnáisiúnta	18,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Richael Timothy	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Chris Burns	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann (Parailimpeach)	Declan Slevin	Idirnáisiúnta	12,000
Rothaíocht Éireann	Emily Kay	Póidiam	15,000
Rothaíocht Éireann			429,000
Gleacaíocht Éireann	Rhys McClenaghan	Póidiam	40,000
Gleacaíocht Éireann	Cistiú Buíne	Idirnáisiúnta	20,000
Gleacaíocht Éireann	Adam Steele	Idirnáisiúnta	12,000
Gleacaíocht Éireann			72,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Aoife O Rourke	Póidiam	40,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Kellie Harrington	Póidiam	40,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Brendan Irvine	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Kurt Walker	Den Chéad Scoth	40,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Michaela Walsh	Den Chéad Scoth	40,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Amy Broadhurst	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Christina Desmond	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Michael Nevin	Idirnáisiúnta	20,000

Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Grainne Walsh	Idirnáisiúnta	20,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Kieran Molloy	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Kiril Afansev	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann		5,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann			289,000
Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann	Aoife Gormally	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann			20,000
Cumann Júdó na hÉireann	Benjamin Fletcher	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Júdó na hÉireann	Megan Fletcher	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Júdó na hÉireann	Nathon Burns	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Júdó na hÉireann	Joshua Green	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Júdó na hÉireann	Eoin Fleming	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Júdó na hÉireann			84,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Ryan Seaton	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Finn Lynch	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Aoife Hopkins	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Seafra Guilfoyle	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Liam Glynn	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Sean Waldilove	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Robert Dickson	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Ewan McMahon	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Annalise Murphy	Páipéar Uimh. 4 ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	15,000

Cumann Seoltóireachta na hÉireann			111,000
Cumann Taekwondo na hÉireann	Jack Woolley	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Taekwondo na hÉireann			20,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Jason Smyth	Póidiam	30,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Michael McKillop	Póidiam	30,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Niamh McCarthy	Póidiam	30,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Noelle Lenihan	Póidiam	30,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Orla Barry	Trasdul	10,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Greta Streimikyte	Den Chéad Scoth	15,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Patrick Monahan	Den Chéad Scoth	15,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Orla Comerford	Idirnáisiúnta	9,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	Jordan Lee	Den Chéad Scoth	15,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)	David Leavy	Idirnáisiúnta	9,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)	Ellen Keane	Póidiam	30,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)	Nicole Turner	Póidiam	30,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)	Barry McClements	Idirnáisiúnta	9,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)	Patrick Flanagan	Idirnáisiúnta	9,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)	Jonathon McGrath	Idirnáisiúnta	79,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann			350,000
Peantatlan Éireann	Arthur Lanigan O'Keeffe	Póidiam	40,000
Peantatlan Éireann	Natalya Coyle	Póidiam	40,000

Peantatlan Éireann	Eilidh Prise	Idirnáisiúnta	3,000
Peantatlan Éireann	Sive Brassil	Idirnáisiúnta	12,000
Peantatlan Éireann			95,000
Rámhaíocht Éireann	Paul O'Donovan	Póidiam	40,000
Rámhaíocht Éireann	Gary O'Donovan	Póidiam	40,000
Rámhaíocht Éireann	Sanita Puspure	Póidiam	40,000
Rámhaíocht Éireann	Aifric Keogh	Den Chéad Scoth	20,000
Rámhaíocht Éireann	Emily Hegarty	Den Chéad Scoth	20,000
Rámhaíocht Éireann	Ronan Byrne	Póidiam	40,000
Rámhaíocht Éireann	Philip Doyle	Póidiam	40,000
Rámhaíocht Éireann	Fintan McCarthy	Póidiam	40,000
Rámhaíocht Éireann	Monika Dukarska	Den Chéad Scoth	20,000
Rámhaíocht Éireann	Aileen Crowley	Den Chéad Scoth	20,000
Rámhaíocht Éireann	Tara Hanlon	Den Chéad Scoth	20,000
Rámhaíocht Éireann	Eimear Lambe	Den Chéad Scoth	20,000
Rámhaíocht Éireann	Claire Feerick	Den Chéad Scoth	5,000
Rámhaíocht Éireann			365,000
Cumann Snámha na hÉireann (Tumadóireacht)	Oliver Dingley	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Snámha na hÉireann	Shane Ryan	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Snámha na hÉireann (Tumadóireacht)	Clare Cryan	Den Chéad Scoth	20,000
Cumann Snámha na hÉireann (Tumadóireacht)	Tanya Watson	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	Brendan Hyland	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	Jordan Sloan	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	Darragh Greene	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	Mona McSharry	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	Niamh Coyne	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	Conor Ferguson	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	Jack McMillan	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	An Rás Sealaíochta Meascra 400 m	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann	An Rás Sealaíochta Saorstíle 800 m	Idirnáisiúnta	12,000
Cumann Snámha na hÉireann			180,000
Leadóg Bhoird (Parailimpeach)	Colin Judge	Idirnáisiúnta	12,000
Leadóg Bhoird (Parailimpeach)			12,000
Trí-atlan Éireann	Russell White	Den Chéad Scoth	20000

Trí-atlan Éireann	Carolyn Hayes	Den Chéad Scoth	20000
Trí-atlan Éireann	Con Doherty	Idirnáisiúnta	12000
Trí-atlan Éireann			52,000
CARDÁIL IOMLÁN			€2,459,000

Aguisín E: Deontais do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt	Méid €
Ceatharlach	222,444
An Cabhán	223,968
An Clár	281,900
Corcaigh	409,982
Dún na nGall	312,573
Baile Átha Cliath	351,904
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	239,258
Fine Gall	279,820
Gaillimh	279,946
Ciarraí	259,668
Cill Dara	264,464
Cill Chainnigh	273,814
Laois	277,416
Liatroim	166,457
Luimneach	379,124
An Longfort	218,264
Lú	211,048
Maigh Eo	276,789
An Mhí	264,875
Muineachán	188,412
Uíbh Fhailí	233,420
Ros Comáin	216,035
Sligeach	294,604
Baile Átha Cliath Theas	282,016
Tiobraid Árann	269,332
Port Láirge	336,595
An Iarmhí	241,772
Loch Garman	237,048
Cill Mhantáin	222,696
Iomlán	€7,715,644

Aguisín F: Deontais faoin gClár um Mná sa Spóirt 2020

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta/ Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt	Méid €
Lúthchleasaíocht Éireann	75,000
Badmantan Éireann	40,000
Cispheil Éireann	50,000
Bol-Chumann na hÉireann	5,000
Sraith Bollaí na hÉireann	5,000
Canúáil Éireann	40,000
Cruicéad Éireann	35,000
Cumann Cróice na hÉireann	5,000
Rothaíocht Éireann	50,000
Spóirt Bhodhar Éireann	5,000
Pionsóireacht Éireann	10,000
Liathróid Láimhe CLG	10,000
Gleacaíocht Éireann	75,000
Haca Éireann	75,000
Cumann Rugbaí na hÉireann	120,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	35,000
Cumann Haca Oighir na hÉireann	5,000
Cumann Júdó na hÉireann	20,000
Cumann na hÉireann don Liathróid Láimhe Oilimpeach	10,000
Cumann Treodóireachta na hÉireann	10,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	40,000
Cumann Scuaise na hÉireann	10,000
Surfáil Éireann	10,000
Cumann Tarraingt Téide na hÉireann	10,000
Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann	5,000
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spóirt	40,000
Cumann Pheil na mBan	40,000
Cumann Rásaíochta Mótair na hÉireann	35,000
Sléibhteoireacht Éireann	25,000
Na Cluichí Pobail Náisiúnta	25,000
Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann	20,000
Cumann Parailimpeach na hÉireann agus	15,000

CARA	
Rámhaíocht Éireann	50,000
Tionscadail Speisialta	23,000
Cumann Snámha na hÉireann	75,000
Leadóg Éireann	75,000
An Cumann Camógaíochta	20,000
Trí-atlan Éireann	50,000
Cumann Eitpheile na hÉireann	25,000
An Chónaidhm Gailf	100,000
Tógáil Meáchain Éireann	3,000
Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach	8,400
Comhpháirtíocht Spóirt an Chabháin	5,000
Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir	11,000
Corcaigh	8,400
Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall	5,000
Cathair Bhaile Átha Cliath	14,500
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin	8,000
Comhpháirtíocht Spóirt Fhine Gall	10,000
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Gaillimhe	10,000
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chiarraí	-
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara	10,000
Comhpháirtíocht Spóirt Chill Chainnigh	10,000
Laois	11,000
Comhpháirtíocht Spóirt Liatroma	8,000
Cathair Luimnigh	10,000
An Longfort	8,400
Lú	12,000
Maigh Eo	12,000
Comhpháirtíocht Spóirt na Mí	14,500
Muineachán	-
Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí	10,000
Ros Comáin	8,400
Comhpháirtíocht Spóirt Shligigh	15,000
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	8,500
Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann	15,000
Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge	-
Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí	8,400

Loch Garman	8,500
Cill Mhantáin	15,000
IOMLÁN	€1,641,000

Aguisín G: Deontais do Spóirt Mhachaire na hÓige

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Méid €
Cumann Rugbaí na hÉireann	2,250,843
Cumann Peile na hÉireann	5,800,000
Cumann Lúthchleas Gael	1,589,654
Iasacht le haghaidh Staid Aviva (Cumann Peile na hÉireann)	2,544,600
IOMLÁN	€12,185,097

Aguisín H: Fás i gCaiteachas Deontais / Anailís ar Dheontais 2016-2020

Deontais	2016	2017	2018	2019	2020	Iomlán
	'000	'000	'000	'000	'000	'000
An Scéim Cardála Idirnáisiúnta	1,788	1,767	1,920	1,931	2,460	14,591
Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt	10,813	11,236	11,098	12,817	13,615	92,070
Cónaidhm Spóirt na hÉireann	100	100	100	100	115	815
Comhpháirtíocht aí Áitiúla Spóirt	5,431	5,757	5,824	7,027	7,716	46,686
Spóirt Mhachaire na hÓige	7,226	7,226	8,077	5,898	12,185	62,670
Cumann Imreoirí Gael – Fir	900	1,600	2,300	3,000	3,000	13,500
Cumann Imreoirí Gael – Mná	-	500	500	700	700	2,400

Daoine Scothaosta agus an Spórt	608	608	608	608	608	4,862
Spórt Scoileanna Speisialta na hÉireann	25	25	25	25	25	200
Spórt Mac Léinn Éireann	50	50	50	60	70	430
Spóirt Áineasa	-	-	-	40	40	208
Cumann Parailimpeach na hÉireann	615	375	398	400	600	3,521
Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann	520	277	475	420	620	3,514
Iontaobhas Ghalf Fhoireann Éireann	200	200	200	440	275	1,849
Deontas Staid Morton	150	150	150	150	150	1,200
Deontais faoin gClár Ardfeidhmíochta	7,301	7,306	8,935	9,358	9,445	62,992
Deontais d'Athbhreithnithe Feidhmíochta	103	-	-	-	-	103
Ollscoil Luimnigh - Linn 50 Méadar	300	300	300	300	300	2,400
Rannpháirtíocht na mBan sa Spórt	971	972	972	1,638	1,641	9,071
Foireann Sacair na mBan	-	-	-	148	-	148
Deontais don Institiúid Spóirt faoin gClár um an Tóir ar Bharr Feabhais	-	-	-	-	-	24
Deontas don tSraith Rothaíochta	115	-	4	-	-	414
Cuir Muintir na hÉireann ag Bogadh (Get Ireland Active)	-	-	-	-	-	80

Bike4Life	15	-	-	-	-	15
Operation Transformation	-	17	-	-	-	49
Mórhuras Rothair Bhaile Átha Cliath	218	117	115	115	-	812
Deontais Chaipitil Campais	676	650	871	932	914	6,214
Deontais Chomhpháirtíochtaí Spóirt	25	-	475	-	-	1,450
Deontas Oibriúcháin Shaoráidí Spóirt Éireann	1,320	2,095	2,095	2,175	6,260	17,270
Craobh Oscailte na hÉireann	250	-	1,250	-	-	2,700
Covid-19	-	-	-	-	88,499	88,499
Iomlán:	€39,719	€41,327	€46,742	€48,281	€149,237	€440,755

Aguisín I: An Clár Náisiúnta Tástála Frithdhópála

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Comórtas	Lasmuigh de Chomórtas	Fuil	Iomlán
Lúthchleasaíocht Éireann	20	52	40	112
Badmantan Éireann	5	0	0	5
Cispheil Éireann	4	0	0	4
An Cumann Camógaíochta	4	0	0	4
Canúáil Éireann	0	12	6	18
Cruicéad Éireann	4	0	0	4
Rothaíocht Éireann	17	94	80	191

Cumann Peile na hÉireann	26	28	0	54
Cumann Lúthchleas Gael	51	63	24	138
Gleacaíocht Éireann	0	4	1	5
Haca Éireann	0	11	0	11
Eachspórt Éireann	7	0	0	7
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	0	31	8	39
Cumann Júdó na hÉireann	0	6	0	6
Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann	3	0	0	3
Cumann Rugbaí na hÉireann	2	73	39	114
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	0	13	1	14
Cumann Taekwondo na hÉireann	0	4	1	5
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt	0	3	1	4
Cumann Pheil na mBan	6	0	0	6
Cumann Rásaíochta Mótair na hÉireann	7	0	0	7
Cumann Parailimpeach na hÉireann	0	46	13	59
Peantatlan Éireann	0	12	6	18
Rámhaíocht Éireann	0	56	48	104
Cumann Snámha na hÉireann	9	47	29	85
Trí-atlan Éireann	2	10	8	20
Tógáil Meáchain Éireann	6	2	0	8
Iomlán	173	567	305	1045

Aguisín J: Clár Frithdhópála ‘Íocann an tÚsáideoir’

Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Comórtas	Lasmuigh de Chomórtas	Fuil	Iomlán
-------------------------------	----------	-----------------------	------	--------

Eagraíocht Frithdhópála na hIorua	0	1	1	2
Cumann Idirnáisiúnta na Dornálaíochta Amaitéaraí (AIBA)	0	1	0	1
Lúthchleasaíocht Éireann	5	0	0	5
An Lárionad Ceanadach um Eitic sa Spórt	0	1	0	1
Cumann Rugbaí na hÉireann	16	0	0	16
An Chónaidhm Idirnáisiúnta Tarraingt Téide	8	0	0	8
Craobh na Sé Náisiún	14	0	0	14
Eagraíocht Frithdhópála na Ríochta Aontaithe	0	3	0	3
Gníomhaireacht Frithdhópála na Stát Aontaithe	0	3	1	4
Cumann Rugbaí an Domhain	0	54	10	64
Iomlán	43	63	12	118

Aguisín K: Sáruihte ar Rialacha Frithdhópála

2019

Spórt	Cineál Tástála	Riail a sáraíodh	Substaint	Catagóir substainte	Smachtbhannaí
Coraíocht	Laistigh de Chomórtas	2.1 Substaint Choiscthe nó a cuid Meitibilítí nó Marcóirí a bheith i láthair i sampla an Lúthchleasaí	Glúcúróiníd eipeastanasólóil (stanasólól); 4-meitilheicsean-2-aimín (meitilheicseanaimín) agus 5-meitilheicsean-2-aimín (1,4-démheitiolpheintilaimín)	S1 Oibreáin Anabalacha	4 bliana
Snámh	Lasmuigh de Chomórtas	2.1 Substaint Choiscthe nó a cuid Meitibilítí nó	Clostaból	S1 Oibreáin Anabalacha	1 bhliain

		Marcóirí a bheith i láthair i sampla an Lúthchleasaí			
Rásaíocht Mótair	Laistigh de Chomórtas	2.3 Bailiúchán Sampla a Sheachaint, Diúltú do Shampla a Thabhairt nó Cliseadh dul faoi	Norandraistéarón	Norandraistéarón	4 bliana
Rothaíocht	Laistigh de Chomórtas	2.1 Substaint Choiscithe nó a cuid Meitibilítí nó Marcóirí a bheith i láthair i sampla an Lúthchleasaí	Eipiacsandalón, ocsandalón, 18-noracsandalón agus Boldanón agus/nó meitibilít(í) boldanóin	S1 Oibreáin Anabalacha	4 bliana

2020

Spórt	Laistigh/ Lasmuigh de Chomórtas	Riail a sáraíodh	Substaint	Catagóir substainte	Smachtbhannaí
Cumann Lúthchleas Gael	Lasmuigh de Chomórtas	2.1 Substaint Choiscithe nó a cuid Meitibilítí nó Marcóirí a bheith i láthair i sampla an Lúthchleasaí	Mealdóiniam	S4: Modhnóirí Hormóin agus Meitibileacha	4 bliana
Trí-atlan	Lasmuigh de Chomórtas	2.1 Substaint Choiscithe nó a cuid Meitibilítí nó Marcóirí a bheith i láthair i sampla an Lúthchleasaí	LGD-4033 (ligeandról)	S1 Oibreáin Anabalacha	4 bliana
Tógáil Meáchain	Laistigh de Chomórtas	2.2 Substaint choiscithe a úsáid agus 2.3 Bailiúchán Sampla a Sheachaint, Diúltú do Shampla a Thabhairt nó Cliseadh dul faoi Bhailiú Samplaí	Nandalón	S1 Oibreáin Anabalacha	4 bliana

Aguisín L: Deontas Covid-19

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt agus Comhlacht Rialaithe Náisiúnta	Méid €
Aostacht agus Deiseanna	40,000
Peil Mheiriceánach	58,000
Boghdóireacht Éireann	101,000
Lúthchleasaíocht Éireann	930,000
Badmantan Éireann	554,000
Cispheil Éireann	1,402,500
Bol-Chumann na hÉireann	12,500
An tSraith Bollaí	94,828
Canúáil Éireann	140,000
An Chónaidhm Gailf	2,830,000
Cruicéad Éireann	1,768,500
Rothaíocht Éireann	533,000
Cumann Peile na hÉireann	13,200,000
Pionsóireacht Éireann	59,000
CLG	29,200,000
Gleacaíocht Éireann	1,380,000
Haca Éireann	640,500
Eachspórt Éireann	1,240,000
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	725,000
Ireland Active	3,275,000
Cumann Rugbaí na hÉireann	18,200,000
Cumann Haca Oighir na hÉireann	20,000
Cumann Júdó na hÉireann	78,000
Coimisiún Ealaíona Comhraic na hÉireann	272,500
Cumann Treodóireachta na hÉireann	77,000
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	650,000
Cumann Scuaise na hÉireann	142,000
Surfáil Éireann	50,000
Cumann Tarraingt Téide na hÉireann	24,000
An Chomhairle Fo-Thuinn	105,000
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	244,000
Cumann Pheil na mBan	1,000,000
Gluaisrothaíocht Éireann	50,000

Rásaíocht Mótair Éireann	465,000
Sléibhteoireacht Éireann	180,000
Na Cluichí Pobail Náisiúnta	118,000
Cumann Oifigiúil Náisiúnta Cearáite na hÉireann	67,500
Aontas Galf Dhá Mhaide na hÉireann	49,000
Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann	41,000
Rámhaíocht Éireann	389,000
Rugbaí Sraithe	19,000
An Cumann Spóirt Sneachta	30,000
Oilimpicí Speisialta	734,000
Spóirt Mac Léinn Éireann	95,000
Cumann Snámha na hÉireann	830,000
Leadóg Éireann	950,000
An Cumann Camógaíochta	795,000
Trí-atlan Éireann	333,500
Fís-Spóirt	155,500
Cumann Eitpheile na hÉireann	71,500
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Cheatharlach	107,225
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Chabháin	118,794
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Chláir	95,276
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chorcaí	264,281
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Dhún na nGall	130,648
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chathair Bhaile Átha Cliath	369,065
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	332,925
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Fhine Gall	275,000
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Gaillimhe	166,037
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chiarraí	120,567
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Dara	73,509
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Chainnigh	62,167
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Laoise	137,370
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Liatroma	59,651
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Luimnigh	124,126
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt an Longfoirt	77,423

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú	127,247
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Mhaigh Eo	113,850
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí	179,195
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Mhuineacháin	87,419
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Uíbh Fhailí	82,996
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Ros Comáin	58,654
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Shligigh	112,377
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Bhaile Átha Cliath Theas	330,898
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Thiobraid Árann	131,038
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Phort Láirge	127,426
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na hIarmhí	77,981
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Loch Garman	70,148
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin	65,879
Iomlán	€88,498,500



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

Spórt Éireann
An Clós Cúirte
Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15
D15 PN0N

www.sportireland.ie
@sportireland